



Forbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV



Arna pháirtchistiú ag
Tionscnamh TEN-E an AE

Tuarascáil
Phleanála

2A

IMLEABHAR

AN CLÁR ÁBHAR

1	RÉAMHRÁ	1
1.1	COMHTHÉACS NA TUARASCÁLA.....	1
1.2	CUSPÓIR AGUS STRUCHTÚR NA TUARASCÁLA.....	3
1.3	TACADÓIRÍ AN IDIRNASCAIRE A BHEARTAÍTEAR	4
1.3.1	EirGrid	4
1.3.2	Oibreoir Córais Thuaisceart Éireann Teo. (SONI)	5
1.4	COMHTHÉACS NA FORBARTHA A BHEARTAÍTEAR	6
1.4.1	Togra SONI	8
1.5	AN FHORBAIRT A BHEARTAÍTEAR	10
1.6	AN GÁ ATÁ LEIS AN BHFORBAIRT A BHEARTAÍTEAR.....	13
2	CUR SÍOS AR AN BHFORBAIRT A BHEARTAÍTEAR.....	16
2.1	STAIR AGUS FORBAIRT AN TIONSCADAIL.....	16
2.1.1	Forbairt Idirnasctha 400kV na Mí-Thír Eoghain (2009-2010)	16
2.1.2	An Próiseas um Athmheasúnú (2010-2013)	16
2.1.3	An Painéal um Shaineolaithe Neamhspleácha (IEP).....	21
2.1.4	Cur chuige EirGrid i leith an Chomhairliúcháin i bhForbairt an Tionscadail.....	22
2.1.5	An Fhorbairt a Bheartaítear agus an Project Development and Consultation Roadmap (Treochlár um Fhorbairt Tionscadail agus Chomhairliúchán)	26
2.2	STAIR PHLEANÁLA ATÁ ÁBHARTHA DON FHORBAIRT A BHEARTAÍTEAR.....	27
2.2.1	Idirnascaire Thír Eoghain – an Chabháin.....	27
2.2.2	Iarratais i gCóngarach na Forbartha a Bheartaítear	27
2.2.3	Bonneagar Tarchuir atá ann cheana agus Forbairtí Ábhartha.....	31
2.2.4	Conclúid.....	34
2.3	CUR SÍOS AR AN BHFORBAIRT – CIORCAD TARCHUIR AGUS OIBREACHA FOSTÁISIÚN.....	35
2.3.1	Gnéithe den Fhorbairt a Bheartaítear	35
2.3.2	Gnéithe den Líne Lasnairde	39
2.3.3	Mionathruithe ar Línte Tarchuir 110 kV atá ann cheana	40
2.3.4	Suíomhanna Túr a Shocrú	41
2.3.5	Oibreacha laistigh de Shuíomh an Fhostáisiúin reatha	41
2.3.6	Tógáil.....	42
3	COMHTHÉACS NA REACHTAÍOCHTA.....	45
3.1	BONNEAGAR STRAITÉISEACH	45
3.2	AN RIACHTANAS A BHAINNEANN LE MEASÚNÚ OIRIÚNACHTA	46
3.3	TIONCHAR TRASTEORANN	47
3.4	LÍNÍOCHTAÍ AN IARRATAIS PHLEANÁLA.....	48
3.5	COMHAIRLIÚCHÁN RÉAMHIARRATAIS	48
3.6	TIONSCADAL LEASA CHOITINN (PCI)	50

3.7	PRÓISIS DEONAITHE CEADANNA PCI	52
3.7.1	Fógairt PCI agus Admháil	54
3.8	NÓSANNA IMEACHTA RÉAMHIARRATAIS.....	54
3.8.1	An Choincheap maidir le Rannpháirtíocht Phoiblí.....	54
3.8.2	Modhnú agus Foilsiú an Choincheapa maidir le Rannpháirtíocht Phoiblí	55
3.8.3	Raon Feidhme an Ábhair	56
3.8.4	Torthaí an Chomhairliúcháin Phoiblí	60
3.8.5	Dréacht-Chomhad Iarratais	60
4	COMHTHÉACS AN BHEARTAIS PLEANÁLA.....	62
4.1	RÉAMHRÁ	62
4.2	AN GÁ STRAITÉISEACH ATÁ LEIS AN TIONSCADAL – DLÍ AGUS BEARTAS AN AE	62
4.2.1	An Beartas Fuinnimh Eorpach	63
4.2.2	Treoracha Leictreachais an AE	66
4.2.3	Comhlíonadh Bheartas an AE.....	71
4.2.4	Seasamh na Rialtas agus na nÚdarás Rialála.....	71
4.3	COMHTHÉACS NA MBEARTAS STRAITÉISEACH – GO NÁISIÚNTA	75
4.3.1	An Straitéis Spáis Náisiúnta d’Éirinn 2002-2020.....	75
4.3.2	The Government White Paper – the Energy Policy Framework 2007-2020: Delivering a Sustainable Energy Future for Ireland (Páipéar Bán an Rialtais – Creat Beartais Fuinnimh 2007-2020: Todhchaí Inbhuanaithe Fuinnimh a Thabhairt d’Éirinn) 2007	76
4.3.3	Páipéar Uaine ar Bheartas Fuinnimh in Éirinn de chuid an Rialtais	78
4.3.4	The National Development Plan 2007-2013: Transforming Ireland – A Better Quality of Life for All and Infrastructure and Capital Investment 2012-2020 (Medium Term Exchequer Framework) (An Plean Forbartha Náisiúnta 2007- 2013: Éire a Bhunathrú chun Feabhais – Cálíocht Beatha Níos Fearr do Chách agus Bonneagar agus Infheistíocht Chaipitil 2012-2020) (Creat Meántéarmach an Stáitchiste).....	80
4.3.5	Ag Cur le Geilleagar Stuama na hÉireann – Creat um Athnuachan Eacnamaíochta Inbhuanaithe, Nollaig 2008	82
4.3.6	Government Policy Statement on the Strategic Importance of Transmission and Other Energy Infrastructure (Ráiteas Beartais an Rialtais faoin Tábhacht Straitéiseach a bhaineann le Tarchur agus Bonneagar Eile Fuinnimh) 2012....	83
4.3.7	Plean Gnímh Náisiúnta um Fhuinneamh In-athnuaite 2010	84
4.3.8	Plean Straitéiseach 2010-2015 Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI)	85
4.3.9	Straitéis d’Fhuinneamh In-athnuaite 2012-2020	86
4.3.10	Pleananna Straitéiseacha de chuid EirGrid	86
4.4	COMHTHÉACS NA MBEARTAS STRAITÉISEACH – GO RÉIGIÚNACH.....	90

4.4.1	The Border Regional Authority Planning Guidelines 2010–2022 (<i>Treoirlínte Pleanála Údarás Réigiúnach na Teorann, 2010-2022</i>).....	91
4.4.2	Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2010-2022.....	93
4.5	COMHTHÉACS NA MBEARTAS STRAITÉISEACH – GO HÁITIÚIL.....	96
4.5.1	Plean Forbartha Chontae Mhuineacháin 2013-2019	96
4.5.2	Cavan County Development Plan (Plean Forbartha Contae an Chabháin) 2014 – 2020.....	98
4.5.3	Plean Forbartha Chontae na Mí 2013-2019.....	101
5	BREITHMHEAS PLEANÁLA	106
5.1	RÉAMHRÁ	106
5.2	AN GÁ ATÁ LEIS AN bhFORBAIRT A BHEARTAÍTEAR.....	106
5.3	BREITHNIÚ AR ROGHANNA EILE.....	108
5.4	RÁITEAS TIONCHAIR TIMPEALLACHTA (EIS)	109
5.4.1	Conclúidí an EIS.....	110
5.5	ÁBHAIR EILE	115
5.5.1	Fad Scartha go hÁiteanna Cónaithe	115
5.5.2	Tionchar Féideartha ar Luachanna Réadmhaoine.....	117
5.5.3	Tionscnaimh Grid25	120
6	CONCLÚIDÍ.....	124

LIOSTA NA BHFÍORACHA

Fíor 1.1:	An Idirnascaire a Bheartaítear	7
Fíor 2.1:	Project Development and Consultation Roadmap (Treochlár um Fhorbairt Tionscadail agus Chomhairliúchán)	25
Fíor 2.2:	Feirm Ghaoithe Imleach Bheagáin a Bheartaítear i gcoibhneas leis an bhForbairt a Bheartaítear	30
Fíor 2.3:	Línte Ardvoltais Leictreachais atá ann cheana sa Limistéar Staidéir agus sa Mhórcheantar (2015).....	32
Fíor 2.4:	An Chuid den Línebhealach a Bheartaítear atá suite i Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin (CMSA).....	37
Fíor 2.5:	An Chuid den Línebhealach a Bheartaítear atá suite i Limistéar Staidéir na Mí (MSA).....	38

Fíor 2.6:	Ciorcad Nua a Chur leis feadh Thúr 402 go Túr 410 den líne lasnairde 400 kV atá ann cheana idir an tSeansráid agus Fearann na Coille i Limistéar Staidéir na Mí (MSA).....	39
Fíor 2.7:	Leagan Amach Ginearálta an Túir IVI	40
Fíor 2.8:	Gnáthoibreacha Tógála	44

LIOSTA NA DTÁBLAÍ

Tábla 1.1:	Struchtúr na gCáipéisí Iarratais	2
Tábla 2.1:	Ceadanna Pleanála ar Marthain	28
Tábla 2.2:	Tionscadail Eile Tarchuir.....	33
Tábla 3.1:	Comhairliúchán Réamhiarratais leis an mBord Pleanála	49
Tábla 3.2:	Príomhnithe a d'aithin an Bord maidir le Raon Feidhme an Ábhair agus an Leibhéal Mionsonraithe atá le cur san áireamh leis an Iarratas	57
Tábla 5.1:	Fad ó Lárlíne an Línebhealaigh go hÁiteanna Cónaithe	116
Tábla 5.2:	Fad ó Lárlíne na Mionathruithe ar na línte lasnairde 110 kV reatha go hÁiteanna Cónaithe	117

AGUISÍNÍ

Tá aguisíní in Imleabhar ar leith dar teideal **Aguisíní Imleabhar 2A**

AGUISÍN 1	Comhfhreagras do EirGrid ó Choiste an Mhargaidh Aonair Leictreachais (SEM), dar dáta an 30 Aibreán 2013
AGUISÍN 2	<i>Electricity Transmission Costing Study (Staidéar Costála Tarchuir Leictreachais) – Parsons Brinckerhoff i gcomhar le Cable Consulting International Ltd. (Eanáir 2012 agus foilsíodh errata i mí Aibreáin 2012)</i>
AGUISÍN 3	<i>Tuarascáil don Phainéal um Shaineolaithe Neamhspleácha dar dáta: 29/5/2014 & Dáta an Aguisín: 19/06/2014</i>
AGUISÍN 4	<i>Approach to the Development of Electricity Transmission Lines (Cur Chuige maidir le Línte Tarchuir Leictreachais a Fhorbairt), EirGrid (2012)</i>

- AGUISÍN 5** Dlí agus Beartas an AE [in ord croineolaíoch]
- AGUISÍN 6** *Your Grid, Your Views, Your Tomorrow - A Discussion Paper on Ireland's Grid Development Strategy (Do Líonra, Do Thuairimí, Do Thodhchaí - Páipéar Plé ar Straitéis Forbartha Líonra na hÉireann)* (EirGrid 2015) agus aguisíní gaolmhara
- AGUISÍN 7** Athbhreithniú Beartais ar Phleananna Forbartha Contae
- AGUISÍN 8** Tagairtí Taighde – Bonneagar Líne Ardvoltais Lasnairde agus Luachanna Réadmhaoine

1 RÉAMHRÁ

1.1 COMHTHÉACS NA TUARASCÁLA

- 1 Ullmhaíodh an tuarascáil phleanála seo chun gabháil le hiarratas ar fhorpheas pleanála atá á dhéanamh ag EirGrid cpt (dá dtagraítear EirGrid anseo feasta) chuig an mBord Pleanála (an Bord) le haghaidh na coda sin den tionscadal idirnasctha iomlán (ar a dtugtar ‘an t-idirnascaire a bheartaítear’) atá suite in Éirinn (i.e. i gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin agus i gContae na Mí). Is é ‘an Fhorbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV’ nó ‘an fhorbairt a bheartaítear’ teideal an iarratais chun críche an iarratais seo ar fhorpheas pleanála.
- 2 Cuimsíonn na cáipéisí iarratais na cáipéisí seo a leanas: Sonraí Reachtúla (**Imleabhar 1**), an Tuarascáil Phleanála seo (**Imleabhar 2A**), Tuarascáil ar an gComhairliúchán leis an bPobal agus le hÚinéirí Talún (**Imleabhar 2B**), Ráiteas Tionchair Timpeallachta (EIS) ina bhfuil imleabhair éagsúla (**Imleabhar 3**), Comhthuarascáil Chomhshaoil arna hullmhú ag an Oibreoir Córais le haghaidh Thuaisceart Éireann (SONI) agus EirGrid (na hiarratasóirí faoi seach) ¹ i leith an idirnascaire iomláin a bheartaítear (**Imleabhar 4**) agus Ráiteas Tionchair Natura (**Imleabhar 5**). Déantar achoimre ar struchtúr na gcáipéisí iarratais i d**Tábla 1.1**.

¹ Northern Ireland Electricity (Leictreachas Thuaisceart Éireann) (NIE) a thug faoi phleanáil na coda sin den idirnascaire a bheartaítear i dTuaisceart Éireann a chéadúair. Bhí NIE faoi oibleagáid ag an gCoimisiún Eorpach, áfach, an fheidhm pleanála infheistíochta a bhí acu (an ‘Fheidhm Pleanála’) a aistriú chuig SONI. Leasaíodh ceadúnas oibreora córas tarchuir SONI (an ‘Ceadúnas’) an 28 Márta 2014 le go mbeadh aistriú na Feidhme Pleanála sin san áireamh ann tar éis d’Údarás Thuaisceart Éireann um Rialáil Fónas (NIAUR) próiseas comhairliúcháin a dhéanamh. Tháinig na leasuithe Ceadúnais i bhfeidhm an 30 Aibreán 2014. Dá réir sin, tá an fhreagracht maidir le hiarratas pleanála i leith an idirnascaire a bheartaítear i dTuaisceart Éireann aistrithe ó NIE go SONI.

Tábla 1.1: Struchtúr na gCáipéisí Iarratais

Imleabhar		Sonraí
Imleabhar 1	Imleabhar 1A	Sonraí Reachtúla
	Imleabhar 1B	Línióchtaí Pleanála
Imleabhar 2	Imleabhar 2A	Tuarascáil Pleanála (an tuarascáil seo) Aguisíní Gaolmhara
	Imleabhar 2B	Tuarascáil ar an gComhairliúchán leis an bPobal agus le hÚinéirí Talún Aguisíní Gaolmhara
Imleabhar 3	Ráiteas Tionchair Timpeallachta	
	Imleabhar 3A	Achoimre Neamhtheicniúil
	Imleabhar 3B	Caibidlí Coiteanna (Limistéar Staidéir an Chabháin-Mhuineacháin [CMSA] agus Limistéar Staidéir na Mí [MSA]) Aguisíní Gaolmhara Fíoracha Gaolmhara Ábhar Tagartha
	Imleabhar 3C	Limistéar Staidéir an Chabháin-Mhuineacháin (CMSA) Aguisíní Gaolmhara Fíoracha Gaolmhara
	Imleabhar 3D	Limistéar Staidéir na Mí (MSA) Aguisíní Gaolmhara Fíoracha Gaolmhara
Imleabhar 4		Comhthuarascáil Chomhshaoil Aguisíní Gaolmhara
Imleabhar 5		Ráiteas Tionchair Natura

1.2 CUSPÓIR AGUS STRUCHTÚR NA TUARASCÁLA

3 Is é cuspóir na tuarascála pleanála seo ná cur i láthair a dhéanamh, mar achoimre, ar na saincheisteanna pleanála a bhaineann leis an bhforbairt a bheartaítear; tá sí beartaithe chun cabhrú leis an mBord a chinneadh cé acu atá, nó nach bhfuil, an fhorbairt a bheartaítear i gcomhréir leis na prionsabail um pleanáil chuí agus um fhorbairt inbhuanaithe, agus, dá réir sin, cé acu ba cheart, nó nár cheart, formheas pleanála a dheonú le haghaidh na forbartha a bheartaítear.

4 Is mar seo a leanas atá struchtúr na tuarascála pleanála seo:

- **Caibidil 1: Réamhrá** – comhthéacs, cuspóir agus struchtúr na tuarascála, sonraí an iarratasóra, an gá leis an tionscadal agus cur síos achoimre ar an togra;
- **Caibidil 2: Cur Síos ar an bhForbairt a Bheartaítear** – forbairt an tionscadail; stair phleanála agus cur síos ar an línebhealach; breac-chuntas ar na gnéithe den líne lasnairde (OHL), oibreacha ar Fhostáisiún Fhearann na Coille atá ann cheana agus oibreacha a bhaineann leis an tógáil (lena n-áirítear an clós stórála sealadach le haghaidh ábhar tógála), gnéithe coimhdeacha agus an mhodheolaíocht tógála;
- **Caibidil 3: Comhthéacs na Reachtaíochta** – Forbairt Bonneagair Straitéisigh (SID), próiseas na Measúnachta Tionchair Timpeallachta (EIA), próiseas an Mheasúnaithe Oiriúnachta (AA), Tionscadal Leasa Choitinn (PCI), saincheisteanna trasteorann agus ábhair a bhaineann leis an iarratas;
- **Caibidil 4: Comhthéacs an Bheartais Pleanála** – treoircháipéisí Eorpacha, náisiúnta, réigiúnacha, áitiúla agus pleanála;
- **Caibidil 5: Breithmheas Pleanála** – measúnú ar an bhforbairt a bheartaítear, agus aird ar bheartais pleanála agus ar chuspóirí pleanála, i measc nithe eile; agus
- **Caibidil 6: Conclúidí.**

1.3 TACADÓIRÍ AN IDIRNASCAIRE A BHEARTAÍTEAR

1.3.1 EirGrid

- 5 Cuireadh tús le léirscaoileadh na hearnála leictreachais tar éis *an tAcht um Rialáil Leictreachais, 1999* ('Acht 1999') a achtú agus a chur i bhfeidhm². Brúdh an léirscaoileadh sin chun cinn den chuid is mó le Treoracha na hEorpa – go háirithe Treoracha 96/92/CE,³ 2003/54/CE agus 2009/72/CE.⁴ Le hAcht 1999, bunaíodh an Coimisiún Rialála Fuinnimh (an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh [CER]) mar an rialtóir neamhspleách ar an tionscal leictreachais in Éirinn. Bhain léirscaoileadh an tionscail leictreachais le feidhmeanna éagsúla a cuimsíodh i mBord Soláthair an Leictreachais (BSL) tráth a scaradh nó a "dhíchuachadh". Aistríodh feidhm an Oibreora Córais Tarchuir (TSO) chuig EirGrid cpt⁵ (EirGrid), agus aistríodh feidhm an Oibreora Córais Dáilte chuig Gréasáin BSL Tta (ESBNL). Úinéir an Chórais Tarchuir (TAO) is ea BSL⁶. An 29 Meitheamh 2006, d'eisigh an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh Ceadúnas TSO do EirGrid de bhun Alt 14(1)(e) d'Acht 1999, arna chur isteach ag Rialachán 32 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (An Margadh Inmheánach sa Leictreachas), 2000, I.R. Uimh. 445/2000 ('Rialachán 2000'). Dá bhrí sin, ón 1 Iúil 2006 ar aghaidh, ghlac EirGrid le ról an TSO.
- 6 Foráiltear i Rialachán 8(1)(a) de I.R. Uimh. 445/2000 go bhfuil feidhm reachtúil eisiach ag EirGrid, mar Oibreoir Córais Tarchurtha:

"Córas tarchurtha leictreachais atá sábháilte, daingean, iontaofa, barainneach agus éifeachtach a oibriú agus a chinntiú go ndéantar é a chothabháil agus, más gá, forbairt a dhéanamh air, agus deiseanna maidir le hidirnascadh a chórais le córais eile a fhiosrú agus a fhorbairt, d'fhonn a chinntiú go bhfreastalaítear ar gach éileamh réasúnach ar leictreachas ag féachaint go cuí don chomhshaol i ngach cás".

² Tháinig *an tAcht um Rialáil Leictreachais, 1999*, i bhfeidhm i mí Feabhra 2000.

³ Ar na bearta a achtaíodh / a ritheadh chun éifeacht a thabhairt don treoir sin, bhí *Acht 1999 agus na Rialacháin Eorpacha (An Margadh Inmheánach sa Leictreachas), 2000*; *na Rialacháin Eorpacha (An Margadh Inmheánach sa Leictreachas) (Leasú), 2002*; *na Rialacháin Eorpacha (An Margadh Inmheánach sa Leictreachas) (Leasú), 2003*.

⁴ Ar na bearta a achtaíodh / a ritheadh chun éifeacht a thabhairt don treoir sin, bhí *na Rialacháin Eorpacha (An Margadh Inmheánach sa Leictreachas), 2005*; *na Rialacháin Eorpacha (An Margadh Inmheánach sa Leictreachas), 2006*; *na Rialacháin Eorpacha (An Margadh Inmheánach sa Leictreachas) (Bord Soláthair an Leictreachais), 2008*.

⁵ Cuideachta phoiblí theoranta is ea EirGrid a bunaíodh de bhun Rialachán 34 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (An Margadh Inmheánach sa Leictreachas), 2000 (I.R. Uimh. 445/2000) agus is é an tOibreoir Córais Tarchuir ceadúnaithe d'Éirinn é faoi bhun Alt 14 den Acht um Rialáil Leictreachais, 1999.

⁶ Is é BSL Úinéir an Chórais Tarchuir (TAO) atá ceadúnaithe d'Éirinn de bhun Alt 14 den Acht um Rialáil Leictreachais, 1999.

- 7 Oibríonn agus forbraíonn EirGrid córas náisiúnta cumhachta na heangaí leictreachais, rud a chuireann seirbhísí ar fáil do gach úsáideoir de chuid an chórais tarchuir leictreachais⁷. Áirítear leis seo gach gineadóir, soláthraí, agus custaiméir ardvoltais. Fochuideachta atá ar lánúinéireacht ag EirGrid is ea SONI Teoranta (SONI), an tOibreoir Córais le haghaidh Thuaisceart Éireann. Is é SONI an t-iarratasóir ar chead pleanála don chuid sin den idirnascaire a bheartaítear laistigh de Thuaisceart Éireann (feic **Rannán 1.3.2** agus **Rannán 1.4.1**). Is é an tOibreoir Margaidh Aonair Leictreachais (SEMO) an t-oibreoir margaidh do chóras mórdhíola trádála leictreachais an uile-oileáin. Comhfhiontar idir EirGrid agus SONI is ea SEMO.
- 8 Is é BSL, ar corparáid reachtúil é, an TAO atá ceadúnaithe in Éirinn. Is le BSL an córas tarchuir agus tá BSL freagrach as é a thógáil de réir phlean forbartha EirGrid agus tá sé freagrach freisin as cothabháil a dhéanamh air. Is ar EirGrid amháin, áfach, atá an fhreagracht as iarratais a dhéanamh chuig an mBord (nó chuig an Údarás Pleanála ábhartha) ar fhorbairt pleanála.
- 9 Is ina cháil mar TSO atá EirGrid ag beartú an chuid sin den idirnascaire a bheartaítear atá suite in Éirinn a fhorbairt (feic **Rannán 1.5** agus **Rannán 2.3.1**).

1.3.2 Oibreoir Córais Thuaisceart Éireann Teo. (SONI)

- 10 Northern Ireland Electricity (*Leictreachas Thuaisceart Éireann*) (NIE) a thug faoi phleanáil na coda sin den idirnascaire a bheartaítear i dTuaisceart Éireann a chéadúair. Bhí NIE faoi oibleagáid ag an gCoimisiún Eorpach⁸, áfach, an fheidhm pleanála infheistíochta a bhí acu (an ‘Fheidhm Pleanála’) a aistriú chuig SONI. Leasaíodh ceadúnas oibreora córas tarchuir SONI (an “Ceadúnas”) an 28 Márta 2014 le go mbeadh aistriú na Feidhme Pleanála sin san áireamh ann tar éis d’Údarás Thuaisceart Éireann um Rialáil Fóntas (NIAUR) próiseas comhairliúcháin a dhéanamh. Tháinig na leasuithe Ceadúnais i bhfeidhm an 30 Aibreán 2014. Dá réir sin, tá an fhreagracht maidir le hiarratas pleanála i leith an idirnascaire a bheartaítear i dTuaisceart Éireann aistrithe ó NIE go SONI.
- 11 Tar éis aistriú a Fheidhme Pleanála go SONI, beidh freagracht ar NIE fós as tógáil, úinéireacht agus cothabháil an chórais tarchuir i dTuaisceart Éireann. Faoi réir toilithe pleanála a fháil don idirnascaire a bheartaítear i dTuaisceart Éireann, beidh NIE freagrach as a thógáil, de réir na dtoilithe luaite.



⁷Go bunúsach, tagraíonn an gréasán tarchuir don eangach voltais níos airde 400 kV, 220 kV agus an 110 kV. Forbraítear an gréasán dáileacháin voltais níos ísle go príomha mar bhonneagar 38 kV, 20 kV nó 10 kV.

⁸De réir Chinneadh an Choimisiúin Eorpaigh an 12 Aibreán 2013 a rinneadh de bhun Airteagal 3(1) de Rialachán (CE) Uimh. 714/2009 agus Airteagal 10(6) de Threoir 2009/72/CE – an Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann) – SONI/NIE.

- 12 Chun amhras a sheachaint ina leith sin, ba cheart aon tagairt do NIE i bpleananna agus i sonraí an iarratais seo ar cheadú maidir leis an idirnascaire a bheartaítear a thuiscint anois mar thagairt do SONI i ndáil leis na feidhmeanna nua atá aige. Áirítear leis na feidhmeanna sin an t-iarratas pleanála a shaothrú i dtaca leis an idirnascaire a bheartaítear i dTuaisceart Éireann. Mar sin féin, is le gníomhartha a rinne NIE sular aistríodh an Fheidhm Pleanála chuig SONI a bhaineann tagairtí áirithe do NIE i sonraí an iarratais. Áirítear leis na tagairtí sin cáipéisí áirithe a d'ullmhaigh NIE don iarratas atá ann faoi láthair ar thoilíú forbartha don chuid sin den idirnascaire a bheartaítear atá suite laistigh de Thuaisceart Éireann. Níl na tagairtí teoranta do na cáipéisí sin, áfach.

1.4 COMHTHÉACS NA FORBARTHA A BHEARTAÍTEAR

- 13 Is é atá san idirnascaire a bheartaítear ná ciorcad OHL 400 kV a nascann an fostáisiún 400 kV atá ann cheana i bhFearann na Coille, Contae na Mí le fostáisiún beartaithe in Turleenan, Contae Thír Eoghain; déanfaidh sí an dara hidirnascaire ardchumais leictreachais a chur ar fáil idir Éire agus Tuaisceart Éireann. Nascann an t-idirnascaire reatha, ar OHL lena mbaineann ciorcad dúbailte 275 kV é, na fostáisiúin atá ann cheana i dTóin re Gaoith agus i Lú le chéile. Tá sé beartaithe go dtrasnóidh an t-idirnascaire a bheartaítear Contae Thír Eoghain, Contae Ard Mhacha, Contae Mhuineacháin, Contae an Chabháin agus Contae na Mí (feic **Fíor 1.1**).



Fíor 1.1: An tIdirnascaire a Bheartaítear

- 14 Mar gheall ar a láthair in dhá dhlínse, is é atá san idirnascaire a bheartaítear ná dhá thionscadal ghaolmhara agus chomhlántacha, mar seo a leanas:
- 1) Togra SONI le haghaidh na coda sin den tionscadal idirnasctha iomlán atá suite i dTuaisceart Éireann; agus
 - 2) Togra EirGrid le haghaidh na coda sin den tionscadal idirnasctha iomlán atá suite in Éirinn (i.e. i gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin agus i gContae na Mí), arb é ábhar an iarratais seo ar fhorghéas phleanála é arna chur isteach chuig an mBord.
- 15 Toisc go dtrasnaíonn an t-idirnascaire a bheartaítear teorainn dlínse, ceanglaítear ar an tionscadal a bheith scartha de réir a ghnéithe dlínse ar mhaithe le toiliú forbartha a fháil. Chuige sin, tá iarratais ar leith ar thoiliú forbartha na ngnéithe sin den idirnascaire a bheartaítear in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, curtha isteach ag na hiarratasóirí faoi seach chuig na húdaráis inniúla lena mbaineann sa dá dhlínse. Tá Ráiteas Tionchair Timpeallachta (EIS) agus Ráiteas Timpeallachta (ES) faoi seach ag gabháil leis an iarratas i ngach dlínse⁹ a ullmhaíodh de réir cheanglais Threoir an EIA¹⁰ agus na reachtaíochta agus na dtreoirilínte náisiúnta infheidhmithe faoi seach.
- 16 I **gCaibidil 2**, déantar cur síos ar fhorás na n-iarratas phleanála ábhartha don dá ghné dhlínse seo den idirnascaire a bheartaítear.

1.4.1 Togra SONI

- 17 I mí na Nollag 2009, cuireadh isteach iarratas chuig Seirbhís Pleanála Thuaisceart Éireann don chuid sin den idirnascaire a bheartaítear atá suite i dTuaisceart Éireann (Tag. O/2009/0792/F). Cuireadh an t-iarratas sin isteach i dteannta Ráiteas Timpeallachta (ES).
- 18 I mí Lúnasa 2010, chuir Aire Comhshaoil Thuaisceart Éireann an togra sin faoi bhráid an Choimisiúin um Achomhairc Phleanála le haghaidh fiosrúchán poiblí. Ina dhiaidh sin, iarradh tuilleadh faisnéise maidir leis an iarratas. Chuir NIE aguisíní leis an Ráiteas Timpeallachta isteach i mí Eanáir 2011 agus i mí Dheireadh Fómhair 2011. Cuireadh tús leis an bhfiosrúchán poiblí i mí an Mhárta 2012 agus, amhail dáta an iarratais seo, tá sé ar atráth. Rinne an Coimisiún um Achomhairc Phleanála roinnt iarratas ag an bhfiosrúchán poiblí ar fhaisnéis bhreise maidir leis an iarratas. Agus an fiosrúchán poiblí á chur ar atráth, d'iarr an

⁹ Ba é Northern Ireland Electricity (Leictreachas Thuaisceart Éireann) (NIE) a chuir isteach an Ráiteas Timpeallachta a cuireadh isteach i dTuaisceart Éireann in 2013. Chun críocha na tuarascála seo, tabharfar an 'Ráiteas Timpeallachta comhdhlúite' nó an 'ES comhdhlúite' air.

¹⁰Treoir 2011/92/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú ar thionchar tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe maidir leis an gcomhshaoil (códú).

Coimisiún um Achomhairc Phleanála go n-ullmhófaí Ráiteas Timpeallachta comhdhlúite. Rinneadh an dara hiarratas ar chead pleanála a chur isteach i mí na Bealtaine 2013 le haghaidh oibreacha a bhaineann le tógáil an phríomhbhonneagair faoi iarratas 2009 (Tag. 0/2013/0214/F). Cuireadh Ráiteas Timpeallachta comhdhlúite isteach ina dhiaidh sin i mí an Mheithimh 2013. Déantar measúnú i Ráiteas Timpeallachta comhdhlúite 2013 ar thionchar timpeallachta na n-oibreacha príomhbhonneagair faoi iarratas 2009 agus na n-oibreacha gaolmhara faoi iarratas 2013 araon. Chuir SONI aguisín leis an Ráiteas Timpeallachta comhdhlúite isteach i mí an Mheithimh 2015. Tá an Ráiteas Timpeallachta comhdhlúite agus aguisín an Ráitis Timpeallachta chomhdhlúite san áireamh mar Aguisín C agus mar Aguisín D leis an *gComhthuarascáil Chomhshaoil* ina bhfuil **Imleabhar 4** de na cáipéisí iarratais.

19 Déantar achoimre thíos ar an togra, rud a chuimsíonn an chuid sin den idirnascaire a bheartaítear atá suite i gContae Thír Eoghain agus i gContae Ard Mhacha, agus SONI mar iarratasóir leis anois:

- Tógáil agus oibriú fostáisiúin (foinse) nua 275 kV / 400 kV ag baile fearainn Turleenan, soir ó thuaidh ón Maigh, Contae Thír Eoghain.
- Tógáil agus oibriú dhá thúr teirminéil 275 kV chun nascadh Fhostáisiún Turleenan le OHL 275 kV NIE atá ann cheana agus baint túr 275 kV amháin atá ann cheana a éascú;
- Tógáil agus oibriú líne tharchuir lasnairde 400 kV de chiorcad singil a dtacaíonn 102 túr leis ar feadh fad 34.1 km ón bhfostáisiún foinse (ag Turleenan) go dtí an teorainn mar a nascfaidh sí le gréasán BSL a bheidh ann amach anseo. Leanfar ar aghaidh leis an OHL isteach i bPoblacht na hÉireann agus cuirfidh EirGrid láithriú na dtúr breise uile laistigh den dlínse sin chun cinn. Mar thoradh ar chineál lúbach na teorann, rachaidh an OHL thar roinnt talún laistigh de bhaile fearainn na Croise Báine i dTuaisceart Éireann ar feadh fad gearr de 0.2 km.
- Áireofar le hoibreacha gaolmhara leibhéaladh suímh, oibreacha chun an suíomh a réiteach, mionathrú ar phointí rochtana atá ann cheana, pointí rochtana nua a thógáil, lánaí rochtana nua a thógáil, limistéir oibre a thógáil, limistéir sreangaithe, gardáil, fálú teorainn an tsuímh agus oibreacha gaolmhara maolaithe. Cruthú rianta rochtana agus oibreacha gaolmhara eile ag an bhfostáisiún agus ag láithreacha na dtúr.

1.5 AN FHORBAIRT A BHEARTAÍTEAR

- 20 Cuimsíonn an forbairt a bheartaítear an chuid sin den idirnascaire a bheartaítear atá in Éirinn i gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin agus i gContae na Mí. Déantar cur síos mionsonraithe uirthi i **Rannán 2.3** den tuarascáil phleanála seo agus i gCaibidlí 6 agus 7 d'**Imleabhar 3B** den EIS.
- 21 Beidh an forbairt a bheartaítear thart ar 103.35 km ar fad agus beidh na príomhghnéithe seo a leanas i gceist léi:
- i. Líne tharchuir lasnairde 400 kV nua ciorcaid shingil (a chlúdóidh thart ar 100.5 km ar fad i gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin agus i gContae na Mí) a shínfidh ó dheas den chuid is mó ag an teorainn dlínse le Tuaisceart Éireann (idir baile fearainn Doohat nó Crossreagh, Contae Ard Mhacha, agus baile fearainn na Léime Giorra, Contae Mhuineacháin) go baile fearainn Bogganstown (Toghroinn Chúil Mhaoilín), Contae na Mí. Ina theannta sin, trasnaíonn an líne tharchuir a bheartaítear an teorainn dlínse le Tuaisceart Éireann in dhá áit – ó bhaile fearainn na Léime Giorra, Contae Mhuineacháin, isteach i mbaile fearainn na Croise Báine, Contae Ard Mhacha, agus ar ais go baile fearainn na Léime Giorra, Contae Mhuineacháin. Cuimseoidh an líne tharchuir sin 299 struchtúr tacaíochta cruach laitíse nua (atá idir thart ar 26 m agus 51 m os cionn leibhéal na talún), mar aon leis na seoltóirí, na hinslitheoirí agus gairis eile lena mbaineann.
 - ii. Is gá mionathruithe a dhéanamh ar thrí líne lasnairde 110 kV reatha. I measc na mionathruithe, cuirfear sraitheanna cuailí breise isteach agus / nó cuirfear sraitheanna cuailí níos ísle (idir 11.5 m agus 19 m ar airde os cionn leibhéal na talún) in ionad struchtúir reatha sna láithreacha seo a leanas:
 - In áiteanna a dtrasnaíonn an líne tharchuir lasnairde 400 kV a bheartaítear líne tharchuir 110 kV Lisdrum-Lú i nDroim Rúisc, Contae Mhuineacháin.
 - In áiteanna a dtrasnaíonn an líne tharchuir lasnairde 400 kV a bheartaítear líne tharchuir 110 kV Lú-Rathrussan i gCorr an Fheannta agus sa Chorr Bhán, Contae Mhuineacháin.
 - In áiteanna a dtrasnaíonn an líne tharchuir lasnairde 400 kV a bheartaítear líne tharchuir 110 kV Ármhach-na hUaimhe i nDiméin Bhaile Ghib agus Tailtín, Contae na Mí.
 - iii. Ciorcad 400 kV nua a shínfidh thart ar 2.85 km feadh an taoibh thuaidh nach bhfuil á úsáid faoi láthair den líne tharchuir 400 kV atá ann cheana idir an tSeansráid agus Fearann na Coille, a shínfear soir ó bhaile fearainn Bogganstown (Toghroinn Chúil Mhaoilín) a fhad le Fostáisiún Fhearann na Coille 400 kV de chuid BSL atá ann cheana

i mbaile fearainn Fhearann na Coille, Contae na Mí. Na struchtúir thacaíochta cruach laitíse chiorcaid dhúbailte atá feadh na líne sin atá ann cheana, tá siad éagsúil ó thaobh airde de, ó thart ar 52 m go 61 m os cionn leibhéal na talún.

- iv. Oibreacha gaolmhara ar shuíomh atá thart ar 0.544 ha ar achar laistigh d'Fhostáisiún Fhearann na Coille 400 kV de chuid BSL atá ann cheana agus fórchógarach dó i mbaile fearainn Fhearann na Coille, Contae na Mí, lena n-áirítear: síneadh an bhábhúin atá ann cheana siar (thart ar 0.231 ha), lena n-áirítear mionathruithe gaolmhara ar an gcláí pailise 2.6 m ar airde atá ann cheana; trealamh leictreach agus gaireas leictreach a chur leis, lena n-áirítear scoradán ciorcaid, claochladáin srutha, claochladáin phoitéinsil ionduchtacha, dínascáirí, lasca dínasctha pantagraif, coscairí borrrtha, inslitheoirí tacaíochta agus barraí inslitheora tacaíochta (a bheidh idir thart ar 7.4 m agus 13.7 m ar airde); struchtúir dhroichid (thart ar 28 m); aeróg aonpholach thíntrí (thart ar 28 m) agus na hoibreacha gaolmhara agus coimhdeacha tógála agus forbartha suímh uile.
- v. Clós stórála sealadach gaolmhar le haghaidh ábhar tógála a bheidh suite i mbailte fearainn Mhuinilte Dubh agus Mhuinilte Bán, Carraig Mhachaire Rois, Contae Mhuineacháin, ar láithreán atá thart ar 1.4 ha ar achar, lena n-áirítear oibreacha gaolmhara suímh, bealach isteach nua chuig an láithreán ar Bhóthar Áitiúil an L4700, fálú gaolmhar pailise teorann a bheidh 2.6 m ar airde (agus bacainn torainn air) agus áiseanna gaolmhara coimhdeacha agus spásanna gaolmhara coimhdeacha páirceála don fhoireann.
- vi. An fhorbairt ghaolmhar agus oibreacha coimhdeacha ar fad lena n-áirítear oibreacha buana agus sealadacha tógála agus tochailte.

22 Is gá measúnú a dhéanamh ar an bhforbairt a bheartaítear laistigh de Ráiteas Tionchair Timpeallachta aonair, ach, mar gheall ar mhéid gheografach iomlán na forbartha líní sin agus stair an tionscadail, meastar é a bheith iomchuí an mheasúnacht sin a chur i láthair ina dhá cuid den EIS aonair (feic **Imleabhar 3** de na cáipéisí iarratais). Éascóidh an cur chuige sin athbhreithniú an phobail lena mbaineann agus páirtithe eile ar an gcuid sin den tionscadal is mó tábhacht dóibh, in áit an fhaisnéis sin a lorg mar chuid de limistéar staidéir atá i bhfad níos mó. Is iad seo an dá limistéar staidéir:

- **Limistéar Staidéir an Chabháin-Mhuineacháin (CMSA):** ar ar tugadh an Limistéar Staidéir Trasteorann (CBSA) roimhe seo san iarratas ar fhorbairt phleanála le haghaidh Forbairt Idirnasctha 400 kV na Mí-Thír Eoghain (feic **rannán 2.1** le haghaidh sonraí faoi stair agus forbairt an tionscadail). Tá Limistéar Staidéir an Chabháin-Mhuineacháin suite go príomha idir an teorann dlínse le Tuaisceart Éireann ó thuaidh agus limistéar líne lasnairde 220 kV Choillín an Triain-Lú atá ann cheana (siar ó Dhún an Rí, Contae an Chabháin) ó dheas.

- **Limistéar Staidéir na Mí (MSA):** ar ar tugadh Limistéar Staidéir an Oirthuaiscirt (NESA) roimhe seo san iarratas ar fhormheas Fhorbairt Idirnasctha 400 kV na Mí-Thír Eoghain (feic **rannán 2.1** le haghaidh sonraí faoi stair agus forbairt an tionscadail). Tá Limistéar Staidéir na Mí suite ar ais ó thuaidh-ó dheas den chuid is mó idir limistéar líne lasnairde 220 kV Choillín an Triain-Lú (siar ó Dhún an Rí, Contae an Chabháin) ó thuaidh agus Fostáisiún 400 kV Fhearann na Coille atá ann cheana i gContae na Mí ó dheas.

23 Cuimsíonn an fhorbairt a bheartaítear agus atá suite laistigh den dá limistéar staidéir sin na nithe seo a leanas:

- **CMSA – An Líne Nua 400 kV:** Is é a chuimsítear san fhorbairt a bheartaítear i Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin ciorcad tarchuir lasnairde 400 kV de chiorcad singil lena dtacaíonn 134 túr (Túr 103 go Túr 236) a shíneann ó dheas den chuid is mó ón teorainn dlínse le Tuaisceart Éireann (idir baile fearainn Doohat nó Crossreagh, Contae Ard Mhacha, agus baile fearainn na Léime Giorra, Contae Mhuineacháin) go baile fearainn Clonturkan, Contae an Chabháin, feadh achair de thart ar 46 km. Áirítear léi tailte a thrasnaíonn an seoltóir ón teorainn dlínse go Túr 103, agus ó Thúr 103 go Túr 236 go huile agus tailte a thrasnaíonn an seoltóir ó Thúr 236 go Túr 237 (an chéad túr sa chuid den fhorbairt a bheartaítear atá suite i Limistéar Staidéir na Mí).¹¹ Áirítear leis freisin mionathruithe ar línte lasnairde 110 kV reatha agus na hoibreacha forbartha gaolmhara agus coimhdeacha ar fad lena n-áirítear oibreacha buana agus sealadacha tógála agus tochailte.

Áirítear leis an bhforbairt a bheartaítear freisin clós stórála sealadach gaolmhar le haghaidh ábhair thógála a bheidh suite ar shuíomh atá thart ar 1.4 ha ar achar i mbaile fearainn Mhuinilte Dubh agus Mhuinilte Bán, Carraig Mhachaire Rois, Contae Mhuineacháin.

MSA – Líne 400 kV Nua agus Reatha: Is éard atá san fhorbairt a bheartaítear i Limistéar Staidéir na Mí (MSA) ciorcad tarchuir lasnairde 400 kV de chiorcad singil lena dtacaíonn 165 túr nua (Túr 237 go Túr 401) a shínfidh thart ar 54.5 km idir Túr 237 i mbaile fearainn Clonturkan i gContae an Chabháin agus Túr 402 (túr ciorcaid dhúbailte atá ann cheana féin ar an líne tarchuir 400 kV idir an tSeansráid agus Fearann na Coille) i mbaile fearainn Bogganstown (Toghroinn Chúil Mhaoilín), Contae na Mí.

¹¹ Idir Túr 106 agus 107 trasnaíonn an líne tarchuir a bheartaítear an teorainn dlínse le Tuaisceart Éireann in dhá áit – ó bhaile fearainn na Léime Giorra, Contae Mhuineacháin, isteach i mbaile fearainn na Croise Báine, Contae Ard Mhacha, agus ar ais go baile fearainn na Léime Giorra, Contae Mhuineacháin. Mar thoradh air sin, téann cuid den bhealach idir Túr 106 agus Túr 107 thar Thuaisceart Éireann. Tá an chuid sin mar chuid de thogra SONI.

Áirítear leis freisin mionathruithe ar líne lasnairde 110 kV reatha agus na hoibreacha forbartha gaolmhara agus coimhdeacha ar fad lena n-áirítear oibreacha buana agus sealadacha tógála agus tochailte.

Tá ciorcad nua 400 kV i gceist leis an bhforbairt a bheartaítear freisin a shínfídh 2.85 km feadh an taoibh (thuaidh) nach bhfuil á úsáid faoi láthair den líne tharchuir lasnairde 400 kV de chiorcad dúbailte atá ann cheana féin (an líne tharchuir 400 kV idir an tSeansráid agus Fearann na Coille) soir ó Thúr 402 i mbaile fearainn Bogganstown (Toghroinn Chúil Mhaoilín) i gContae na Mí a fhad le Túr 410 agus Fostáisiún Fhearann na Coille i mbaile fearainn Fhearann na Coille, Contae na Mí.

Cuireann sé san áireamh freisin síneadh le Fostáisiún Fhearann na Coille de chuid BSL atá ann cheana, i mbaile fearainn Fhearann na Coille, Contae na Mí, agus oibreacha laistigh den fhostáisiún sin.

1.6 AN GÁ ATÁ LEIS AN BHFORBAIRT A BHEARTAÍTEAR

- 24 Déantar achoimre thíos ar an ngá leis an tionscadal agus ar thairbhí an tionscadail. Déantar iad a mhíniú go mion i gCaibidil 2, **Imleabhar 3B** den EIS. Chomh maith leis sin, cuirtear tuarascáil a d'ullmhaigh EirGrid agus SONI, *The Need for a Second North-South Electricity Interconnector (An Gá atá leis an Dara Idirnascaire Leictreachais Thuaidh-Theas)* (2015), san áireamh mar Aguisín 2.1, **Aguisíní Imleabhar 3B**, den EIS.
- 25 Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil an t-idirnascaire a bheartaítear sainithe mar Thionscadal Leasa Choitinn (PCI) Eorpach. Pléitear é sin ar leithligh i **gCaibidil 3** den tuarascáil phleanála seo.
- 26 Tá oibleagáid ar na hiarratasóirí faoi seach córais tarchuir an dá dhlínse a dhearadh le gur féidir leo dul i ngleic le cailleadh idirnasctha tobann agus gan choinne ag gach tráth. Agus aird ar an bhfíric nach bhfuil ach idirnascaire ardchumais amháin ar oileán na hÉireann faoi láthair, tá baol ann go bhféadfadh imeacht singil – cosúil le buille tintrí, díobháil de thimpiste nó d'aon turas do struchtúr túir, tine i gceann de na pointí críochnaithe, nó mífheidhmiú na scéimeanna casta um chosaint córais chumhachta – a bheith ina chúis le tuisliú an idirnascaire chiorcaid dhúbailte 275 kV reatha idir Lú agus Tóin re Gaoith. I gcás dá shamhail, ghearrfaí an t-idirnascaid idir córais tarchuir na hÉireann agus Thuaisceart Éireann go hiomlán. Sa chás seo, d'fhillfeadh na córais tarchuir in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann ar fheidhmiú go neamhspleách ar a chéile – tugtar scaradh córais air sin. D'fhéadadh cailleadh lóid i gcóras amháin nó sa dá chóras a bheith ina thoradh air seo, de dheasca nach féidir le haistriú cumhachta agus le comhthacaíocht tarlú. Ag brath ar shreabhadh idirnascaire réamhscartha, bheadh farasbarr giniúna i gcóras amháin agus easnamh sa chóras eile mar thoradh ar scaradh córais. D'fhéadfadh go mbeadh ar an gcóras ag a bhfuil

- easnamh custaiméirí ar éileamh a dhínascadh; d'fhéadfadh go mbeadh deacrachtaí ag an gcóras ag a bhfuil an farasbarr le minicíocht an chórais a chobhsú. Mura gcuirtear éagothroime den saghas sin ina ceart tapa a dhóthain, thiocfadh leis an gcóras cliseadh.
- 27 Níor mhór go mbeadh an dá chóras in ann déileáil leis an teagmhas seo agus leagann sé seo srian ar an aistriú cumhachta ar a bhfuil na córais in ann freastal leis an idirnascaire a bheartaítear; go hachomair, is srianadh ar úsáid an idirnascaire atá ann cheana é. Is é an toradh atá air sin ná nach féidir an t-idirnascaire atá ann cheana a úsáid de réir mhéid iomlán a chumais.
- 28 Beidh an dara hidirnascaire a bheartaítear ina chabhair chun an baol seo a réiteach, cionn is go soláthrófar sreabhadh cumhachta ar leith leis nach mbaineann leis an idirnascaire atá ann cheana féin. Laghdóidh an dara hidirnascaire sin an baol a bhaineann le scaradh córais go mór. Dá bhrí sin, ní thiocfadh aon éagobhsaíocht aníos ar iompraíocht an chórais agus ní chaillfeadh soláthar do chustaiméirí sa chás go gcailltear ceann amháin de na hidirnascairí.
- 29 Is iomaí tairbhe iarmhartach a shonraítear freisin mar thoradh ar bhaint na srianta atá ar aistrithe sreafa cumhachta faoi láthair idir Éire agus Tuaisceart Éireann. Tá an méid seo a leanas i measc na dtairbhí sin:
- Iomaíocht a fheabhsú trí na srianta ar fheidhmiú éifeachtúil an mhargaidh aonair leictreachais uile-oileáin a laghdú;
 - Daingneacht an tsoláthair a fheabhsú trí nasc iontaofa ardchumais a chur ar fáil idir an dá chuid den chóras tarchuir uile-oileáin;
 - Tacú le forbairt ar ghiniúint cumhachta in-athnuaite trí mhalairt sholúbtha na sreafaí cumhachta thar chuid mhór den oileán a fheabhsú; agus
 - Réigiún thoir thuaidh na hÉireann a atreisiú.
- 30 Tacaítear leis an seasamh sin i gcomhfhreagras do EirGrid ó Choiste an Mhargaidh Aonair Leictreachais (SEM) (a chuimsíonn Coimisiún um Rialáil Fuinnimh [CER] in Éirinn, Údarás Thuaisceart Éireann um Rialáil Fóntas [NIAUR]) dar dáta an 30 Aibreán 2013, a chuirtear san áireamh mar **Aguisín 1** den tuarascáil phleanála seo. Tagraíonn an litir sin do *“ábharthacht an dara hidirnascaire Thuaidh-Theas do chur chun feidhme rathúil na gcuspóirí beartais um iomaíochas, inbhuanaitheacht agus dhaingneacht an tsoláthair in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann araon agus don riachtanas le dul chun cinn a dhéanamh ar an tionscadal seo agus é a sholáthar, agus ní hamháin é a sholáthar, ach is gá é a sholáthar mar ábhar tosaíochta”*. [aistriúchán neamhoifigiúil]

- 31 Le déanaí anuas, tugtar forbhreathnú ar an ngá leis an tionscadal sa doiciméad *Your Grid, Your Views, Your Tomorrow - A Discussion Paper on Ireland's Grid Development Strategy (Do Líonra, Do Thuairimí, Do Thodhchaí - Páipéar Plé ar Straitéis Forbartha Líonra na hÉireann)* ó EirGrid a foilsíodh an 27 Márta 2015. Sa doiciméad sin, cuirtear san áireamh an fhaisnéis is nuaí atá ar fáil, lena n-áirítear i measc nithe eile fortheilgin eacnamaíocha agus éilimh amach anseo. Dheimhnigh athbhreithneoirí seachtracha (i.e. London Power Associates [LPA]) go raibh gá leis an tionscadal freisin. Feic **Rannán 4.3.10** den tuarascáil phleanála seo chun tuilleadh sonraí a fháil.

2 CUR SÍOS AR AN BHFORBAIRT A BHEARTAÍTEAR

2.1 STAIR AGUS FORBAIRT AN TIONSCADAIL

2.1.1 Forbairt Idirnasctha 400kV na Mí-Thír Eoghain (2009-2010)

1 I mí na Nollag 2009, chuir EirGrid iarratas chuig an mBord Pleanála (an Bord) ar thoilíú forbartha na coda sin den idirnascaire a bheartaítear atá suite in Éirinn faoi Thagairt an Bhoird Pleanála VA0006. Chuimsigh an t-iarratas sin, iarratas ar a dtugtar 'Forbairt Idirnasctha 400 kV na Mí-Thír Eoghain', na nithe seo a leanas go príomha:

- Leanúint ar aghaidh leis an líne lasnairde 400 kV de chiorcad singil ón áit a dtrasnaíonn an ciorcad an teorainn dlínse i mbaile fearainn na Léime Giorra, Contae Mhuineacháin, go dtí an fostáisiún 400 kV atá ann cheana ag Fearann na Coille, Contae na Mí, agus a thrasnaíonn tailte i gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin agus i gContae na Mí;
- Fostáisiún nua 400 kV i mbaile fearainn Mhaothla, Contae na Mí, cóngarach do chrosbhealach an chiorcaid tarchuir thuaidh-theas a bheartaítear leis an líne lasnairde soir-siar 220 kV reatha idir Fostáisiún Choillín an Triain agus Fostáisiún Lú;
- Malairt slí ghaolmhar na líne lasnairde 220 kV idir Coillín an Triain agus Lú go dtí an Fostáisiún a bheartaítear i Maothail, trína gcuirtear nasc idir an dá chiorcad tarchuir ar fáil; agus
- Oibreacha gaolmhara ag teastáil i bhFostáisiún Fhearann na Coille atá ann cheana leis an gchiorcad 400 kV a bheartaítear a éascú.

2 Le linn na tréimhse ó mhí Eanáir go mí an Mhárta 2010, d'iarr an Bord Pleanála aighneachtaí scríofa ó údaráis fhorordaithe shainitheanta, ó pháirtithe leasmhara eile, ó bhaill den phobal agus ó gach páirtí eile. I mí na Bealtaine 2010, chuir an Bord Pleanála tús le hÉisteacht ó Bhéal maidir leis an bhforbairt a beartaíodh. Rinneadh iarratas EirGrid a tharraingt siar i mí an Mheithimh 2010, áfach. Níor chinn an Bord an t-iarratas ar fhorbairt phleanála mar sin.

2.1.2 An Próiseas um Athmheasúnú (2010-2013)

3 Le linn na tréimhse ó tarraingíodh siar an t-iarratas roimhe ar fhorbairt phleanála, thug EirGrid faoi athmheasúnú cuimsitheach ar an gcuid sin den idirnascaire a bheartaítear atá lonnaithe idir an fostáisiún atá ann cheana féin ag Fearann na Coille, Contae na Mí, agus an teorainn le Tuaisceart Éireann. Áiríodh leis an bpróiseas um athmheasúnú athbhreithniú ar an iarratas roimhe chun a dhearbhu cibé acu an raibh nó nach raibh gá sainitheanta, raon

- feidhme, roghanna eile a breithníodh (lena n-áirítear roghanna eile teicneolaíochta), ábhar agus conclúidí an iarratais roimhe sin fós infheidhmithe chun críche eolas a thabhairt don iarratas nua seo ar fhormheas agus é a mhúnlú.
- 4 Chuimsigh an próiseas um athmheasúnú athbhreithniú ar gach saincheist agus aighneacht a bhaineann leis an iarratas roimhe, agus ar fhaisnéis a fuarthas agus ar shaincheisteanna a tháinig aníos ó mhí an Mheithimh 2010. Áiríodh leis freisin anailís theicniúil agus chomhshaoil ar thug EirGrid agus a chomhairligh fúithi, lena n-áirítear athmheasúnú a dhéanamh ar na roghanna eile teicneolaíochta go léir a d'fhéadfadh freastal ar an ngá leis an bhforbairt a bheartaítear agus ar na paraiméadair ina leith.
- 5 Mar chuid den phróiseas athbhreithniúcháin sin, d'fhoilsigh EirGrid, ar mhaithe le comhairliúchán poiblí, *Preliminary Re-evaluation Report (Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe)* i mí na Bealtaine 2011, as ar tháinig sainaitheint 'Línebhealaigh Tháscaigh' laistigh de 'Chonair Bhealaigh is Dealraithí a Roghnófar'. Chomh maith leis sin, rinne EirGrid breithniú ar cáipéisí a eisíodh ó foilsíodh an *Preliminary Re-evaluation Report (Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe)*, a bhaineann leis an bpróiseas iomlán um athmheasúnú. Áirítear leis na cáipéisí sin Tuarascáil an Choimisiúin Idirnáisiúnta Saineolaithe (IEC), *Meath-Tyrone Report Review by the International Expert Commission August – November 2011 (Athbhreithniú ar Thuarascáil na Mí-Thír Eoghain ag an Sainchoimisiún Idirnáisiúnta, Lúnasa – Samhain 2011)*, (arna fhoilsiú in Eanáir 2012); *Government Policy Statement on the Strategic Importance of Transmission and Other Energy Infrastructure (Ráiteas Beartais an Rialtais faoin Tábhacht Straitéiseach a bhaineann le Tarchur agus Bonneagar Eile Fuinnimh)*, Iúil 2012; *Grid25 Implementation Programme (IP) 2011-2016 (Clár Feidhmithe Grid25, 2011-2016)*, agus an Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA) a ghabhann leis, Bealtaine 2012; agus *Project Development and Consultation Roadmap (Treochlár um Fhorbairt Tionscadail agus Chomhairliúchán)* de chuid EirGrid. Is sa *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* a foilsíodh i mí Aibreáin 2013 a thugtar aghaidh ar chonclúidí na gcáipéisí sin, agus ar chonclúidí an aiseolais a fuarthas maidir leis an *Preliminary Re-evaluation Report (Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe)*. Cuirtear na cáipéisí sin san áireamh mar Aguisín 1.1 agus Aguisín 1.2 d'**Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS.
- 6 Mar chuid den phróiseas seo, rinne EirGrid breithniú suntasach ar an tsaincheist um líne lasnairde (OHL) nó um chábla faoin talamh (UGC) nó um réiteach páirtleagain faoin talamh, agus aird á tabhairt aige ar chineál agus ar pharaiméadair na forbartha a bheartaítear. Áiríodh leis sin breithniú ar thorthaí Athbhreithniú an IEC “*ar na tairbhí, agus ar an gcostas, a bhaineann le nasc cumhachta 400 kV na Mí-Thír Eoghain a leagan faoin talamh (go hiomlán nó go páirteach)*” (lch 2).

- 7 De bhreis ar dhul i gcomhairle le EirGrid, thug an IEC, an Coiste um Muintir an Oirthuaiscirt in Éadan Píolón (NEPP) agus Coiste Chontae Mhuineacháin in Éadan Píolón (agus grúpaí eile) faoi athbhreithniú ar an tsainfhaisnéis “*atá ar fáil cheana in Éirinn agus ar bhonn náisiúnta i dtaca le línte cumhachta ardvoltais (HV) a leagan faoin talamh*”. Áiríodh leis sin Staidéar Ecofys - *Study on the Comparative Merits of Overhead Electricity Transmission Lines versus Underground Cables (Staidéar ar Thuillteanais Chomparáideacha Línte Lasnairde um Tharchur Leictreachais in aghaidh Cáblaí faoin Talamh)* (2008) ar choimisiúnaigh an Rialtas é. Ullmhaíodh Athbhreithniú an IEC agus Staidéar Ecofys roimhe sin go hiomlán neamhspleách ó EirGrid.
- 8 Mar a sonraíodh in Athbhreithniú an IEC, leagtar amach i Staidéar Ecofys anailís chomparáideach ar theicneolaíochtaí líne lasnairde agus cábla faoin talamh, ón taobh teicneolaíoch / teicneacnamaíoch de agus ó thaobh an chomhshaoil araon. Go sonrath, i gCaibidil 6 den tuarascáil dar teideal *Comparáid idir Tionchar Comhshaoil – scrúdaítear roinnt saincheisteanna tábhachtacha comhshaoil, mar seo a leanas:*
- Úsáid Talún (lena n-áirítear cur isteach ar thalmhaíocht, ar thógáil talún agus tionchar ar theorainneacha páirce);
 - Geolaíocht agus Ithreacha (lena n-áirítear clúdach ithreach agus ábhar tochairle);
 - Acmhainní Uisce (lena n-áirítear cur isteach ar screamhuisce, bogach san áireamh);
 - Athchóiriú Talún;
 - Éiceolaíocht agus Caomhnú an Dúlra (lena n-áirítear imbhuailadh éin agus cailteanas gnáthóige);
 - Saincheisteanna Tírdhreacha agus Amhairc (lena n-áirítear nádúr an tírdhreacha agus tionchar amhairc, agus pobal);
 - Acmhainní cultúrtha (lena n-áirítear teanga agus cultúr);
 - Trácht agus Torann;
 - Caighdeán an Aeir;
 - Pobail (lena n-áirítear tionscal na turasóireachta, pórú ainmhithe, EMFanna, praghsanna réadmhaoine, agus tionchar ar fhorbairtí amach anseo); agus
 - Caitheamh Aimsire agus Turasóireacht.

- 9 Tá sé suntasach go háirithe ina leith sin go ndéantar comparáid i dTábla 6-1 de Thuarascáil Ecofys idir línte lasnairde (OHLanna) agus cáblaí faoin talamh (UGCanna) maidir le *“Tionchar ar an gComhshaoil agus Éascaíocht an Mhaolaithe Fhéideartha”*. I gcás fhormhór na n-ábhar comhshaoil, sainaithear sa tábla gurb ionann tionchar comhshaoil do OHL agus do UGC, nó go bhfuil tionchar comhshaoil níos lú ag OHL i gcomparáid le UGC, áirítear le heisceachtaí follasacha dó sin imbhuailadh éin, saintréithe tírdhreacha, tionchar amhairc agus saincheisteanna áirithe pobail. I bhformhór na gcásanna sin, sainaithear i dTábla 6-1 gur féidir go bhfuil ‘bearta leasúcháin amháin’ i gceist le *“éascaíocht an mhaolaithe”*, cé go bhféadfaí úsáid a bhaint as bearta maolaithe ‘ar dóigh dóibh scála diúltach an tionchair a laghdú’ nó ‘ar dóigh dóibh tionchar inaitheanta a sheachaint’ i leith ábhar ar nós imbhuailadh éin, an tírdhreacha agus Réimsí Leictreacha agus Maighnéadacha (EMF).
- 10 Cé gur foilsíodh in 2008 í, is soiléir go mbaineann ábharthacht go fóill le torthaí Thuarascáil Ecofys, go háirithe a *“Comparáid idir Tionchar Chomhshaoil”*. Dá bhrí sin, rinne EirGrid machnamh orthu agus breithniú á dhéanamh aige ar roghanna eile teicneolaíochta.
- 11 De bhreis ar bhreithniúchán mionsonraithe ar Athbhreithniú an IEC agus ar Thuarascáil Ecofys, tugadh aird ar staidéir ar leith a choimisiúnaigh EirGrid a ndearna cuideachtaí saineolaithe idirnáisiúnta iad sa scrúdú a rinne EirGrid ar roghanna eile teicneolaíochta ar fud an phróisis um athmheasúnú. Áiríodh leis sin staidéar a d’ullmhaigh Parsons Brinckerhoff (2009) (ar a dtugtar staidéar Cumhachta PB), a bhain go sonrach leis an tionscadal a bheartaítear, agus a rinne comparáid idir rogha tharchur líne lasnairde ardvoltais agus conair bhealaigh chábla faoin talamh atá sainiúil don láthair, a bhaineann úsáid as teicneolaíochtaí Srutha Ailtéarnaigh Ardvoltais (HVAC) nó Srutha Dhírigh Ardvoltais (HVDC). Tá sé suntasach go ndearna an IEC athbhreithniú ar staidéar Cumhachta PB agus a athbhreithniú neamhspleách á dhéanamh aige. Athraíodh staidéar Cumhachta PB chun dáta in 2013 d’fhonn athbhreithniú ar theicneolaíocht atá cothrom le dáta agus ar fhorbairtí iarratais ar fud an domhain a chur san áireamh. Chomh maith leis sin, baineann an tuarascáil athraithe chun dáta leas as faisnéis agus as conclúidí a foilsíodh i staidéir níos déanaí maidir le roghanna eile teicneolaíochta, lena n-áirítear Athbhreithniú an IEC. Tá staidéar 2009 agus staidéar 2013 araon san áireamh in **Imleabhar 3B – Ábhar Tagartha** den EIS.
- 12 Bhí aird ag an bpróiseas um athmheasúnú agus um breithniú ar roghanna eile teicneolaíochta ar staidéir thríú páirtí freisin, is iad na cinn is suntasaí: Staidéar na Danmhairge – *Denmark’s Strategy for the Development of its 400 kV Network (Staidéar na Danmhairge - Straitéis na Danmhairge um fhorbairt a gréasáin 400 kV) (2007 / 2008)*, Tuarascáil Askon *Study on the comparative merits of overhead lines and underground cables as 400 kV transmission lines for the North-South Interconnector Project (Staidéar ar thuillteanais chomparáideacha línte lasnairde agus cáblaí faoin talamh mar línte tarchuir 400 kV don Tionscadal Idirnasctha Thuaidh-Theas) (2008)* a choimisiúnaigh NEPP, Cigré (an

- Chomhairle Idirnáisiúnta um Mórchórais Leictreacha), Bróisiúr Teicniúil 379 *Update of service experience of HV underground and submarine cable systems (Taithí sheirbhíse ar chórais ardvoltais chábla faoin talamh agus chábla fomhuirí a athrú chun dáta)* (2009) agus *UK Electricity Transmission Costing Study (Staidéar Costála Tarchuir Leictreachais na Ríochta Aontaithe)* (2012).
- 13 Go suntasach, tá aird ag EirGrid ar an *Electricity Transmission Costing Study (Staidéar Costála Tarchuir Leictreachais)*, arna ullmhú ag Parsons Brinckerhoff i gcomhar le Cable Consulting International Ltd. (Eanáir 2012 agus foilsíodh errata i mí Aibreáin 2012) mar *“tuarascáil neamhspleách faofa ag Institution of Engineering & Technology”*. Cuirtear an tuarascáil sin san áireamh mar **Aguisín 2** den tuarascáil phleanála seo. Is é cuspóir sonraithe na tuarascála ná *“an meastachán is fearr a chur ar fáil ar na costais choibhneasta ar na teicneolaíochtaí éagsúla atá ar fáil faoi láthair le haghaidh feabhsú gréasán ardvoltais ag leibhéil shuntasacha chumhachta, sa dóigh is gur féidir an díospóireacht ar a inghlactha atá siad ó thaobh pleanála de a bhunú ar thuairim chreidiúnaithe ar na costais choibhneasta”*.
- 14 Anuas air sin, rinne EirGrid athbhreithniú ar an gcleachtas idirnáisiúnta reatha maidir le gréasáin tarchuir a fhorbairt agus roghanna teicneolaíochta á mbreithniú aige. Áiríodh leis sin iniúchadh ar pháirtleagan faoin talamh, a measadh a bheith indéanta, cé go mbeadh sí faoi réir srianta tábhachtacha áirithe.
- 15 San iomlán, is suntasach atá an breithniú ar roghanna eile teicneolaíochta (agus ar chomhroghanna eile) sa phróiseas um athmheasúnú agus tugadh aird ar fhaisnéis agus ar aiseolas a fuarthas ó ghníomhaíochtaí comhairliúcháin leis an bpobal. Bunaithe ar an méid sin, tá EirGrid ag moladh go mbeidh an Fhorbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV nua (i.e. an fhorbairt a bheartaítear) comhdhéanta go hiomlán de OHL 400 kV, ós rud é gurb é seo an réiteach teicniúil is fearr i dtaca le cineál agus paraiméadair na forbartha a bheartaítear. Anuas ar an bhfiúntas teicniúil atá leis, sonraítear go bhfuil réiteach OHL sa chás seo i bhfad níos saoire ná aon rogha eile faoin talamh.
- 16 Foilsíodh an *Final Evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* i mí Aibreáin 2013. Ag an deireadh, sainithníodh Línebhealach Táscach le haghaidh an chiorcaid tarchuir laistigh de Chonair Bhealaigh is Dealraithí a Roghnófar lena nasctar na gréasáin ardvoltais in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, a bheidh suite i gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin agus i gContae na Mí. Mar sin féin, níor tugadh aon sonraí suntasacha maidir le láthair agus láithreánú an ‘Línebhealaigh Tháscaigh’ sin sa tuarascáil.
- 17 Ag teacht sna sála ar an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)*, foilsíodh an *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)* i mí Iúil 2013, lenar cuireadh sonraí ar fáil maidir leis an ‘Rogha Dearadh Líne’ le

haghaidh na forbartha a bheartaítear. Díorthaíonn an ‘Rogha Dearadh Líne’ ón ‘Línebhealach Tásach’ arna shainaithint sa *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)*, agus áiríodh leis freisin láithreacha féideartha a shainaithint le haghaidh an bhonneagair líne tharchuir a phleanáiltear agus dearadh an bhonneagair sin, amhail suíomh na dtúr, na cineálacha túr agus sonraí gaolmhara a bhaineann le tógáil (e.g. rianta rochtana tásacha). Bhí an *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)* faoi réir comhairliúchán poiblí inar díríodh ar theagmháil le húinéirí talún, go háirithe maidir le sainláithreánú na struchtúr ar thailte. Is é toradh deiridh an phróisis sin ná dearadh líne na forbartha a bheartaítear.

- 18 Pléitear an breithniú ar OHL (líne lasnairde), ar UGC (cábla faoin talamh) agus ar pháirtleagan faoin talamh go mion in **Imleabhar 3B** den EIS a ghabhann leis an iarratas seo ar fhorbairt pleanála.

2.1.3 An Painéal um Shaineolaithe Neamhspleácha (IEP)

- 19 I mí Eanáir 2014, cheap an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha Painéal Saineolaithe Idirnáisiúnta (IEP) chun maoirsiú agus éascú a dhéanamh ar "*anailís chomparáideach ar roghanna faoi thalamh agus os a chionn do thionscadail Grid West agus Grid Link.*" Anuas air sin, cuireadh mar chúram ar an IEP tuairim a sholáthar don Aire maidir le "*hoiriúnacht na modheolaíochtaí a úsáidfear ar thionscadail GW agus GL lena bhfuil déanta go dtí seo (i.e. go dtí an 2 Bealtaine 2014, an dáta ar a shocraigh an Painéal féachaint ar an tionscadal thuaidh-theas) ar thionscadal na Líne Tarchuir Thuaidh-Theas.*"
- 20 Is iad an Breitheamh Catherine McGuinness (Cathaoirleach), an tOllamh Keith Bell, an tOllamh John Fitzgerald, an Dr Karen Foley agus an tUasal Colm McCarthy atá ar an bpainéal, agus chuir siad a dtuairim ar fáil i mí Iúil 2014. D'fhoilsigh an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha an tuairim sin. Tá an IEP den tuairim go bhfuil an obair atá déanta go dtí seo ar an bhForbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV comhoiriúnach leis na Téarmaí Tagartha a bhainfeadh le tionscadail Grid West agus Grid Link:

"Tar éis an t-ábhar ar fad a bhreithniú agus a phlé, tá an Painéal ar fad den tuairim go bhfuil an méid oibre atá déanta go dtí seo ar an tionscadal thuaidh-theas comhoiriúnach, ar gach slí ábhartha, leis na modheolaíochtaí atá á n-úsáid anois ar thionscadail GW agus GL. Cé go n-aithníonn an Painéal nach bhfuil dhá thionscadal ar bith ar an mbonneagar eangach ar aon dul lena chéile, agus gur dhócha go dtiocfadh roinnt gnéithe chun cinn nach bhféadfaí comparáid a dhéanamh eatarthu agus an tionchar comhshaoil, éifeachtúlacht theicniúil agus fachtóirí costais féideartha á measúnú, tá an Painéal den tuairim nach dtagann aon athrú ábhartha sna modheolaíochtaí chun cinn." [aistriúchán neamhoifigiúil]

- 21 Le toiliú na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (DCENR), d'fhoilsigh EirGrid an tuarascáil agus cuireadh í faoi bhráid an IEP maidir leis an bhForbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV a bheartaítear. Tá an tuarascáil sin dar teideal *Tuarascáil don Phainéal um Shaineolaithe Neamhspleácha dar Dáta: 29/05/2014 & Dáta an Aguisín: 19/06/2014* san áireamh mar **Aguisín 3** leis an tuarascáil phleanála seo.

2.1.4 Cur chuige EirGrid i leith an Chomhairliúcháin i bhForbairt an Tionscadail

- 22 Agus Grid25 á chur i bhfeidhm, bhain EirGrid leas comhsheasmhach as treochláir ghrafacha chun an dul chun cinn ar fhorbairt tionscadail a chur i láthair an phobail agus páirtithe leasmhara eile ar bhealach simplí inrochtana. Cuirtear iad sin i láthair i Rannán 2.2.2 d'Imleabhar 2B de na cáipéisí iarratais.
- 23 Ag tógáil ar na treochláir éagsúla don tionscadal seo, d'fhorbair EirGrid Project Development and Consultation Roadmap (*Treochlár um Fhorbairt Tionscadail agus Chomhairliúchán*) (feic **Fíor 2.1**) in 2012 mar chreat ginearálta le haghaidh fhorbairt na dtionscadal mór dá chuid. Is é bunchuspóir an treochláir sin go ndéanfar forás ar an tionscadal laistigh de phróiseas struchtúrtha soiléir, agus go ndéanfar comhairliúchán leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara ón gcéim is luaithe den 'Bhailiú Faisnéise', agus é ag díriú ar bhunspricanna tábhachtacha i ngach céim. Éascaíonn sé sin follasacht maidir le tuiscint a fháil ar an dul chun cinn ar fhorás an tionscadail, agus ar na saincheistanna agus ar an aiseolas a mhúnlaigh an fhorbairt, mar nach ndéantar cinní tábhachtacha ar na mionghnéithe de thionscadal ach sna céimeanna deiridh d'fhorbairt tionscadail. Tá léiriú níos mionsonraithe ar an treochlár le fáil sa cháipéis *Approach to the Development of Electricity Transmission Lines (An Cur Chuige maidir le Forbairt Línte Tarchuir Leictreachais)* de chuid EirGrid (a chuirtear san áireamh mar **Aguisín 4** den tuarascáil phleanála seo).
- 24 Sa ghnáthchás um fhorbairt tionscadal, ag tagairt don Treochlár de chuid EirGrid, tarlaíonn na nithe seo a leanas:
- I g**Céim a hAon**, díritear ar phróiseas bailithe na faisnéise teicniúla, comhshaoil agus eile chun bonn eolais a chur faoi chruth an tionscadail. Áirítear léi limistéar staidéir a shainaithint chun freastal ar riachtanais an tionscadail sin ar leith; srianta comhshaoil agus srianta eile a shainaithint laistigh den limistéar staidéir sin; agus conairí bealaigh féideartha a shainaithint a fhéachann leis na srianta sainaitheanta sin a sheachaint a oiread is féidir. Áirítear leis de ghnáth gach a bhfuil i gceist leis an rogha chonair bhealaigh is lú srian, i dtuairim na gcomhairleoírí teicniúla agus comhshaoil. Cuirtear san áireamh i dTuarascáil ar Chéim a hAon an dul chun cinn ar Chéim a hAon agus ar a conclúidí – réiteach sainaitheanta tionscadail is dealraithí a roghnófar. Tá sé sin ar an mbonn le haghaidh comhairliúchán poiblí agus caidreamh poiblí. Is dócha go

ndearnadh comhairliúchán níos luaithe i leith gnéithe éagsúla de Chéim a hAon a chur ar siúl freisin.

- Is éard atá i gceist le **Céim a Dó** ná breithniú ar aiseolas a thagann aníos i leith comhairliúcháin maidir le Tuarascáil ar Chéim a hAon, tuilleadh athbhreithnithe ar roghanna roimhe sin, tuilleadh measúnaithe ar chonair bhealaigh roghnaithe (arb é an chiall leis sin ná an chonair bhealaigh 'is fearr oiriúint') agus tuilleadh tacaíochta di, agus línebhealach táscach a d'fhéadfadh bheith indéanta a shainaitheint laistigh den chonair bhealaigh roghnaithe sin. Faightear na gnéithe sin de ghnáth i dTuarascáil ar Chéim a Dó, a chuirtear faoi bhabhta eile comhairliúcháin phoiblí agus comhairliúcháin le páirtithe leasmhara. Cuirtear san áireamh i gCéim a Dó de ghnáth tús a chur le rannpháirtíocht le húinéirí talún, dírithe go háirithe feadh an línebhealaigh tháscaigh roghnaithe a shainaithnítear.
- Baineann na céimeanna deiridh den Treochlár (**Céim a Trí agus Céim a Ceathair**) go príomha le deimhniú an línebhealaigh dheiridh, agus le hullmhú gaolmhar na staidéar teicniúil agus comhshaol. Áirítear leis sin breithniú ar aiseolas a thagann aníos i leith comhairliúcháin ar an Tuarascáil ar Chéim a Dó mar aon le rannpháirtíocht leanúnach le húinéirí talún a fhéachann le teacht ar chomhaontú, nuair is féidir, maidir le láthair na struchtúr ar ghabháiltais. Cuirtear an togra deiridh faoi bhráid an údaráis iomchuí (an Bord Pleanála de ghnáth) ansin le haghaidh formheas pleanála.

25 Faoi mar a pléadh freisin i **Rannán 5.5.3** den tuarascáil seo, tá doiciméad foilsithe le déanaí ag EirGrid: *Athbhreithniú agus Feabhas a chur ar ár bPróiseas Comhairliúcháin Phoiblí*. Áirítear leis sin athbhreithniú ar an Treochlár reatha um Fhorbairt Tionscadail agus Chomhairliúcháin, féachaint ar conas a d'fhéadfaí feabhas a chur ar an bpróiseas chun faisnéis bhreise a sholáthar agus deiseanna breise agus níos luaithe a thabhairt don phobal le bheith rannpháirteach.

26 Ag deireadh an athbhreithnithe, sonraítear Gealltanais (Uimh. 2) maidir leis an bPróiseas Comhairliúcháin i bhForbairt an Tionscadail; tá sé sin beartaithe chun feabhas agus nuashonrú a chur ar an Treochlár reatha agus díreofar ar fheabhas a chur ar dheiseanna rannpháirtíochta don phobal, d'úinéirí talún agus do pháirtithe leasmhara i bhforbairt tionscadal nua, go háirithe i réimsí rithábhachtacha amhail an gá atá le tionscadal a mhíniú, roghanna teicniúla a shainaithint chun freastal ar an ngá sin, agus ionchur a lorg maidir le conas is ceart an rannpháirtíocht áitiúil a dhéanamh.

27 Meastar go ndéanfar forbairt ar an gcur chuige nuashonraithe sin i leith an chomhairliúcháin i bhforbairt an tionscadail i rith 2015. Tá sé beartaithe go gcoinneofar próiseas struchtúrtha d'fhorbairt tionscadail sa chur chuige seo, le deiseanna atá aitheanta go soiléir don

rannpháirtíocht agus don chaidreamh le páirtithe leasmhara, faoi mar atá mar bhonn bunúsach don Treochlár reatha.



Fíor 2.1: Project Development and Consultation Roadmap (Treochlár um Fhorbairt Tionscadail agus Chomhairliúchán)

2.1.5 An Fhorbairt a Bheartaítear agus an Project Development and Consultation Roadmap (Treochlár um Fhorbairt Tionscadail agus Chomhairliúchán)

- 28 Tá dálaí pleanála atá cuibheasach neamhchoitianta ag an bhforbairt a bheartaítear thar roinnt blianta. Mar a leagtar amach i **Rannán 2.1.1**, chuir EirGrid iarratas isteach chuig an mBord Pleanála i mí na Nollag 2009 ar thoiliú forbartha i gcomhair Fhorbairt Idirnasctha 400 kV na Mí-Thír Eoghain, rud a tarraingíodh siar ina dhiaidh sin i mí an Mheithimh 2010. Níor chinn an Bord an t-iarratas sin ar fhorbairt reachtúil mar sin.
- 29 D'ainneoin na fíricí gur foilsíodh an Treochlár de chuid EirGrid in 2012, i.e. tar éis an iarratais tosaigh ar thoiliú forbartha, tá an próiseas forbartha reatha i gcomhréir le creat agus dul chun cinn struchtúrtha an Treochláir. Ina leith sin, is amhlaidh gurb éard atá sa phróiseas mionsonraithe um athmheasúnú ar tugadh faoi idir 2010 agus 2013 go bunúsach ná Céim a hAon agus Céim a Dó (i bpáirt) den Treochlár de chuid EirGrid (as ar tháinig an *Preliminary Re-evaluation Report (Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe)* (2011) agus an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* (2013) – a chuirtear san áireamh mar Aguisín 1.1 agus Aguisín 1.2 in **Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS). Cuspóirí, struchtúr agus sonraí na ngníomhaíochtaí comhairliúcháin agus rannpháirtíochta go léir le linn an phróisis um athmheasúnú, mar aon leis an aiseolas a fuarthas agus an dóigh ar freagraíodh don aiseolas sin, leagtar amach iad in *Public and Landowner Consultation Report (Tuarascáil ar an gComhairliúchán leis an bPobal agus le hÚinéirí Talún)* ar leith (feic **Imleabhar 2B** de na cáipéisí iarratais).
- 30 Ba é an *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)*, a foilsíodh i mí Iúil 2013 (a chuirtear san áireamh mar Aguisín 1.3 in **Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS), an t-ábhar le haghaidh comhairliúchán poiblí agus comhairliúcháin le páirtithe leasmhara. Sa tuarascáil sin, tugtar sonraí maidir leis an 'Rogha Dearadh Líne' le haghaidh na forbartha a bheartaítear. Tríd sin, comhdhéanann sé sin go bunúsach an próiseas agus an bhunspríoc de 'Chéim 2 – Roghanna a Mheasúnú' den Treochlár.
- 31 An próiseas um rannpháirtíocht le húinéirí talún mar aon le suirbhé, dearadh agus measúnú comhshaoil, i gcomhairle le húdarais fhorordaithe agus le páirtithe leasmhara eile i leith an réitigh thionscadail roghnaithe, comhfhreagraíonn siad do 'Chéim 3 – Dearadh a Dheimhniú' den Treochlár de chuid EirGrid.
- 32 Is é ábhar an iarratais seo ar fhorbairt reachtúil na forbartha a bheartaítear an toradh deiridh ar an bpróiseas um dhearadh líne agus an bhunspríoc de 'Céim 4 – Iarratas Pleanála a Ullmhú' de Threochlár EirGrid.

- 33 Go hachomair, is léir go bhfuil cúinsí neamhghnácha ag baint leis an bhForbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV; ina measc siúd, áirítear go háirithe go raibh an fhorbairt ina ábhar de phróiseas pleanála foirmiúil cheana féin (cé nár cuireadh an próiseas sin i gcrích). Mar sin féin, mar gheall ar an méid deiseanna a bhí ag an bpobal a bheith rannpháirteach i ngach gné den phróiseas pleanála roimhe sin (lena n-áirítear aighneachtaí i scríbhinn agus ó bhéal a chur faoi bhráid an Bhoird), agus ar ar tharla i rith an phróisis um athmheasúnú, agus ar an bpróiseas ina dhiaidh sin as ar tháinig an fhorbairt seo a bheartaítear, meastar go ndearnadh prionsabail Threochlár 2012 maidir le rannpháirtíocht phoiblí san fhorbairt a bheartaítear a chur i gcrích sa chás áirithe seo.

2.2 STAIR PHLEANÁLA ATÁ ÁBHARTHA DON FHORBAIRT A BHEARTAÍTEAR

2.2.1 Idirnascaire Thír Eoghain – an Chabháin

- 34 Mar a leagtar amach i **Rannán 1.4.1**, i mí na Nollag 2009, cuireadh an t-iarratas ar a dtugtar togra SONI anois chuig Seirbhís Pleanála Thuaisceart Éireann don chuid sin den fhorbairt bonneagar tarchuir trasteorann a bheartaítear atá suite i dTuaisceart Éireann (Tag. O/2009/0792/F). Iarradh tuilleadh faisnéise maidir leis an iarratas ina dhiaidh sin, lena n-áirítear Aguisíní leis an Ráiteas Timpeallachta (ES) (a cuireadh isteach i mí Eanáir 2011 agus i mí Dheireadh Fómhair 2011) agus Ráiteas Timpeallachta (ES) comhdhlúite (a cuireadh isteach i mí an Mheithimh 2013). Rinneadh an dara hiarratas ar chead pleanála a chur isteach i mí na Bealtaine 2013 le haghaidh oibreacha a bhaineann le tógáil an phríomhbhonneagair faoi iarratas 2009 (Tag. O/2013/0214/F). Chuir SONI aguisín leis an Ráiteas Timpeallachta comhdhlúite isteach i mí an Mheithimh 2015. Tá an Ráiteas Timpeallachta comhdhlúite agus aguisín an Ráitis Timpeallachta chomhdhlúite san áireamh mar Aguisín C agus mar Aguisín D leis an gComhthuarascáil *Chomhshaoil* ina bhfuil **Imleabhar 4** de na cáipéisí iarratais.

2.2.2 Iarratais i gCóngarach na Forbartha a Bheartaítear

- 35 Déantar faireachán ar bhonn rialta ar iarratais phleanála atá cóngarach don fhorbairt a bheartaítear chun a chinntiú nach dtiocfaidh aon choimhlint aníos. Is éard atá i gceist le cineálacha na n-iarratas pleanála a dhéantar go hiondúil cóngarach don fhorbairt a bheartaítear ná tograí ar leith i gcomhair áiteanna cónaithe faoin tuath agus ar fhorbairtí talmhaíochta go príomha. Aithnítear i d**Tábla 2.1** ceadanna pleananna ar marthain atá suite laistigh de thart ar 200 méadar ón bhforbairt a bheartaítear (arna dtomhas ón lár líne).

Tábla 2.1: Ceadanna Pleanála ar Marthain


Contae	Baile Fearainn	Tagairt Chlárúcháin agus Cur Síos Achomair ar an bhForbairt	Dáta an Chinnidh / Spriocdhát a Chinnidh	Fad neasach go dtí an Fhorbairt Thuaidh-Theas 400 kV (arna thomhas ón lárline)
Muineachán	Na Srianta Idir Túr 185 agus Túr 186	Tagairt Chlárúcháin 09525 – is é atá san fhorbairt seo: áit chónaithe 2 stór, garáiste scoite, córas cóireála fuíolluisce agus limistéar síothlaithe agus oibreacha gaolmhara suímh atá suite de bhealach nua isteach. Tuilleadh Faisnéis Shuntasach: Tá athrú teorainneacha leagtha amach i bpleananna athbhreithnithe don fhorbairt.	10.02.10	98.3 m (go neasach)
Muineachán	An Ghréach (Barúntacht Chríoch Mhúrn) Idir Túr 154 agus Túr 155	Tagairt Chlárúcháin 13206 – is é atá san fhorbairt seo: líne lasnairde 38 kV ó fhostáisiún sa Lios Dubh, a théann thar na háiteanna seo a leanas: Corrdhoire Bán, an Ghréach, Droim Laighean, Droim gColbha Uachtarach, an Sián, Doire Fhialáin, an Muire Gearr, an Mhaoldromainn, Tulaigh Sceire agus Coillidh Chairn, Contae Mhuineacháin. Tuilleadh Faisnéis Shuntasach: Beidh an chuid deiridh 637 m den líne leagtha faoin talamh idir an Mhaoldromainn agus an fostáisiún i gCoillidh Chairn. Is tásach amháin atá na láithreacha a bheartaítear do na cuailí agus beartaítear conair atá 50 m ar leithead a thógáil chun freastal ar mhicreashuí, más gá.	13.01.14	0 m Trasbhealach 38 kV
Muineachán	Tulaigh na Malradh / Baile na Lorgan Idir Túr 172 agus Túr 173	Tagairt Chlárúcháin 09561 – is é atá san fhorbairt seo: cead pleanála chun líne lasnairde 38 kV a thógáil i mbaile fearainn na Carraigí Óige. Sula sroichfeadh sí an stáisiún 38 kV atá ann cheana i dTulaigh na Malradh, rachaidh an líne thar na bailte fearainn seo a leanas: an Charraigeach Mhór, Aimhréidh, na Srianta, Corr an Fheannta, Lios an Chuilinn, Tulaigh Ghlais agus an Ráith Dhubh.	14.03.11	0 m Trasbhealach 38 kV
An Mhí	Caisleán Mháirtín Idir Túr 310 agus Túr 311	Tagairt Chlárúcháin KA101277 – is é atá san fhorbairt seo: áit chónaithe, garáiste baile agus stábla capall. Níor tógadh é seo mar a deimhníodh i seiceáil pleanála i mí Feabhra 2015.	05.01.2011	160 m (go neasach)

Contae	Baile Fearainn	Tagairt Chlárúcháin agus Cur Síos Achomair ar an bhForbairt	Dáta an Chinnidh / Spríodhát a Chinnidh	Fad neasach go dtí an Fhorbairt Thuaidh-Theas 400 kV (arna thomhas ón lárline)
An Mhí	Neillstown Idir Túr 327 agus Túr 328	Tagairt Chlárúcháin NA120940 – is é atá san fhorbairt seo: áit chónaithe aon stóir go leith agus garáiste.	03.07.2013	110 m (go neasach)
An Mhí	Betaghstown (Toghroinn Ard Breacáin) Idir Túr 328 agus Túr 329	Tagairt Chlárúcháin NA900568 / NA130660 – is é atá san fhorbairt seo: áit chónaithe dhá stór agus garáiste. Síneadh an cead pleanála go 09/2019.	04.07.2013	170 m (go neasach)
An Mhí	Balbrigh Idir Túr 350 agus Túr 351	Tagairt Chlárúcháin NA101302 – is é atá san fhorbairt seo: áit chónaithe aon stóir agus garáiste scoite agus scartálfar an teachín atá ann cheana.	02.06.2011	60 m (go neasach)
An Mhí	Trubley Idir Túr 357 agus Túr 358	Tagairt Chlárúcháin TA120157 – is é atá san fhorbairt seo: dhá theach dhá stór agus oibreacha gaolmhara.	28.08.2012	60 m (go neasach)
An Mhí	Creroge Idir Túr 368 agus Túr 369	Tagairt Chlárúcháin TA70570 / TA120768 – is é atá san fhorbairt seo: áit chónaithe dhá stór agus garáiste a scartáil agus iad a atógáil ina dhiaidh sin. Níor tógadh é seo mar a deimhníodh i seiceáil pleanála i mí Feabhra 2015.	20.11.2007	80 m (go neasach)

(TABHAIR FAOI DEARA: Sonraí an iarratais pleanála amhail deireadh mhí an Mhárta 2015)

- 36 Amhail deireadh mhí an Mhárta 2015, níor cuireadh aon iarratais phleanála laistigh de 200 méadar ón bhforbairt a bheartaítear faoi bhráid Chomhairle Contae Mhuineacháin, Chomhairle Chontae an Chabháin ná Chomhairle Chontae na Mí. Níl aon iarratais phleanála a thagann laistigh de 200 méadar ón bhforbairt a bheartaítear ar feitheamh cinnidh ó cheann ar bith de na Comhairlí sin ach oiread. Leanfar ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh air sin.
- 37 Tugtar faoi deara, áfach, gur cuireadh iarratas ar cheadú isteach chuig an mBord le déanaí (Uimhir Thagartha ABP PA0038) maidir le forbairt mhór ina gcuimsítear trí bhraisle feirm ghaoithe, fostáisiún 110 kV agus oibreacha gaolmhara i gContae na Mí. Tá an fhorbairt a bheartaítear (ar a dtugtar ‘Feirm Ghaoithe Imleach Bheagáin’) lonnaithe soir ó thuaidh ó Cheanannas agus siar agus soir ón bhForbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV a bheartaítear (feic **Fíor 2.2**) – i bhfocail eile, trasnaíonn an fhorbairt a bheartaítear limistéar na forbartha feirme gaoithe braisle a bheartaítear. Tá EirGrid, mar aon lena speisialtóirí teicniúla agus comhshaoil, tar éis dul i dtáthí ar chineál, ar shuíomh agus ar mhéid an togra feirme

gaoithe sin agus iad ag ullmhú na bpleananna iarratais agus na mionsonraí don iarratas reatha seo ar cheadú. Feic an Ráiteas Tionchair Timpeallachta, **Imleabhar 3** de na cáipéisí iarratais.



Fíor 2.2: Feirm Ghaoithe Imleach Bheagáin a Bheartaítear i goibhneas leis an bhForbairt a Bheartaítear

- 38 Sainithnítear forbairtí ceadaithe atá cóngarach do lár líne na líne lasnaide ag a bhfuil ceadanna ar marthain ar líníochtaí mionsonraithe (Línebhealach – líníochtaí Sonra) atá san áireamh in **Imleabhar 1B** de na cáipéisí iarratais.
- 39 Is coitianta atá iarratais phleanála (agus ceadanna ina dhiaidh sin) ar fhorbairt áiteanna cónaithe feadh na línte lasnaide a bheartaítear nó cóngarach dóibh. Tá EirGrid den tuairim gur féidir réiteach a dhéanamh ar aon choinbhleachtaí a d’fhéadfadh teacht aníos sa todhchaí maidir leis na forbairtí sin, gan dochar do chearta na n-úinéirí talún agus na n-áitritheoirí talún, de bhua bheartas BSL i dtaca le cailteanas forbartha atá sa *Code of Practice for Survey, Construction & Maintenance of Overhead Lines in Relation to the Rights of Landowners (Cód Cleachtais le haghaidh Suirbhéireacht, Tógáil agus Cothabháil a Dhéanamh ar Línte Lasnaide i dtaca le Cearta na nÚinéirí Talún)* (1985) de chuid BSL / IFA.


- 40 Tá sé tugtha faoi deara freisin go ndearnadh foirgnimh thalmhaíochta (a bhíonn díolmhaithe de ghnáth chun críocha na nAchtanna um Pleanáil) a thógáil cóngarach do lár líne na líne lasnairde freisin. Déanann foireann an tionscadail monatóireacht ar na forbairtí sin freisin.

2.2.3 Bonneagar Tarchuir atá ann cheana agus Forbairtí Ábhartha

- 41 Tá línte ardvoltais atá ann cheana agus fostáisiúin ghaolmhara sa limistéar staidéir (a chuimsíonn Limistéar Staidéir an Chabháin-Mhuineacháin (CMSA) agus Limistéar Staidéir na Mí (MSA)), a bhfuil roinnt mhaith díobh ann le 30 bliain anuas nó níos mó. San iomlán, tá thart ar 576 km de línte meánvoltais agus ardvoltais leictreachais sna trí chontae (252 km de 38 kV, 184 km de 110 kV, 136 km de 220 kV agus 4 km de 400 kV). Déantar na príomhlínte tarchuir a shainathint thíos agus a léiriú i bhFíor 2.3:

- Líne 220 kV Choillín an Triain – Lú;
- Líne 110 kV Ármhach – na Seanchoille – Lisdrum;
- Líne 110 kV Lisdrum – Lú – na Seanchoille;
- Líne 110 kV na Seanchoille – Lú;
- Líne 110 kV Ármhach – na Seanchoille (Uimh. 2) (a cuireadh i gcrích in 2012);
- Líne 110 kV Ármhach – na hUaimhe;
- Líne 110 kV Gorman – na hUaimhe;
- Líne 110 kV Gorman – Chnoc na Mí (a cuireadh i gcrích in 2012); agus
- Líne 400 kV na Seansráide – Fhearann na Coille.

- 42 Chomh maith leis sin, is ann do na céadta ciliméadar de línte dáileacháin ag a bhfuil voltas níos ísle, arna bhfeidhmiú ag Líonraí BSL Teo., an tOibreoir Córais Dáilte (DSO), a fhreastalaíonn ar shráidbhailte áitiúla agus ar áiteanna cónaithe áitiúla a forbraíodh de réir a chéile thar roinnt mhaith blianta. Dá bhrí sin, ní gné nua sa limistéar staidéir atá i línte leictreachais lasnairde (lena n-áirítear iad sin a dtacaítear leo ar struchtúr cruach laitíse).



Fíor 2.3: Línte Ardvoltais Leictreachais atá ann cheana sa Limistéar Staidéir agus sa Mhórcheantar (2015)

(tá leagan A3 den Léarscáil den Chóras Tarchuir ar oileán na hÉireann san áireamh i bhFíoracha Imleabhar 3B)



- 43 Ina theannta sin, rinneadh dul chun cinn rathúil ar roinnt tionscadail tarchuir ón mbliain 2006 i leith faoi fhorálacha alt 182A agus alt 182B den *Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000* (arna leasú), a bhaineann le forbairt bonneagar tarchuir leictreachais a chur ar fáil.
- 44 Ghnóthaigh forbróirí (EirGrid san áireamh), údaráis fhorordaithe agus an t-údarás inniúil (an Bord Pleanála) taithí an-luachmhar sna hiarratais sin a ullmhú agus a mheasúnú. Mionsonraítear i d**Tábla 2.2** tionscadail tarchuir atá cosúil le togra an ábhair a ndearnadh cur chun cinn rathúil orthu le blianta beaga anuas.

Tábla 2.2: Tionscadail Eile Tarchuir

Forbairt Tarchuir	Bonneagar	Sonraí	Uimh. Thagartha	Cinneadh
Idirnascaire Thoir-Thiar		D'iarr EirGrid toiliú le haghaidh cábla fomhuirí nua, bá alt trasdula ag radharc talún, cábla talún ag a bhfuil bánna alt cábla agus stáisiún tiontaire ag a bhfuil bá cábla.	PL17.VA0002	Ceadú Coinníollach
Tionscadal 110 kV Dhún na nGall		D'iarr EirGrid agus Líonraí BSL Teo. toiliú i gcomhpháirt le haghaidh líne lasnairde 110 kV nua atá 68 km ar fad agus líne lasnairde atá 33 km ar fad a nascann an Bhinn Bhán leis an Taobh Breac, le hArd na gCeapairí agus le fostáisiúin nua lena mbaineann. Tá siad go léir suite i gContae Dhún na nGall.	PL05.VA0003	Ceadú Coinníollach
Tionscadal Atreisiúcháin 110 kV Chonamara		D'iarr Líonraí BSL Teo. toiliú pleanála le haghaidh OHL 110 kV atá 48 km ar fad a nascann Lenalower le Scríb, Contae na Gaillimhe, agus uasghrádú gaolmhar Fostáisiún Scríbe atá ann cheana. Chuimsigh an ghné OHL 276 Uimh. struchtúr atá socraithe ag cuailí go príomha.	PL07.VA0004	Ceadú Coinníollach
Caisle – Gaillimh		D'iarr EirGrid toiliú le haghaidh dhá líne 110 kV nua a nascfaidh Líne Lasnairde 110 kV Uimh. 3 Casla-Gaillimh atá ann cheana le Fostáisiún 110 kV ag Páirc Eolaíochta agus Theicneolaíochta Réigiún an Iarthair de chuid an IDA in Órán Mór i gContae na Gaillimhe. Bhí an fhorbairt 2.42 km ar fad san iomlán.	PL07.VA0005	Ceadú Coinníollach
Cill Pháideog, Tairbeart, Contae Chiarraí		D'iarr EirGrid toiliú le haghaidh fostáisiún 220 kV / 110 kV nua mar aon le hoibreacha gaolmhara, lena n-áirítear línte lasnairde 220 kV / 110 kV a bhaint agus líon laghdaithe línte móide leagan cábla faoin talamh a chur ina n-áit.	PL08.VA0007	Ceadú Coinníollach
Sráid an Mhuilinn, Contae Chorcaí		D'iarr EirGrid toiliú le haghaidh fostáisiún 220 kV / 110 kV nua i Sráid an Mhuilinn mar aon le forbairt ghaolmhar a dhéanamh ar nasc 220 kV nua leis an gciorcad 220 kV atá ann cheana idir Clashavoon agus Tairbeart.	PL04.VA0008	Ceadú Coinníollach
Bricín, láimh le Caiseal, Contae Thiobraid Árann		D'iarr Bord Gáis Éireann toiliú le haghaidh fostáisiún 110 kV nua agus oibreacha súimh lena mbaineann.	PL23.VA0009	Ceadú Coinníollach
Clashavoon – Dún Mánmhaí		D'iarr EirGrid toiliú le haghaidh OHL 110 kV nua a nascann an fostáisiún 110 kV atá ann cheana ag Dún Mánmhaí, Contae Chorcaí, leis an bhfostáisiún 220 kV / 110 kV ag Clashavoon, Contae Chorcaí.	PL04.VA0010	Ceadú Coinníollach
An Paiste, Contae Chiarraí		D'iarr EirGrid toiliú le haghaidh fostáisiún GIS 220 kV / 110 kV nua, sínidh leis an bhfostáisiún AIS (Fostáisiún an Treana) agus 'lúba isteach' lena mbaineann agus ciorcad	PL08.VA0011	Ceadú Coinníollach

Forbairt Tarchuir	Bonneagar	Sonraí	Uimh. Thagartha	Cinneadh
		OHL 110 kV nua idir Fostáisiún an Treana agus feirm ghaoithe bheartaithe ag an gClochbhuaille.		
Baile na hUla, Contae Chiarraí (ar a dtugtar Tionscadal Chiarraí Thoir – Chorcaí Thiar Thuaidh)		D'iarr EirGrid toiliú le haghaidh fostáisiún GIS 220 kV / 110 kV nua agus mionathruithe áitiúla ar an Líne atá ann cheana idir Clashavoon agus Tairbeart. Áiríodh leis 9 km de cáblaí faoin talamh freisin.	PL08.VA0012	Ceadú Coinníollach
Tionscadal Atreisiúcháin an Mhuilinn Chearr		D'iarr EirGrid toiliú le haghaidh ciorcad 110 kV nua ó Fhostáisiún an Mhuilinn Chearr (Contae na hIarmhí) go Fostáisiún Chionn Átha Gad (Contae na Mí).	PL25.VA0013	Ceadú Coinníollach
Colbha Thuaidh Bhaile Átha Cliath		D'iarr EirGrid toiliú le haghaidh foirgneamh fostáisiúin 220 kV nua agus oibreacha gaolmhara.	PL06F.VA0014	Ceadú Coinníollach
Gaillimh Thiar		D'iarr EirGrid toiliú le haghaidh fostáisiún 110 kV / 38 kV nua i mbailte fearainn Leitreach, an Dúin, agus Cill an Ghaill (ó thuaidh ó Mhaigh Cuilinn), mar aon le cáblaí agus forbairt ghaolmhar.	PL07.VA0016	Ceadú Coinníollach
Laois-Cill Chainnigh		D'iarr EirGrid toiliú le haghaidh tionscadal atreistithe lena n-áirítear, i measc nithe eile, fostáisiún 400 / 110 kV nua, agus línte tarchuir 400 kV agus 110 kV nua.	PL11.VA0015	Ceadú Coinníollach

2.2.4 Conclúid

- 45 Tá stair phleanála a thosaigh beagnach 10 mbliana ó shin ag an bhforbairt a bheartaítear; de bharr cúinsí sainiúla éabhlóid an iarratais seo, bhí deis chun athbhreithniú a dhéanamh, mar chuid den phróiseas um athmheasúnú, ar na saincheisteanna agus ar na haighneachtaí uile a bhaineann leis an iarratas roimhe agus le faisnéis a fuarthas agus ar shaincheisteanna a tháinig aníos ó tarraingíodh an t-iarratas sin siar i mí an Mheithimh 2010.
- 46 Ina theannta sin, rinneadh dul chun cinn rathúil ar roinnt tionscadail eile tarchuir le blianta beaga anuas faoi fhorálacha alt 182A agus alt 182B den *Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000* (arna leasú). Lean roinnt díobh sin an creat ginearálta atá sa *Project Development and Consultation Roadmap (Treochlár um Fhorbairt Tionscadail agus Chomhairliúchán)* de chuid EirGrid.
- 47 Bhí EirGrid ábalta saincheisteanna a d'ardaigh an Bord, údaráis fhorordaithe eile agus comhlachtaí leasmhara agus an pobal (úinéirí talún san áireamh) i leith na dtionscadal forbartha agus na dtograí forbartha sin ar fad a athbhreithniú agus a chur san áireamh. Ina leith sin, léiríonn ábhar an iarratais seo ar fhorghnó buaic an bhreithnithe fhairsing ar roghanna eile agus ar shaincheisteanna lena mbaineann ábharthacht i gcomhair dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadail tarchuir tríd an bpróiseas phleanála reachtúil.

2.3 CUR SÍOS AR AN BHFORBAIRT – CIORCAD TARCHUIR AGUS OIBREACHA FOSTÁISIÚN

2.3.1 Gnéithe den Fhorbairt a Bheartaítear

48 Leagtar an fhorbairt a bheartaítear amach i **Rannán 1.5** den tuarascáil seo. Leagtar amach thíos na gnéithe den fhorbairt a bheartaítear maidir le Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin (CMSA) agus le Limistéar Staidéir na Mí (MSA):

- **CMSA – An Líne Nua 400 kV:** Is é a chuimsítear san fhorbairt a bheartaítear i Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin ciorcad tarchuir lasnairde 400 kV de chiorcad singil lena dtacaíonn 134 túr (Túr 103 go Túr 236) a shíneann ó dheas den chuid is mó ón teorainn dlínse le Tuaisceart Éireann (idir baile fearainn Doohat nó Crossreagh, Contae Ard Mhacha, agus baile fearainn na Léime Giorra, Contae Mhuineacháin) go baile fearainn Clonturkan, Contae an Chabháin, feadh achair de thart ar 46 km. Áirítear léi tailte a thrasnaíonn an seoltóir ón teorainn dlínse go Túr 103, agus ó Thúr 103 go Túr 236 go huile agus tailte a thrasnaíonn an seoltóir ó Thúr 236 go Túr 237 (an chéad túr sa chuid den fhorbairt a bheartaítear atá suite i Limistéar Staidéir na Mí).¹²Áirítear leis freisin mionathruithe ar línte lasnairde 110 kV reatha agus na hoibreacha forbartha gaolmhara agus coimhdeacha ar fad lena n-áirítear oibreacha buana agus sealadacha tógála agus tochailte.

Áirítear leis an bhforbairt a bheartaítear freisin clós stórála sealadach gaolmhar le haghaidh ábhair thógála a bheidh suite ar shuíomh atá thart ar 1.4 ha ar achar i mbaile fearainn Mhuinilte Dubh agus Mhuinilte Bán, Carraig Mhachaire Rois, Contae Mhuineacháin.


- **MSA – Líne 400 kV Nua agus Reatha:** Is éard atá san fhorbairt a bheartaítear i Limistéar Staidéir na Mí (MSA) ciorcad tarchuir lasnairde 400 kV de chiorcad singil lena dtacaíonn 165 túr nua (Túr 237 go Túr 401) a shínfidh thart ar 54.5 km idir Túr 237 i mbaile fearainn Clonturkan i gContae an Chabháin agus Túr 402 (túr ciorcaid dhúbailte atá ann cheana féin ar an líne tharchuir 400 kV idir an tSeansráid agus Fearann na Coille) i mbaile fearainn Bogganstown (Toghroinn Chúil Mhaoilín), Contae na Mí. Áirítear leis freisin mionathruithe ar líne lasnairde 110 kV reatha agus na hoibreacha forbartha gaolmhara agus coimhdeacha ar fad lena n-áirítear oibreacha buana agus sealadacha tógála agus tochailte.

¹²Idir Túr 106 agus 107, trasnaíonn an líne tharchuir a bheartaítear an teorainn dlínse le Tuaisceart Éireann in dhá áit – ó bhaile fearainn na Léime Giorra, Contae Mhuineacháin, isteach i mbaile fearainn na Croise Báine, Contae Ard Mhacha, agus ar ais go baile fearainn na Léime Giorra, Contae Mhuineacháin. Mar thoradh air sin, téann cuid den bhealach idir Túr 106 agus Túr 107 thar Thuaisceart Éireann. Tá an chuid sin mar chuid de thogra SONI.

Tá ciorcad nua 400 kV i gceist leis an bhforbairt a bheartaítear freisin a shínfídh 2.85 km feadh an taoibh (thuaidh) nach bhfuil á úsáid faoi láthair den líne tharchuir lasnairde 400 kV de chiorcad dúbailte atá ann cheana féin (an líne tharchuir 400 kV idir an tSeansráid agus Fearann na Coille) soir ó Thúr 402 i mbaile fearainn Bogganstown (Toghroinn Chúil Mhaoilín) i gContae na Mí a fhad le Túr 410 agus Fostáisiún Fhearann na Coille i mbaile fearainn Fhearann na Coille, Contae na Mí.

Cuireann sé san áireamh freisin síneadh le Fostáisiún Fhearann na Coille de chuid BSL atá ann cheana, i mbaile fearainn Fhearann na Coille, Contae na Mí, agus oibreacha laistigh den fhostáisiún sin.

- 49 Ar mhaithe le soiléireacht agus le caoithiúlacht, cuirtear an ciorcad foriomlán sin i láthair i dtrí fhíor: **Fíor 2.4**, **Fíor 2.5** agus **Fíor 2.6** maidir le codanna de Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin agus de Limistéar Staidéir na Mí.



Fíor 2.4: An Chuid den Línebhealach a Bheartaítear atá suite i Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin (CMSA)



Fíor 2.5: An Chuid den Línebhealach a Bheartaítear atá suite i Limistéar Staidéir na Mí (MSA)



Fíor 2.6: Ciorcad Nua a Chur leis feadh Thúr 402 go Túr 410 den líne lasnaide 400 kV atá anncheana idir an tSeansráid agus Fearann na Coille i Limistéar Staidéir na Mí (MSA)


2.3.2 Gnéithe den Líne Lasnaide

50 Tá roinnt gnéithe i gceist le líne lasnaide (OHL). Tá dearadh na líne lasnaide agus an cur chuige a ghlactar i leith na líne lasnaide ina phríomh-shaincheist i bpróiseas deartha na líne. Is iad seo a leanas na gnéithe sin:

- Túir agus dúshraitheanna gaolmhara; agus
- Seoltóirí agus sciathshreanga (sreanga) agus crua-earraí gaolmhara (lena n-áirítear inslitheoirí agus feistis).

51 Tá na túir ar cheann de na comhpháirteanna is tábhachtaí den líne lasnaide. Is gnách trí chineál túir a úsáid le haghaidh forbairtí tarchuir líne lasnaide (OHL): túir idirmheánacha nó chrochta, túir uillinne / theannais agus túir thrasuímh. Tar éis dearaí comhroghnacha túir a bhreithniú (feic Caibidil 4, **Imleabhar 3B** den EIS), beartaítear an dearadh túir chruach laitíse theorollta C-IVI-1 ('IVI'), a chuimsíonn na trí chineál túir réamhluaithe, don fhorbairt a bheartaítear.

52 Ardaíonn an dearadh IVI an pas láir chun airde shamhalta an túir a ardú agus leithead an túir a laghdú, a chruthaíonn cuma thanaí ar an struchtúr. Tá cruth foriomlán an túir cosúil le diamant suite ar bharr corp réasúnta caol. Léirítear i bhFíor 2.7 an leagan amach ginearálta don dearadh túir IVI (lena n-áirítear seoltóirí agus an bonneagar gaolmhar).



1. Sreang thalmhaithe / Sciathshreanga (chun an ciorcad fúthu a chosaint ar bhuille tintrí)

2. Inslitheoirí (chun na seoltóirí iompair a scaradh ón struchtúr túir cruach)

3. Seoltóirí (na línte atá ag iompar an tsrutha leictirigh)

4. Túr (an struchtúr a thacaíonn leis na seoltóirí agus le gaireas eile)

5. Dúshraith choincréite do bhonra gach túir (chun neart agus sláine an túir a chinntiú)

Fíor 2.7: Leagan Amach Ginearálta an Túir IVI

2.3.3 Mionathruithe ar Línte Tarchuir 110 kV atá ann cheana

53 Áirítear leis an bhforbairt a bheartaítear freisin mionathruithe ar línte tarchuir lasnairde 110 kV reatha Lisdrum-Lú, Lú-Rathrussan, agus Ármhach-na hUaimhe. Beidh na mionathruithe roimh ré sin de dhíth lena áirithiú go gcoinnítear na glanspásanna sábháilteachta leictreacha imleora idir líne lasnairde 110 kV agus seoltóir 400 kV áit a dtrasnaíonn siad. Áirítear leis na mionathruithe sin airde na línte tarchuir 110 kV reatha a íslíú áit a dtrasnaíonn siad bealach na líne 400 kV a bheartaítear. Bainfear é sin amach trí shraitheanna breise cuaillí adhmaid a chur isteach agus / nó trí shraitheanna cuaillí níos ísle a chur in ionad na struchtúr reatha mar seo a leanas:

- In áiteanna a dtrasnaíonn an líne tharchuir lasnairde 400 kV a bheartaítear líne tharchuir 110 kV Lisdrum-Lú, beartaítear dhá shraith cuaillí nua (a bheidh thart ar 14

m agus 16 m ar airde) a chur isteach. Ina theannta sin, cuirfear sraith cuailí nua a bheidh thart ar 12 m ar airde in ionad sraith cuailí reatha atá 17.7 m ar airde.

- In áiteanna a dtrasnaíonn an líne tharchuir lasnairde 400 kV a bheartaítear líne tharchuir 110 kV Lú-Rathrussan, cuirfear sraitheanna cuailí nua (a mbeidh an dá cheann acu thart ar 19 m ar airde) in ionad túr cruach laitíse reatha atá 19.6 m ar airde agus sraith cuailí reatha atá 19.7 m ar airde.
- In áiteanna a dtrasnaíonn an líne tharchuir lasnairde 400 kV a bheartaítear líne tharchuir 110 kV Ármhach-na hUaimhe, cuirfear dhá shraith cuailí nua (a mbeidh an dá cheann acu thart ar 14 m ar airde) in ionad dhá shraith cuailí reatha (atá 14.7 m agus 15.7 m ar airde).

2.3.4 Suíomhanna Túr a Shocrú

54 San iarratas roimhe seo ar fhaomhadh pleanála (ar tarraingíodh siar é in 2010), iarraidh faomhadh ar sholúbthacht chun suíomhanna na dtúr a bhogadh laistigh de theorainneacha saineolaí le linn chéim na tógála; tugadh ‘micreashuí’ air sin. Níl micreashuí á lorg mar chuid den iarratas reatha seo. Aithnítear sa dearadh líne don fhorbairt a bheartaítear dá bhrí sin suíomhanna struchtúr túir socraithe don chiorcad tarchuir nua. Tugtar soiléiriú sa dearadh sin d’úinéirí talún agus do pháirtithe leasmhara eile maidir le suíomh na líne lasnairde agus an bhonneagair ghaolmhair i gcoibhneas le gabháltas talún ar leith, le háitreabh sa chomharsanacht, le foirgnimh, le struchtúir eile agus le cúrsaí eile ar nós srianta comhshaoil.

2.3.5 Oibreacha laistigh de Shuíomh an Fhostáisiúin reatha

55 Is gá Fostáisiún Fhearann na Coille atá ann cheana a shíneadh chun gur féidir an ciorcad nua 400 kV a cheangal. Tuairim is 7.7 heicteár (ha) atá san fhostáisiún atá ann cheana. Tá sé lonnaithe laistigh de thalamh atá faoi úinéireacht BSL, atá thart ar 27.2 ha ar achar. Déanfar na hoibreacha a bheartaítear ar shuíomh a chlúdaíonn thart ar 0.544 ha laistigh den fhostáisiún agus go díreach in aice leis a éilíonn síneadh iartharach atá thart ar 0.231 ha ar fad leis an bhfostáisiún atá ann cheana.

56 I measc na n-oibreacha gaolmhara, tá mionathruithe gaolmhara ar an gcláí pailise teorann 2.6 m ar airde atá ann cheana agus trealamh leictreach agus gaireas leictreach a chur lena n-áirítear scoradán ciorcaid, claochladáin srutha, claochladáin phoitéinsil ionduchtacha, dínascáirí, lasca dínasctha pantagraif, coscairí borrrha, inslitheoirí tacaíochta agus barraí inslitheora tacaíochta struchtúir dhroichid agus aeróg aonpholach thintrí (agus beidh gach ceann acu idir thart ar 7.4 m agus 28 m ar airde) agus na hoibreacha tógála agus forbairt láithreáin gaolmhara go léir.

- 57 Feic Rannán 6.3.4 d'**Imleabhar 3B** den chun tuilleadh sonraí a fháil ar na hoibreacha atá beartaithe laistigh d'Fhostáisiún reatha Fhearann na Coille.

2.3.6 Tógáil

2.3.6.1 Oibreacha coimhdeacha le haghaidh Tógáil Línte Lasnairde

- 58 Seo a leanas na hoibreacha gaolmhara agus coimhdeacha agus úsáidí talún atá riachtanach chun an fhorbairt a bheartaítear a thógáil:


- Bábhún stórála sealadach le haghaidh ábhar tógála i Muinilte Dubh agus i Muinilte Bán, Carraig Mhachaire Rois, Contae Mhuineacháin ina bhfuil, i measc nithe eile, oibreacha gaolmhara suímh, bealach isteach nua chuig an láithreán ar Bhóthar Áitiúil an L4700, sonnach teorann a bheidh 2.6 m ar airde (agus bacainn torainn air) agus áiseanna gaolmhara coimhdeacha agus spásanna gaolmhara coimhdeacha páirceála don fhoireann; agus
- An fhorbairt ghaolmhar agus oibreacha coimhdeacha ar fad lena n-áirítear oibreacha buana agus sealadacha tógála agus tochailte.

2.3.6.2 Tógáil Línte Lasnairde

- 59 Meastar go leanfar le hoibreacha tógála don tionscadal iomlán ar feadh tréimhse trí bliana. Ní mhaireann tógáil aon túir ar leith ach achar gearr, áfach, mar déantar na hoibreacha ag gach túr i sraith céimeanna éagsúla bunaithe ar na tréimhsí a dtugtar breac-chuntas orthu thíos. Baineann na saintréithe seo a leanas le tógáil OHL:

- Is gníomhaíochtaí sealadacha iad na hoibreacha tógála ar fad;
- Tógtar OHL ar shuíomh fada líneach, a fhágann go dtugtar faoi ghníomhaíochtaí tógála de réir ord agus láthair ar leith ar feadh tréimhse theoranta ama;
- Mar thoradh air sin, cruthaítear limistéir iargúlta de ghníomhaíochtaí tógála ag suíomh gach struchtúir atá teoranta ó thaobh méide de (clúdaíonn an limistéar oibre 30 m x 30 m de ghnáth) ar feadh tréimhsí gearra ama; agus
- Is minic is ionann méid agus scála don chineál innealra a theastaíonn do thógáil OHL – lena n-áirítear tochtóirí, dumpairí, trucaillí coinchréite, feithiclí 4 x 4, rigí píleála, teiliompróirí, caidéil uisce agus uirlisí beaga – agus don innealra a úsáidtear chun tithe tuaithe a thógáil i gceantar tuaithe agus le haghaidh gnáthghníomhaíochtaí feirmeoireachta.

- 60 Faoi mar a léirítear i bhFíor 2.8, tógfar an líne lasnairde i gcúig chéim ghinearálta, san ord seo thíos, dé réir clár rollach d'fhaid ama mheasta:
- Céim 1 – Obair Ullmhúcháin ar Láithreáin (1 – 7 lá);
 - Céim 2 – Bunsraitheanna Túir; gnáthshuiteáil (3 – 6 lá), suiteáil píleála (5 – 10 lá);
 - Céim 3 – Túir a Chur i dToll a Chéile agus a Chur in Airde agus Athchóiriú Tosaigh (3 – 4 lá);
 - Céim 4 – Suiteáil Seoltóra / Inslitheora (7 lá); agus
 - Céim 5 – Athchóiriú Deiridh na Talún (1 – 5 lá).
- 61 De ghnáth, déantar Céim 1, 2 agus 3 mar chuid de chonradh amháin agus, nuair a chuirtear iad sin i gcrích, déantar na tailte timpeall ar an suíomh tógála a athchóiriú. Ní féidir Céim 4 agus 5 a dhéanamh go dtí go mbeidh Céim 1, 2 agus 3 curtha i gcrích.
- 62 Gníomhaíocht Chéim 4 is ea ciorcad nua a chur leis feadh Thúr 402 go Túir 410 den líne lasnairde 400 kV atá ann cheana idir an tSeansráid agus Fearann na Coille (feic Fíor 2.6). Den chúig chéim tógála a bhaineann le OHL, ní bhaineann ach Céim 4 i gcás Túir 402-410.
- 63 I dtionscadal ina bhfuil fad líneach den sórt seo, is dócha go mbeidh eatramh suas le 12 mhí idir críochnú Chéim 1, 2 agus 3 agus tús Chéim 4 agus 5. Déanfar na tailte a athchóiriú ionas gur féidir leanúint lena n-úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí talmhaíochta i rith na tréimhse sin.
- 64 Ag féachaint ar an bhfad ama measta atá mionsonraithe thuas maidir le gach céim ar leith, meastar go mairfeadh Céim 1, 2 agus 3 idir 7 agus 17 lá go carnach i gcás na suiteála caighdeánaí nó idir 9 agus 21 lá i gcás na suiteála píleála. Déanfar athchóiriú tosaigh ar na tailte agus fillfidh na conraitheoirí tuairim is 12 mhí ina dhiaidh sin ar feadh 8-12 lá chun na hoibreacha a chríochnú agus chun na tailte a athchóiriú ar bhonn críochnaitheach.
- 65 Ar an ábhar sin, meastar an fad ama carnach a bheidh de dhíth ar aon suíomh ar leith i rith thréimhse thógála 3 bliana an tionscadail ag 15-29 lá i gcás na suiteála caighdeánaí nó 17-33 lá i gcás na suiteála píleála.



Fíor 2.8: Gnáthoibreacha Tógála

(Foinse: Landowner Information Brochure [Bileog Faisnéise d'Úinéirí Talún] [Iúil 2013] chun críocha léiritheacha amháin)

3 COMHTHÉACS NA REACHTAÍOCHTA

3.1 BONNEAGAR STRAITÉISEACH

- 1 Tagann an t-iarratas seo ar fhorghéar pleanála le haghaidh na forbartha a bheartaítear faoi fhorálacha na n*Achtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2014*. Go sonrath, chuir an t*Acht um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach) 2006* alt 182A, 182B agus 182E isteach san *Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000* (Acht 2000), a bhaineann le soláthar forbairt tarchuir leictreachais.
- 2 Soiléiríonn alt 182A(9) go bhforléirítear ‘*tarchur*’ mar iompar leictreachais freisin trí (a) líne ardvoltais ina mbeadh an voltas 110 kV nó níos mó, nó (b) idirnascaire, cuma má dhílsítear úinéireacht an idirnascaire don ghníomhaí nó nach ndílsítear. Agus aird á tabhairt ar a bhfuil thuas, cuirtear san áireamh go soiléir sa sainmhíniú ar “*forbairt a chuimsíonn tarchur leictreachais nó chun críocha tarchur leictreachais*” gach forbairt a bhaineann leis an bhforbairt a bheartaítear, atá ina líne ardvoltais mar arb ionann an voltas agus 110 kV nó níos mó, agus ina cuid d’idirnascaire iomlán a bheartaítear araon. Dá réir sin, is é atá san iarratas faoi alt 182A agus sa phróiseas cinnteoireachta faoi alt 182B ná an nós imeachta formheasa le haghaidh na forbartha a bheartaítear.
- 3 Le Treoir 2011/92/AE de mhí na Nollag 2011, códaítear Treoir 85/337 um Measúnacht Tionchair Timpeallachta (EIA), an treoir bhunaidh, agus na trí leasú a dhéantar uirthi. Baineann Treoir 2011/92/AE le measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol atá ag na tionscadail phoiblí agus phríobháideacha ar dóigh dóibh tionchar suntasach a bheith acu ar an gcomhshaol.¹³
- 4 Sonraíonn Treoir an EIA, dá bharr sin, na forbairtí a n-éileofar EIA ina leith agus an fhaisnéis nach mór a thabhairt in EIS, agus í ullmhaithe ag forbróir i gcomhar leis an bhforbairt a bheartaítear. Éilítear leis an Treoir sin anois EIA éigeantach le haghaidh línte cumhachta leictrí lasnaide a bhfuil voltas de 220 kV nó níos mó acu agus atá níos faide ná 15 km.

¹³Déanann Treoir 2014/52/AE an 16 Aibreán 2014 Treoir 2011/92/AE a leasú. Ní foláir do na Ballstáit an Treoir a thrasú i reachtaíocht náisiúnta agus na rialacha nua a chur i bhfeidhm faoin 16 Bealtaine 2017.

- 5 Tagann an fhorbairt a bheartaítear laistigh de raon Iarscríbhinn I le Treoir an EIA (agus Cuid 1 de Sceideal 5 leis na *Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001* (arna leasú) atá coibhéiseach) agus, dá réir sin, de bhun fhorálacha alt 172 den *Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000*, ceanglaítear ar an mBord EIA a dhéanamh i leith an iarratais ar fhorbairt le haghaidh na forbartha a bheartaítear. Ina leith sin, rinne EirGrid EIS a ullmhú agus a chur isteach leis an iarratas (feic **Imleabhar 3** de na cáipéisí iarratais).

3.2 AN RIACHTANAS A BHAINNEANN LE MEASÚNÚ OIRIÚNACHTA

- 6 Is iad an Treoir maidir le Gnáthóga (Treoir 92/43/CEE) agus an Treoir maidir le hÉin (Treoir 2009/147/CE) na bunchlocha de bheartas an Aontais Eorpaigh um Chaomhnú an Dúlra. Leagtar amach sna forálacha sin nósanna imeachta agus oibleagáidí éagsúla maidir le bainistiú chaomhnú an dúlra i mballstáit an AE i gcoitinne, agus maidir le gnáthóga agus le speicis lena mbaineann tábhacht Eorpach go háirithe.
- 7 Soláthraítear le hAirteagal 3 go hAirteagal 9 den Treoir maidir le Gnáthóga modhanna reachtaíochta an AE chun gnáthóga agus speicis inspéise a chosaint trí líonra suíomhanna ar fud an AE ar a dtugtar Natura 2000 a bhunú agus a chaomhnú. Áirítear leis na cinn sin de láithreáin Natura 2000 Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SACanna) arna n-ainmniú faoin Treoir maidir le Gnáthóga agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPAanna) arna n-ainmniú faoin Treoir maidir le hÉin. Anuas air sin, ionchorpraítear i reachtaíocht na hÉireann SACanna is iarrthóirí agus SPAanna a bheartaítear laistigh den sainmhíniú ar ‘shuíomhanna Eorpacha’. Dá bhrí sin, cuirtear an leibhéal cosanta céanna ag na limistéir sin is iarrthóirí agus na limistéir sin a bheartaítear is atá ag suíomhanna a bhfuil an próiseas sainiúcháin fhoirmiúil curtha i gcrích acu cheana.
- 8 Meicníocht thábhachtach cosanta is ea an ceanglas chun breithniú a dhéanamh ar aon impleachtaí i leith chaomhnú an dúlra a d’fhéadfadh a bheith ag plean nó tionscadal ar líonra láithreán Natura 2000 sula ndéanfar aon chinneadh a cheadaíonn leanúint leis an bplean nó leis an tionscadal sin. Éilíonn an Treoir, i measc nithe eile, go ndéanfar measúnú oiriúnachta maidir leis na himpleachtaí don láithreán ag féachaint do chuspóirí caomhnaithe an láithreáin ar aon phlean nó tionscadal nach bhfuil ceangal díreach acu le bainistíocht an láithreáin faoi chosaint nó nach bhfuil riachtanach i dtaca le bainistíocht an láithreáin ach ar dóigh go mbeidh tionchar suntasach acu air. I gcomhthéacs chonclúidí an mheasúnaithe ar na himpleachtaí i leith an tsuímh, ní dheonóidh an t-údarás inniúil formheas forbartha ach tar éis dó a fháil amach nach mbeidh tionchar diúltach aici ar shláine an tsuímh lena mbaineann.
- 9 Sa chás seo, éileoidh an fhorbairt a bheartaítear go dtrasnófar Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPA) agus Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta is iarrthóir (cSAC) na Bóinne

agus na hAbhann Duibhe faoi dhó, i gcásanna ina rachaidh an líne lasnairde (OHL) thar chodanna beaga de na limistéir faoi chosaint, cé nach suítear aon struchtúir ná oibreacha laistigh de na suíomhanna sainithe sin ná laistigh d'aon suíomhanna sainithe eile. Féachadh freisin ar láithreáin Eorpacha atá lasmuigh de lorg na forbartha a bheartaítear, go háirithe SPAnna ina bhfuil an Eala Ghlórach ina gné cháilitheach, mar caitheann pobail bheaga den speiceas móibíleach seo tréimhse an gheimhridh i gcóngaracht na forbartha a bheartaítear. D'fhonn cloí le ceanglais dhlí an AE agus dhlí na hÉireann, agus chun cabhrú leis an mBord an Measúnú Oiriúnachta (AA) riachtanach a dhéanamh, cuirtear Ráiteas Tionchair Natura (NIS) san áireamh sna cáipéisí iarratais (féach **Imleabhar 5** de na cáipéisí iarratais).

3.3 TIONCHAR TRASTEORANN

- 10 Is é Airteagal 7 de Threoir Chomhdhlúite an EIA 2011/92/EU an bonn le haghaidh comhairliúcháin idir Ballstáit maidir le tionchar suntasach dóchúil na forbartha a bheartaítear i stát amháin ar an gcomhshaol i mBallstát eile. Is i ndáil le faisnéis agus comhairliúcháin atá an phríomhoibleagáid arna forchur le hAirteagal 7(1):

“I gcás gurb eol do Bhallstát gur dóigh go mbeidh tionchar suntasach ag tionscadal ar an gcomhshaol i mBallstát eile nó i gcás go n-iarrfaidh Ballstát ar dócha go ndéanfar difear suntasach dó amhlaidh, cuirfidh an Ballstát a mbeartaítear go dtabharfar faoin tionscadal ina chríochsa, a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná an tráth a chuirfeadh a phobal féin ar an eolas, an méid seo a leanas chuig an mBallstát buailte, inter alia:

- (a) cur síos ar an tionscadal, mar aon le haon fhaisnéis atá ar fáil faoina thionchar trasteorann féideartha;*
- (b) faisnéis faoi chineál an chinnidh a fhéadfar a dhéanamh.” [aistriúchán neamhoifigiúil]*

- 11 Baineann tábhacht le saincheist na mbreithniúcháin trasteorann a chuirfeadh san áireamh laistigh de phróiseas an EIA maidir leis an tionscadal idirnasctha a bheartaítear mar gur idirnascaire trasteorann idir Éire agus Tuaisceart Éireann é an t-idirnascaire a bheartaítear (atá ina líne lasnairde 400 kV a nascann an fostáisiún 400 kV atá ann cheana i bhFearann na Coille, Contae na Mí le fostáisiún beartaithe in Turleenan, Contae Thír Eoghain).

- 12 Dá réir sin, agus an EIS (agus *Comhthuarascáil Chomhshaoil*¹⁴ – feic **Imleabhar 4** de na cáipéisí iarratais) a ghabhann leis an iarratas seo ar fhormheas phleanála á n-ullmhú agus á gcur isteach, tugadh aird ar an tionchar trasteorann suntasach ar dóigh dó a bheith i gceist leis an bhforbairt a bheartaítear, agus tugtar breithmheas iomlán ina gcuimsítear an tionscadal iomlán agus ina ndéantar measúnú ar thionchar na forbartha.
- 13 Breithnítear gach tionchar féideartha san EIS a cuireadh ar fáil, mar aon leis na sonraí eile iarratais, don Roinn Comhshaoil i dTuaisceart Éireann. Ní mór don Bhord torthaí an chomhairliúcháin trasteorann sin a chur san áireamh sa nós imeachta um thoilíú forbartha.

3.4 LÍNÍOCHTAÍ AN IARRATAIS PHLEANÁLA

- 14 Cuirtear i láthair in **Imleabhar 1B** de na cáipéisí iarratais líníochtaí an iarratais phleanála le haghaidh na forbartha a bheartaítear.
- 15 Ag cloí leis an ‘Nóta Treorach Ginearálta’ ag deireadh na foirme iarratais SID, tá raon agus formáid an ábhair is gá a chur isteach leis an iarratas agus go háirithe na líníochtaí phleanála, nuair is infheidhme, ag réiteach go ginearálta leis na riachtanais le haghaidh iarratas phleanála mar atá leagtha amach sna *Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001* (arna leasú).
- 16 Anuas air sin, cuireadh bonn eolais faoi ullmhú líníochtaí an iarratais phleanála le comhfhreagras an Bhoird dar dáta an 13 Deireadh Fómhair 2014 (feic **Rannán 3.8.3** den tuarascáil phleanála seo).
- 17 Cuirtear Sceideal Líníochtaí san áireamh leis an bhFoirm Iarratais Phleanála (feic **Imleabhar 1A** de na cáipéisí iarratais phleanála).

3.5 COMHAIRLIÚCHÁN RÉAMHIARRATAIS

- 18 Ceanglaítear le halt 182E den *Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000* (arna leasú), go rachaidh iarratasóir ionchasach, sula ndéantar iarratas ar fhormheas le haghaidh forbairt tarchur leictreachais, isteach i gcomhairliúcháin leis an mBord maidir leis an bhforbairt a

¹⁴ Tá *Comhthuarascáil Chomhshaoil* ullmhaithe ag na hiarratasóirí faoi seach ina gcuimsítear an t-idirnascaire a bheartaítear idir Turleenan, Contae Thír Eoghain agus Fearann na Coille, Contae na Mí ar bhealach a dhéanann measúnú ar a thionchar foriomlán agus, go háirithe, ar thionchar trasteorann díobhálach atá carnach agus suntasach, ar bhealach atá comhsheasmhach leis an gcur chuige a mholtar sa treoir ón gCoimisiún Eorpach le déanaí – *Guidance on the Application of the Environmental Impact Assessment Procedure for Large-scale Transboundary Projects (Treoir maidir le Feidhmiú an Nóis Imeachta um Measúnacht Tionchair Timpeallachta do Thionscadail Mhórscála Trasteorann)* (Bealtaine 2013).

bheartaítear. Le linn an phróisis seo, féadfaidh an Bord comhairle a thabhairt maidir leis an iarratas, lena n-áirítear na nósanna imeachta lena mbaineann agus na breithniúcháin a bhaineann le planáil chúí agus le forbairt inbhuanaithe agus leis an gcomhshaol a d'fhéadfadh, ina thuairim, dul i bhfeidhm ar a chinneadh. Bhí EirGrid, agus a chomhairligh páirteach i gcomhairliúchán leis an mBord roimh chur isteach an iarratais. Leagtar liosta de na dátaí amach i d**Tábla 3.1**, i dteannta achoimre an iarratasóra ar na buncheisteanna a pléadh ag na comhairliúcháin réamhiarratais reachtúla sin.

- 19 Cuireadh comhairliúchán breise ar siúl le comhlachtaí forordaithe (lena n-áirítear Comhairle Contae Mhuineacháin, Comhairle Chontae an Chabháin agus Comhairle Chontae na Mí) – feic Sceideal 5 den Fhoirm Iarratais Phleanála (**Imleabhar 1A**) agus Caibidil 3 d'**Imleabhar 3B** den EIS.

Tábla 3.1: Comhairliúchán Réamhiarratais leis an mBord Pleanála

Dáta an Chruinnithe	Príomh-shaincheisteanna
An tIarratas Roimhe seo ar Fhormheas Reachtúil	<p>Áiríodh leis na saincheisteanna ábhartha a ardaíodh le linn na gcruinnithe réamhiarratais maidir leis an iarratas roimhe seo, i measc nithe eile:</p> <ul style="list-style-type: none"> Roghanna eile (lena n-áirítear líne faoi thalamh [UGC] in aghaidh líne lasnairde [OHL]); roghanna um chonair bhealaigh – lena n-áirítear soir ón Uaimh; Tionchar trasteorann; agus An próiseas um roghnú bealaigh maidir le tithe, seandálaíocht agus oidhreacht chultúrtha.
2 Nollaig 2010	Ba é ba chuspóir leis an gcruinniú sin breac-chuntas a thabhairt ar ghníomhaíochtaí i ndiaidh an t-iarratas roimhe seo a tharraingt siar (i.e. Forbairt Idirnasctha 400 kV na Mí-Thír Eoghain).
31 Iúil 2013	<p>Ba é an fócas sa chruinniú sin an Bord a thabhairt chun dáta maidir leis na gníomhaíochtaí ón gcruinniú roimhe sin lena n-áirítear, i measc nithe eile, torthaí Athbhreithniú an Choimisiúin um Shaineolaithe Neamhspleácha (ar an gcás i leith Forbairt Idirnasctha 400kV na Mí-Thír Eoghain ar fad, nó cuid di, a leagan faoin talamh agus an costas a bhainfeadh leis sin), <i>Government Policy Statement on the Strategic Importance of Transmission and Other Energy Infrastructure (Ráiteas Beartais an Rialtais maidir leis an Tábhacht Straitéiseach a Bhaineann le Tarchur agus le Bonneagar Fuinnimh Eile)</i>, <i>Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)</i>, agus gníomhaíochtaí reatha tar éis fhoilsiú an <i>Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)</i>.</p> <p>I measc na bpríomh-shaincheisteanna a bhain le hábhar an EIS bhí: na himpleachtaí (más ann dóibh) a bheadh ann mura lorgófaí cead a thuilleadh don fhostáisiún ag Maothail agus an bhféadfaí an líne a shuí níos faide soir; an próiseas um roghnú bealaigh maidir le tithe, éiceolaíocht agus tírdhreacha stairiúla; agus roghanna eile túr.</p>
20 Lúnasa 2013	D'iarr EirGrid tuairim scópála ón mBord.
15 Deireadh Fómhair 2013	Ba é an fócas sa chruinniú sin an Bord a thabhairt chun dáta maidir le gníomhaíochtaí ó fhoilsiú an <i>Preferred</i>

Dáta an Chruinnithe	Príomh-shaincheisteanna
	<i>Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)</i> , lena n-áirítear rannpháirtíocht le húinéirí talún, mionathruithe ar an dearadh líne táscach agus saincheisteanna a tháinig chun cinn. Cuireadh béim sa phlé chomh maith ar nósanna imeachta maidir le tionchar trasteorann féideartha comhshaoil na forbartha a bheartaítear ar an gcomhshaoil i gceantar i mBallstát.
11 Nollaig 2013	D'eisigh an Bord a thuairim scópála faoin bhfaisnéis a chuimseofar san EIS.
18 Nollaig 2013	Ba é an fócas sa chruinniú sin tuairisc chun dáta a thabhairt don Bhord maidir le dréachtú an EIS agus sonraí an iarratais agus tuairim scópála an Bhoird a phlé. I measc na gcúrsaí ábhartha eile bhí saincheisteanna agus nósanna imeachta trasteorann, an <i>Chomhthuarascáil Chomhshaoil</i> agus na deacrachtaí a tháinig chun cinn.
23 Nollaig 2013	Cruinniú leantach ab ea é seo chun saincheisteanna sainiúla a tháinig as an gcruinniú an 18 Nollaig a shoiléiriú lena n-áirítear an leibhéal sonraí a bhí le cur in imlíne <i>Plean Bainistíochta Tógála agus Comhshaoil</i> atá le cur san áireamh mar Aguisín leis an EIS seo.

20 Mar a phléitear go mionsonraithe i **Rannáin 3.6 go 3.8**, d'oibrigh EirGrid ar leithligh leis an mBord Pleanála mar an t-údarás iniúil sainithe le haghaidh Tionscadail Leasa Choitinn (PCI), chun ceanglais fhorordaithe a chomhlíonadh de bhun Airteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2013 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagair thras-Eorpaigh fuinnimh agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1364/2006/CE agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 713/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 (dá ngairtear Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 anseo ina dhiaidh seo).

3.6 TIONSCADAL LEASA CHOITINN (PCI)

21 Faoi Rialachán (AE) Uimh. 347/2013, shainithin an Coimisiún Eorpach 12 thosaíocht straitéiseacha maidir le bonneagar tras-Eorpach fuinnimh. Is ríthábhachtach na tosaíochtaí sin i leith bonneagar fuinnimh a chur i bhfeidhm faoin mbliain 2020 le go mbainfí amach cuspóirí an Aontais i dtaobh beartas fuinnimh agus aeráide. Is suntasach gur ceann de na ceithre 'Conairí Tosaíochta Leictreachais' a shainithnítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán an AE Uimh. 347/2013 ná:

"(2) Idirnaisc leictreachais Thuaidh-Theas in Iarthar na hEorpa ("ITT leictreachas an Iarthair"): idirnaisc idir Ballstáit na réigiún agus an limistéar Meánmhara lena n-áirítear leithinis na hIbéire, go háirithe chun leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh a chomhtháthú agus bonneagair eangaí inmheánaí a atreisiú chun comhtháthú margaidh sa réigiún a chothú.

Na Ballstáit lena mbaineann: an Ostair, an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin, Éire, an Iodáil, Lucsamburg, an Ísiltír, Málta, an Phortaingéil, an Spáinn agus an Ríocht Aontaithe.”

22 Déantar tagairt in Airteagal 7 de Rialachán 347/2013 don ‘stádas tosaíochta’ a bhaineann le ‘Tionscadail Leasa Choitinn’¹⁵ (PCInna) maidir le ‘Ceadanna a Dheonú agus Rannpháirtíocht Phoiblí’. Leagtar amach an méid seo a leanas ann:

“1. Tríd an liosta Aontais a ghlacadh, bunófar, chun críocha aon chinntí arna n-eisiúint sa phróiseas deonaithe ceadanna, an gá atá leis na tionscadail sin ó thaobh dearcaidh beartais fuinnimh de, gan dochar do shuíomh beacht, do ródú ná do theicneolaíocht an tionscadail.

2. Chun próiseáil éifeachtúil riaracháin na gcomhad iarratais a bhaineann le tionscadail leasa choitinn a áirithiú, áiritheoidh tionscnóirí tionscadail agus na húdaráis uile lena mbaineann go dtabharfar an chóir is gasta is féidir ó thaobh an dlí de do na comhaid sin.

3. Nuair is ann don stádas sin sa dlí náisiúnta, tabharfar an stádas náisiúnta is airde is féidir do thionscadail leasa choitinn agus caithear leo amhail is go bhfuil an stádas sin acu i bpróisis deonaithe ceadanna — agus i gcás ina ndéantar foráil ina leith sin sa dlí náisiúnta, maidir le pleanáil spáis — lena n-áirítear sna cinn a bhaineann le measúnuithe comhshaoil, i gcás ina bhforáiltear go gcaithfead leo amhlaidh sa dlí náisiúnta is infheidhme maidir leis an gcineál comhfhreagrach bonneagair fuinnimh.”

23 Go simplí, tá sé mar aidhm leis an Rialachán tionscadail tosaíochta a chur i bhfeidhm trí na ballstáit a spreagadh chun na próisis deonaithe ceadanna a shruthlíniú lena bhfad a laghdú go mór agus rannpháirtíocht phoiblí agus glacadh an phobail a mhéadú maidir le cur i bhfeidhm tionscadal dá leithéid¹⁶.

24 I mí Iúil 2012, de bhun cuiridh ón gCoimisiún Eorpach, chuir na tionscnóirí tionscadail faoi seach togra comhphárteach isteach go n-áireofaí an tionscadal idirnascaire a bheartaítear leis an gcéad liosta de Thionscadail Leasa Choitinn de chuid an Aontais.

¹⁵ Ciallaíonn ‘Tionscadal Leasa Choitinn’ tionscadal a bhfuil gá leis chun na conairí agus réimsí tosaíochta sa bhonneagar fuinnimh atá leagtha amach in Iarscríbhinn 1 a chur chun feidhme agus ar cuid é de liosta uile-Aontais na dtionscadal leasa choitinn dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán an AE Uimh. 347/2013.

¹⁶ Chuige sin, d’eisigh an Coimisiún Eorpach Treoircháipéis dar teideal *Streamlining Environmental Assessment Procedures for Energy Infrastructure “Projects of Common Interest” (PCIs)* (Nósanna Imeachta um Measúnú Comhshaoil a Chuíchóiriú le haghaidh “Tionscadail Leasa Choitinn” [PCInna] a Bhaineann le Bonneagar Fuinnimh) (an 24 Iúil 2013).

25 Sainithníodh i Rialachán Tarmligthe an Choimisiúin Eorpaigh, 1391/2013, arna eisiúint an 14 Deireadh Fómhair 2013, na tionscadail a bheidh ina gcuid de chéadliosta PCInna an AE agus rinneadh cur síos ann ar an bpróiseas a bhí ina bhunús le sainithint na dtionscadal sin. Bhí 248 tionscadal ar an liosta deiridh. Liostaíodh iad mar PCInna neamhspleácha nó mar bhraislí PCInna mar gheall ar a nádúr idirspiléach nó iomaíoch. San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe 1391/2013 faoin gceannteideal “2. *Conair thosaíochta maidir le hidirnaisc leictreachais Thuaidh-Theas in Iarthar na hEorpa (ITT leictreachas an Iarthair)*”, liostaítear ag uimh. 2.13:

“Idirnaisc bhraisle na hÉireann-na Ríochta Aontaithe (Tuaisceart Éireann), lena n-áirítear ceann amháin nó níos mó de na PCInna seo a leanas:

2.13.1. Idirnasc na hÉireann-na Ríochta Aontaithe idir Fearann na Coille (IE) agus Turleenan (UK – Tuaisceart Éireann).” [aistriúchán neamhoifigiúil]

26 Is é seo an Tionscadal Idirnasctha Iomlán agus tá dhá iarratas ar leith de dhíth: iarratas ó EirGrid maidir leis an gcuid sin den tionscadal in Éirinn, agus iarratas ar leith maidir leis an gcuid sin den tionscadal atá lonnaithe i dTuaisceart Éireann.

27 Tá sé deimhnithe ag Roinn Fuinnimh agus Athraithe Aeráide (DECC) na Ríochta Aontaithe, ag gníomhú di ina cáil mar an t-údarás inniúil le haghaidh PCI sa Ríocht Aontaithe, go bhféadfar leas a bhaint as forálacha idirthrímhseacha Airteagal 19 de Rialachán 347/2013 maidir le hiarratas SONI i dTuaisceart Éireann agus, ar an ábhar sin, nach gá cloí le Caibidil III den Rialachán lena gcuimsítear coincheap a chur isteach maidir le rannpháirtíocht phoiblí.

28 Chinn an Bord Pleanála (‘an Bord’), ag gníomhú dó ina cháil mar an t-údarás inniúil le haghaidh PCI in Éirinn, nach bhfuil feidhm ag forálacha idirthrímhseacha (Airteagal 19) de Rialachán PCI (347/2013) maidir leis an gcuid sin den tionscadal idirnasctha iomlán in Éirinn, i.e. an Fhorbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV. Dá bhrí sin, tá feidhm ag forálacha Chaibidil III de Rialachán Uimh. 347/2013 i ndáil leis an bhforbairt in Éirinn, go sonrach Airteagal 9 maidir le Trédhearcacht agus Rannpháirtíocht Phoiblí agus Iarscríbhinn VI *Treoirlínte maidir le Trédhearcacht agus Rannpháirtíocht Phoiblí* agus Airteagal 10 maidir le *Tréimhse agus cur chun feidhme an phróisis deonaithe ceadanna*.

3.7 PRÓISIS DEONAITHE CEADANNA PCI

29 Sainíodh an Bord mar údarás inniúil PCI in Éirinn chun críocha an Rialacháin. Is é an ról atá aige, i measc nithe eile, comhthiomsú agus comhordú a dhéanamh ar eisiúint na dtoilithe agus na gcinntí riachtanacha i ndáil le tionscadal PCI ó gach údarás deonaithe toilithe, maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na dteorainneacha ama ina n-eiseofar na cinntí ar leith, agus cinneadh cuimsitheach a eisiúint. Tá Aonad PCI curtha ar bun ag an

mBord chun an próiseas PCI a riar ar leithligh ón Aonad Bonneagair Straitéisigh nó ón Aonad um Achomhairc Pleanála dá chuid.

- 30 Ina ról mar Údarás Inniúil, d'fhoilsigh an Bord *Project of Common Interest Manual of Permit Granting Process Procedures (Lámhleabhar de Nósanna Imeachta na bPróiseas Deonaithe Ceadanna i ndáil le Tionscadail Leasa Choitinn)* i mí na Bealtaine 2014, agus rinneadh é a leasú ina dhiaidh sin i mí Mheán Fómhair 2014. Sa lámhleabhar seo, soiléirítear an dá ról atá ag an mBord Pleanála i ndáil le tionscadail atá sainithe mar PCI faoi Rialachán Uimh. 347/2013 agus i ndáil leis na tionscadail sin ar Forbairt Bonneagair Straitéisigh iad freisin faoi fhorálacha na *nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2014*.

“Is é atá i gceist le ról an Bhoird Pleanála faoin Scéim Chomhoibríoch go ndéanann an Bord Pleanála, mar chomhlacht deonaithe toilithe ina cheart féin, eolas a sholáthar don phróiseas PCI faoi mar a dhéanann na húdaráis eile lena mbaineann. I gcás tionscadal PCI ar tionscadal Bonneagair Straitéisigh freisin é, d’fhéadfadh sé a bheith úsáideach dá samhlófaí dhá ról a bheith ag an mBord Pleanála: ról amháin mar an comhlacht cinnteoireachta i réimse na pleanála agus ról eile mar an tÚdarás Inniúil sa phróiseas PCI. Ní bheidh tionchar ar bith ag ról amháin díobh ar an ról eile, agus coimeádfar an deighilt seo idir na feidhmeanna leis an aonad riaracháin ar leith.” [aistriúchán neamhoifigiúil] (Ich 7)

- 31 In *Project of Common Interest Manual of Permit Granting Process Procedures (Lámhleabhar de Nósanna Imeachta na bPróiseas Deonaithe Ceadanna i ndáil le Tionscadail Leasa Choitinn)* leis an mBord, tugtar breac-chuntas ar na nósanna imeachta a bhaineann leis an bpróiseas deonaithe ceadanna i gcás tionscadail PCI. Baineann siad leis na ceanteidil seo a leanas a ndéantar cur síos orthu trí thagairt do riachtanais shainiúla Rialachán Uimh. 347/2013 agus don Fhorbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV thíos:

- An Chéim Fógartha;
- An Nós Imeachta Réamhiarratais; agus
- An Nós Imeachta le haghaidh Deonú Ceadanna Reachtúil.

- 32 Chomhlíon EirGrid a chuid ceanglas ar fad mar an ‘tionscnóir tionscadail’ don Fhorbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV maidir le Rialachán 347/2013, larscríbhinn VI de Rialachán 347/2013 agus *Project of Common Interest Manual of Permit Granting Process Procedures (Lámhleabhar de Nósanna Imeachta na bPróiseas Deonaithe Ceadanna i ndáil le Tionscadail Leasa Choitinn)* de chuid an Bhoird. Tugtar achoimre orthu sin thíos.

3.7.1 Fógairt PCI agus Admháil

- 33 Chuir EirGrid fógra faoi Airteagal 10.1(a) de Rialachán 347/2013 faoi bhráid an Bhoird an 3 Meitheamh 2014 i ndáil leis an bhForbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV.
- 34 Fuair EirGrid admháil ar an bhfógra ón mBord an 2 Iúil 2014 inar deimhníodh go measann an Bord go bhfuil an tionscadal *“aibí go leor chun tús a chur leis an bpróiseas deonaithe ceadanna”*. [aistriúchán neamhoifigiúil]

3.8 NÓSANNA IMEACHTA RÉAMHIARRATAIS

3.8.1 An Choincheap maidir le Rannpháirtíocht Phoiblí

- 35 Rinne EirGrid ‘Coincheap maidir le Rannpháirtíocht Phoiblí’ maidir leis an bhForbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV a chur isteach an 31 Iúil 2014. Cuireadh an Coincheap sin faoi bhráid an Bhoird de réir Airteagal 9.3 de Rialachán 347/2013 tar éis an phróisis a bhfuil breac-chuntas air i *Manual of Procedure for the Permit Granting Process (Lámhleabhar de Nósanna Imeachta na bPróiseas Deonaithe Ceadanna)* de chuid an Bhoird (Bealtaine 2014)¹⁷ agus de réir larscríbhinn VI de Rialachán 347/2013 ina leagtar amach *Treoirlínte maidir le Trédhearcacht agus Rannpháirtíocht Phoiblí i ndáil le tionscadail atá sainithe mar Thionscadail Leasa Choitinn*.
- 36 Is é *Treoirlínte maidir le Trédhearcacht agus Rannpháirtíocht Phoiblí* an teideal atá ar larscríbhinn VI de Rialachán 347/2013, agus foráiltear in larscríbhinn VI(4) go n-áireofar sa choincheap maidir le rannpháirtíocht poiblí faisnéis faoi na nithe seo a leanas ar a laghad:
- (a) *“Na geallsealbhóirí lena mbaineann agus a bhfuil teagmháil déanta leo;*
 - (b) *Na bearta á mbeartú, lena n-áirítear láithreacha ginearálta atá beartaithe agus dátaí cruinnithe tiomnaithe;*
 - (c) *An amlíne;*
 - (d) *Na hacmhainní daonna atá leithdháilte ar na cúraimí faoi seach.”*
- 37 Tá an fhaisnéis thuasluaite ar fad san áireamh sa Choincheap maidir le Rannpháirtíocht Phoiblí. Cuirtear síos ann ar an gcomhairliúchán poiblí agus ar na himeachtaí

¹⁷Nuashonraíodh an doiciméad sin i mí Mheán Fómhair 2014 (*Projects of Common Interest - Manual of Permit Granting Process Procedure [Tionscadail Leasa Choitinn - Lámhleabhar maidir le Nósanna Imeachta don Phróiseas Deonaithe Ceadanna]*).

rannpháirtíochta poiblí a rinneadh i ndáil le tionscadal na Forbartha Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV ó 2007 agus aithnítear na téarmaí tagartha, na modhanna rannpháirtíochta, na geallsealbhóirí lena mbaineann agus a bhfuil teagmháil déanta leo, agus na bearta arna nglacadh / arna mbeartú le haghaidh gach céime den chomhairliúchán.

3.8.2 Modhnú agus Foilsiú an Coincheapa maidir le Rannpháirtíocht Phoiblí

- 38 Chinn an Bord an 10 Meán Fómhair 2014 an Coincheap maidir le Rannpháirtíocht Phoiblí a mhodhnú faoi Airteagal 9.3 de Rialachán Uimh. 347/2013.
- 39 Foilsíodh an Coincheap maidir le Rannpháirtíocht Phoiblí faoi mar a bhí leasaithe ag an mBord (lenar cuimsíodh an Tuarascáil ar an gCoincheap maidir le Rannpháirtíocht Phoiblí agus comhfhreagras an Bhoird dar dháta an 10 Meán Fómhair 2014) ar shuíomh gréasáin an tionscadail de chuid EirGrid de réir cheanglais an Bhoird faoi mar atá leagtha amach ina Lámhleabhar (lch 19).
- 40 Tá an modhnú a d'iarr an Bord ar an gCoincheap maidir le Rannpháirtíocht Phoiblí leagtha amach thíos:

“Ba cheart don tionscnóir tionscadail bileog faisnéise 15 leathanach ar a mhéad a fhoilsiú ina bhfuil, ar a laghad, an fhaisnéis fhíorasach seo a leanas le fáil:

- *Stair an tionscadail go dtí seo;*
- *Faisnéis maidir le Rialachán 347/2013;*
- *Stádas an tionscadail mar Thionscadal Leasa Choitinn (PCI);*
- *Na himpleachtaí is mó (buntáistí agus ceanglais) a thiocfaidh chun cinn de bharr a stádais mar PCI;*
- *Treochlár don tionscadal amach anseo lena n-áirítear dáta táscach faoina gcuirfear isteach iarratas faoi Alt 182A de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2014, agus lena léireofar na deiseanna le haghaidh rannpháirtíocht poiblí ag an gcéim sin; agus*
- *Ba cheart fógra nó fógraí a chur in dhá nuachtán náisiúnta (The Irish Times agus Irish Independent) leis an bpobal a chur ar an eolas maidir le foilsiú na bileoige faisnéise sin agus le haird a tharraingt ar raon feidhme an tionscadail, stádas an tionscadail mar PCI, agus dáta táscach faoina gcuirfear isteach iarratas faoi*

alt 182A de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2014.”

- 41 Chun teacht ar an gcinneadh sin, bhí aird ag an mBord, i measc nithe eile, ar stair pleanála an tionscadail agus ar an bpróiseas forleathan comhairliúcháin agus rannpháirtíochta a rinne EirGrid roimh thús an phróisis deonaithe ceada PCI.
- 42 Ina dhiaidh sin, d'fhoilsigh EirGrid bileog faisnéise don phobal agus fógra maidir leis an mbileog sin an 1 Bealtaine 2015 inar cuimsíodh an fhaisnéis sin thuas ar fad.

3.8.3 Raon Feidhme an Ábhair

- 43 In Airteagal 10.4(a) de Rialachán 347/2013, ceanglaítear ar an mBord raon feidhme an ábhair agus leibhéal mionsonraithe na faisnéise atá le cur isteach ag an tionscnóir tionscadail, mar chuid den chomhad iarratais a shainaitheint, chun iarratas a dhéanamh ar an gcinneadh cuimsitheach. Déanfar é sin i ndlúthchomhar leis na húdaráis eile lena mbaineann agus, nuair is iomchuí, bunaithe ar thogra an tionscnóra tionscadail.
- 44 Scríobh an Bord chuig EirGrid an 29 Meán Fómhair 2014 leis an méid seo a leanas a chur in iúl: *“Measann an Bord Pleanála, ina ról mar an t-údarás inniúil, go bhfuil sé iomchuí cuireadh a thabhairt d’EirGrid togra a chur isteach i ndáil le raon feidhme an ábhair agus leibhéal sonraithe na faisnéise atá le cur isteach mar chuid den chomhad iarratais.”* [aistriúchán neamhoifigiúil]
- 45 An 2 Deireadh Fómhair, chuir EirGrid Raon Feidhme Molta an Iarratais faoi bhráid an Bhoird Pleanála mar fhreagra ar an gcuireadh sin.
- 46 An 13 Deireadh Fómhair 2014, chuir an Bord in iúl d’EirGrid *“go bhfuil [an togra] inghlactha go ginearálta agus go leagtar amach ann struchtúr réasúnta ar a bhféadfaí an dréacht-chomhad iarratais a bhunú.”* [aistriúchán neamhoifigiúil] Chuir an Bord an méid seo a leanas in iúl:

“I raon feidhme an ábhair arna chur isteach, ní mór go léireofar nádúr, scála agus méid na forbartha a bheartaítear atá mar ábhar na bpléití comhairliúcháin réamhiarratais ar an mbonneagar straitéiseach ar eisigh an Bord Pleanála an litir dar dháta an 10 Feabhra 2014 agus freisin an tuairim raon feidhme an 11 Nollaig 2013 ina leith.

Ag féachaint do na nithe a tháinig chun cinn sa próiseas comhairliúcháin réamhiarratais ar an mbonneagar straitéiseach a cuireadh i gcrích, is iad seo

a leanas na príomhnithe maidir le raon feidhme an ábhair agus leibhéal na faisnéise atá le cur san áireamh leis an iarratas.” [aistriúchán neamhoifigiúil]

47 Aithnítear na nithe sin i dTábla 3.2.

Tábla 3.2: Príomhnithe a d’aithin an Bord maidir le Raon Feidhme an Ábhair agus an Leibhéal Mionsonraithe atá le cur san áireamh leis an iarratas

Príomhnithe a d’aithin an Bord maidir le Raon Feidhme an Ábhair agus an Leibhéal Mionsonraithe atá le cur san áireamh leis an iarratas	An áit a bpléitear é sna cáipéisí iarratais
Méid an athmheasúnaithe a rinne an t-iarratasóir féideartha ar an tionscadal ag féachaint do nithe a tháinig aníos de bharr aistarraingt iarratas 02.VA0006	Ionchur an Phobail agus Úinéirí Talún sa phróiseas um athmheasúnú – Imleabhar 2B Achoimre ar an bpróiseas um athmheasúnú i Rannán 2.1.2, Imleabhar 2A (an tuarascáil seo) Caibidil 2, Caibidil 4 agus Caibidil 5, Imleabhar 3B Aguisín 1.1 agus 1.2, Aguisíní Imleabhar 3B
An cúlra agus an gá leanúnach leis an bhforbairt a bheartaítear.	Caibidil 2, Imleabhar 3B
Tacaíocht le haghaidh an tionscadail sa chomhthéacs áitiúil, náisiúnta agus réigiúnach lena n-áirítear beartas an Rialtais agus an comhthéacs Eorpach.	Caibidil 4, Imleabhar 2A (an tuarascáil seo)
Comhthéacs bunaithe an tionscadail laistigh de Straitéis Grid 25.	Rannán 4.3.10, Imleabhar 2A (an tuarascáil seo)
Stádas dhoiciméad Grid 25.	Rannán 4.3.10, Imleabhar 2A (an tuarascáil seo)
Measúnú ar an línebhealach agus meastóireachtaí comhshaoil gaolmhara a rinneadh chun bonn eolais a chur faoi cháipéisí tacaíochta an iarratais / EIS / NIS lena n-áirítear an réasúnaíocht a bhain le fostáisiún Dhún an Rí a beartaíodh a fhágáil ar lár.	Caibidil 2, Caibidil 4 agus Caibidil 5 (Rannán 5.2.4.1) Imleabhar 3B Aguisín 1.1 agus 1.2, Aguisíní Imleabhar 3B
Sainaitheint na ndeacrachtaí a tháinig aníos i ndáil le rochtain ar na tailte chun an fhorbairt a dhéanamh agus chun tabhairt faoi shuirbhéanna bonnlíne riachtanacha (ba cheart na deacrachtaí ar fad a thaifeadadh san EIS agus ba cheart míniú a thabhairt ar an modh a dtabharfaí fúthu).	Rannán 1.5, Imleabhar 3B

Príomhnithe a d'aithin an Bord maidir le Raon Feidhme an Ábhair agus an Leibhéal Mionsonraithe atá le cur san áireamh leis an Iarratas	An áit a bpléitear é sna cáipéisí iarratais
Stádas nuashonraithe an iarratais / na n-iarratas pleanála a cuireadh isteach i dTuaisceart Éireann.	Rannán 1.4.1, Imleabhar 2A (an tuarascáil seo) agus Rannán 1.1.3.1, Imleabhar 3B agus in áiteanna eile sna cáipéisí iarratais
Athbhreithniú ar roghanna eile teicneolaíochtaí.	Caibidil 4, Imleabhar 3B
Comhairliúcháin phoiblí agus comhairliúcháin eile a rinneadh maidir leis an tionscadal agus conas a rinneadh iad sin a mheasúnú / a ionchorprú san fhorbairt.	Imleabhar 2B agus Caibidil 3, Imleabhar 3B
Míniú sna cáipéisí tacaíochta ar an bhfírinniú maidir le bealach na líne agus le suíomhanna na struchtúr a roghnaíodh agus ar an gcothromaíocht agus ar an ualú a úsáideadh chun tionchar a sheachaint ar chineálacha éagsúla gabhdóirí íogaire amhail tírdhreacha agus réadmhaoin chónaithe i gcóngarachta na forbartha a bheartaítear.	Tá an raon na gcúrsaí teicniúla, comhshaoil agus úinéirí talún a bhí mar threoir i bpróiseas deartha na líne leagtha amach i Rannán 5.4.2.1, Caibidil 5, Imleabhar 3B .
Modheolaíocht an iarratasóra lena chinntiú go nglacfaí cur chuige comhsheasmhach ar fud an iarratais agus na gcáipéisí EIS agus aird á tabhairt do mhéid an tionscadail agus d'fhorranna anailíse MSA agus CMSA a bheartaítear san EIS a bheartaítear.	Caibidil 1, Imleabhar 3B
Míniú agus fírinniú ar an gcur chuige arna ghlacadh chun struchtúr a bhaint ó ghabhdóirí éiceolaíochta íogaire agus, nuair nár éascaíodh nó nár tugadh cead suirbhéireacht a dhéanamh, dul chun cinn an dearaidh líne chun cead a iarraidh le haghaidh láithreacha túir seasta.	Rannán 1.5 d' Imleabhar 3B Tá an raon na gcúrsaí comhshaoil a bhí mar threoir i bpróiseas deartha na líne leagtha amach i Rannán 5.4.2.1, Caibidil 5, Imleabhar 3B I Rannán 6.3.2.5, Imleabhar 3B , féachtar ar shuíomhanna túir a shocrú
Limistéir Ghaeltachta le sainithint mar aon leis an nósanna imeachta gaolmhara a shonrú, lena n-áirítear fógraí poiblí i nGaeilge agus codanna de cháipéisí tacaíochta an iarratais / EIS a aistriú go Gaeilge mar is cuí.	Aistrefar na fógraí poiblí, mar aon le cáipéisí tacaíochta an iarratais / EIS, go Gaeilge.
Méid agus cineál na ndoiciméad, na léarscáileanna, na líníochtaí lena n-áirítear grianghraif ón aer agus faisnéis atá le cur ar fáil leis an iarratas agus an EIS ionas go gcuirí	Áirítear le h Imleabhar 1B líníochtaí ar fad an iarratais pleanála le haghaidh na forbartha a bheartaítear.

Príomhnithe a d'aithin an Bord maidir le Raon Feidhme an Ábhair agus an Leibhéal Mionsonraithe atá le cur san áireamh leis an Iarratas	An áit a bpléitear é sna cáipéisí iarratais
sonraí bonnlíne agus bonn-léarscáileanna chun dáta san áireamh. Áirítear leis sin bóthar nua an M3 agus forbairtí a tógadh le déanaí a léiriú, mar aon le forbairtí a bhfuil cead pleanála acu.	
Conas a dhéileálfadh an t-iarratasóir le saincheisteanna a thiocfadh de bharr na forbartha a bheartaítear ar dhócha go mbeadh tionchar suntasach acu ar an gcomhshaol i stát trasteorann.	Rannán 3.3, Imleabhar 2A Caibidil 9, Imleabhar 3B Nósanna imeachta trasteorann
Iomlán thionchar comhshaoil an tionscadail Idirnascaire le measúnú agus a bpléifear leo sna cáipéisí iarratais agus an gá chun Comhthuarascáil Chomhshaoil a dhéanamh mar a mholtar sa doiciméad <i>Guidance on the Application of the Environmental Impact Assessment Procedure for Large-scale Transboundary Projects (Treoir maidir le Feidhmiú an Nóis Imeachta um Measúnacht Tionchair Timpeallachta do Thionscadail Mhórsála Trasteorann)</i> ón gCoimisiún Eorpach.	Feic Imleabhar 4
Pleananna	
Ba cheart cur síos iomlán a dhéanamh ar nádúr agus ar mhéid na forbartha a bheartaítear i bhfoirm líníochtaí, lena n-áirítear iad seo a leanas a sholáthar: <ul style="list-style-type: none"> • Pleananna ar shuíomhanna na láithreacha; • Pleananna scálaithe ar leagan amach na láithreacha; agus • Pleananna, ingearchlónna agus trasghearrthacha (de réir mar is cuí) de gach gné den fhorbairt a bheartaítear a bhfuil ceadú á lorg ina leith lena n-áirítear aon socruithe rochtana sealadacha. 	Feic Imleabhar 1B

Príomhnithe a d'aithin an Bord maidir le Raon Feidhme an Ábhair agus an Leibhéal Mionsonraithe atá le cur san áireamh leis an Iarratas	An áit a bpléitear é sna cáipéisí iarratais
Cuireadh bonn eolais faoi líníochtaí an iarratais pleanála sa mhéid atá ábhartha agus ag féachaint do chúinsí sainiúla agus do nádúr líneach na forbartha a bheartaítear, agus d'fhorálacha alt 23 de na <i>Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001</i> (arna leasú) maidir le pleananna, líníochtaí agus léarscáileanna arna gcur isteach.	Feic Rannán 3.4 den tuarascáil seo (Imleabhar 2A) agus Imleabhar 1B

3.8.4 Torthaí an Chomhairliúcháin Phoiblí

- 48 In Airteagal 9.4 de Rialachán 347/2013, ceanglaítear ar an tionscnóir tionscadail tuarascáil a ullmhú *“ina ndéanfar achoimre ar thorthaí na ngníomhaíochtaí a bhaineann le rannpháirtíocht an phobail”*. Cuireadh an tuarascáil sin faoi bhráid an Bhoird *“in éineacht leis an gcomhad iarratais”* ach, mar sin féin, níl an tuarascáil ina cuid den chomhad iarratais per se a cuireadh isteach faoi alt 182A den *Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000* (arna leasú).

3.8.5 Dréacht-Chomhad Iarratais

- 49 In Airteagal 9.4 de Rialachán 347/2013, ceanglaítear ar an tionscnóir dréachtchomhad iarratais a chur faoi bhráid an Bhoird. Cuireadh dréacht-iarratas, lenar cuimsíodh ábhar de réir raon feidhme an ábhair a saináithníodh, faoi bhráid an Bhoird an 7 Samhain 2014. D'eisigh an Bord litir an 16 Nollaig 2014, inar dheimhnigh sé go raibh scrúdú déanta aige ar an dréachtchomhad iarratais faoi fhorálacha Airteagal 10.4(c) de Rialachán 347/2013 agus inar aithin sé faisnéis a bhí ar iarraidh agus a raibh sé ar a lorg. Rinneadh an fhaisnéis a bhí ar iarraidh (inár pléadh le hábhair a aithníodh faoi Airteagal 10.4[a]) a chur faoi bhráid an Bhoird an 13 Márta 2015. Cuireadh Dréachtchomhad Iarratais leasaithe (lenar léiríodh go ginearálta *inter alia* próiseas leanúnach na hanailíse teicniúla agus comhshaoil maidir le cineál agus suíomh na forbartha a bheartaítear a dheimhniú) faoi bhráid an Bhoird an 13 Márta 2015 freisin. Rinneadh achoimre ar leasuithe eile a rinne EirGrid ar an Dréachtchomhad Iarratais, lena n-áirítear suíomh sonracha struchtúir áirithe thacaíochta feadh ailíniú na forbartha a bheartaítear lenar léiríodh próiseas leanúnach na hanailíse teicniúla agus comhshaoil maidir le cineál agus suíomh na forbartha a bheartaítear a dheimhniú, i sceidil a cuireadh faoi bhráid an Bhoird an 13 Márta 2015.

- 50 Thug an Bord, mar an t-údarás inniúil, a thuairim an 29 Aibreán 2015 maidir le hiomláine agus le cáilíocht imleor an chomhaid iarratais. Ina dhiaidh sin, cuireadh an comhad iarratais faoi bhráid an Bhoird lena scrúdú faoi Alt 10(4)(c) de Rialachán 347/2013 mar aon le sceideal athruithe ó cuireadh an Dréachtchomhad Iarratais leasaithe isteach.

4 COMHTHÉACS AN BHEARTAIS PLEANÁLA

4.1 RÉAMHRÁ

- 1 Breithneoidh an Bord Pleanála an t-iarratas ar cheadú don fhorbairt a bheartaítear bunaithe ar a fhiúntas agus i gcomhthéacs bheartas pleanála ábhartha an Aontais Eorpaigh (AE), agus an bheartais pleanála náisiúnta, réigiúnaigh agus áitiúil. Leagtar amach sa chaibidil seo an beartas ábhartha atá mar bhonn agus thaca ag an bhforbairt a bheartaítear ar leibhéal AE, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.
- 2 Tá an t-iniúchadh ar chomhthéacs an bheartais pleanála agus forbartha sa chaibidil seo teoranta don chomhthéacs sin a bhaineann le hÉirinn; pléitear comhthéacs an bheartais pleanála agus forbartha coibhéiseach le haghaidh Thuaisceart Éireann i *Ráiteas Timpeallachta Comhdhlúite (ES) Idirnascaire Thír Eoghain-an Chabháin* agus san *Aguisín Comhdhlúite* a cuireadh isteach mar chuid de thogra SONI.
- 3 Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach ndéantar an breithniú ar Dhlí agus bheartais an AE mar a leagtar amach i **Rannán 4.2** a mhionsonrú in ord croineolaíoch. Ina ionad sin, leagtar amach é faoi cheantheidil shoiléire ábhair a chuireann síos ar bheartas fuinnimh ábhartha an AE agus ar an mbeartas fuinnimh ábhartha áitiúil agus réigiúnach a mhíníonn an gá straitéiseach leis an bhforbairt a bheartaítear agus forás na forbartha a bheartaítear. Ar mhaithe le soiléireacht, déantar na cáipéisí faoi Dhlí agus bheartas an AE a chur san áireamh in ord croineolaíoch in **Aguisín 5** den tuarascáil seo.

4.2 AN GÁ STRAITÉISEACH ATÁ LEIS AN TIONSCADAL – DLÍ AGUS BEARTAS AN AE

- 4 Daonraí atá ag méadú, forás eacnamaíoch, cúltaca breoslaí iontaise atá ag laghdú agus costais fuinnimh atá ag ardú, i dteannta thionchar an athraithe aeráide, tá siad go léir ag tabhairt dúshláin shuntasacha fhadtéarmacha do gheilleagair an AE. Mar fhreagairt dó sin, thug an AE roinnt forálacha tábhachtacha reachtaíochta isteach le blianta beaga anuas lena dtugtar aghaidh ar bhundúshláin fuinnimh san Eoraip. Baineann siad sin, i measc nithe eile, le foinsí fuinnimh in-athnuaite, le hiomaíochas agus le trádáil sa mhargadh fuinnimh agus tá siad ar an mbonn le haghaidh reachtaíocht náisiúnta agus le seasamh beartais náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil na hÉireann agus Thuaisceart Éireann araon.

4.2.1 An Beartas Fuinnimh Eorpach

5 Leagtar amach in *Green Paper – A European Strategy for Sustainable, Competitive and Secure Energy (Páipéar Uaine – Straitéis Eorpach maidir le Fuinneamh Inbhuanaithe, Iomaíoch agus Daingean)* a foilsíodh in 2006 cuspóirí beartas fuinnimh an AE um iomaíochas, um inbhuanaitheacht agus um dhaingneacht an tsoláthair. Sainithnítear sa tuarascáil na céimeanna atá ag teastáil chun margaí fuinnimh atá go hiomlán iomaíoch a fhorbairt ar cheart go gcabhródh siad le soláthar fuinnimh atá daingean agus inbhuanaithe a chinntiú don todhchaí. Maidir le cur i gcrích a dhéanamh ar an Margadh Inmheánach Fuinnimh (IEM) ar fud na hEorpa, sainithnítear i Rannán 2.1(ii) den pháipéar straitéise seo an gá le *“plean idirnasctha tosaíochta”* agus sonraítear nach féidir *“aon mhargadh Eorpach atá iomaíoch amach is amach agus singil bheith ann gan cumas fisiceach breise: baineann ríthábhacht leis sin go háirithe le haghaidh tíortha amhail Éire...”* (Ich 6) [aistriúchán neamhoifigiúil]

6 An 27 Márta 2013, ghlac an Coimisiún Eorpach Páipéar Uaine dar teideal *A 2030 Framework for Climate and Energy Policies (Creat 2030 maidir le Beartais Aeráide agus Fuinnimh)* (COIM [2013] 169 sa deireadh). Cuireadh an cháipéis sin faoi phróiseas comhairliúcháin phoiblí a thug an deis do Bhallstáit, d’institiúidí eile an AE agus do pháirtithe leasmhara a gcuid tuairimí a chur in iúl. Sonraítear sa Chreat go bhfuil gá anois le machnamh a dhéanamh ar chreat 2030 nua maidir le beartais aeráide agus fuinnimh, cé go bhfuil an-dul chun cinn á dhéanamh ag an AE ar spriocanna 2020 a bhaint amach, ar an margadh inmheánach le haghaidh fuinnimh a chruthú agus ar chuspóirí eile de bheartas fuinnimh. Dá réir sin, luaitear i Rannán 2.2 den Chreat:

“Tá eochairdhúshláin bainteach le húsáid mhórscála amhail comhtháthú iomlán na n-athnuaiteán isteach i gcóras leictreachais an AE...Mar sin féin, beidh mórinfheistíochtaí i ngreillí tarchuir agus dáileacháin, lena n-áirítear bonneagar trasteorann, chun an margadh inmheánach fuinnimh a chur i gcrích ag teastáil chun freastal ar fhuinneamh in-athnuaite.” (Ich 5) [aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Maidir le daingneacht an tsoláthair agus le hinacmhainneacht an fhuinnimh sa mhargadh inmheánach fuinnimh, luaitear i Rannán 2.4 den Chreat:

“Toisc nach féidir ceann ar bith de na cuspóirí beartais fuinnimh a bhaint amach gan naisc imleora leis an ngreille, mhol an Coimisiún Rialachán freisin maidir le Treoirlínte um Bonneagar Fuinnimh Tras-Eorpach ar ar tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil. Tugann sé aghaidh ar dhúshláin bhonneagair chun idirnascadh fíor sa mhargadh inmheánach, comhtháthú fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite

athraitheacha agus daingneacht fheabhsaithe an tsoláthair a chinntiú.” (Ich 6)

[aistriúchán neamhoifigiúil]

- 8 Mar a sonraíodh sa Chaibidil roimhe, ainmníodh an fhorbairt a bheartaítear mar thionscadal leasa choitinn (PCI) chun críocha Rialachán 347/2013 ón AE. Aidhm thábhachtach atá ag Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 ón AE ná a chinntiú go gcuirfear líonraí fuinnimh tosaíochta straitéiseacha i gcrích faoin mbliain 2020. Sonraítear an méid seo a leanas in Aithris 28 den Rialachán:

“Ba cheart “stádas tosaíochta” ar an leibhéal náisiúnta a thabhairt do thionscadail leasa choitinn chun láimhseáil riaracháin ghasta a áirithiú. Ba cheart go measadh údarais inniúla gur chun leasa an phobail iad tionscadail leasa choitinn. Ba cheart údarú a thabhairt do thionscadail a bhfuil drochthionchar acu ar an gcomhshaol, ar chúiseanna leasa phoiblí shárathaigh, nuair a chomhlíontar na coinníollacha go léir faoi Threoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flóra fiáine a chaomhnú agus faoi Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat maidir le gníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce.”

- 9 Sa mhéid go bhfuil an fhorbairt a bheartaítear ainmnithe mar PCI chun críocha an Rialacháin, measadh ar an ábhar sin gur chomhlíon an fhorbairt na critéir ghinearálta le haghaidh PCInna atá leagtha amach in Airteagal 4(1). Is iad seo:

“(a) tá an tionscadal riachtanach le haghaidh ar a laghad ceann de na conairí agus réimsí tosaíochta maidir le bonneagar fuinnimh;

(b) is tábhachtaí tairbhí foriomlána féideartha an tionscadail, arna meas i gcomhréir leis na critéir shonracha faoi seach i mír 2, ná costais an tionscadail, lena n-áirítear ar an bhfadtearma; agus

(c) comhlíonfaidh an tionscadal aon cheann de na critéir seo a leanas:

(i) baineann sé le dhá Bhallstát ar a laghad, trí theorainn dhá Ballstáit nó níos mó a thrasnú;

(ii) tá sé lonnaithe ar chríoch Ballstáit amháin agus tá tionchar suntasach trasteorann aige mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn IV.1;

(iii) trasnaíonn sé ar a laghad teorainn Ballstáit amháin agus tír ón Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.”

- 10 Anuas air sin, tá roinnt fo-airteagal in Airteagal 7 (atá luaite i **Rannán 3.6** den tuarascáil seo) ábhartha freisin chun an gá leis an tionscadal ó thaobh fuinnimh de a dhearbhu. I ndáil leis sin, sonraítear an méid seo a leanas in Airteagal 7(1):

“Tríd an liosta Aontais a ghlacadh, sulfear, chun críocha aon chinntí arna n-eisiúint sa phróiseas deonaithe ceadanna, an gá atá leis na tionscadail sin ó thaobh dearcaidh beartais fuinnimh de, gan dochar do shuíomh beacht, do ródú ná do theicneolaíocht an tionscadail.”

- 11 De bhreis air sin, foráiltear in Airteagal 7(3):

“Nuair is ann don stádas sin sa dlí náisiúnta, tabharfar an stádas náisiúnta is airde is féidir do thionscadail leasa choitinn agus caithfear leo amhail is go bhfuil an stádas sin acu i bpróisis deonaithe ceadanna — agus i gcás ina ndéantar foráil ina leith sin sa dlí náisiúnta, maidir le pleanáil spáis — lena n-áirítear sna cinn a bhaineann le measúnuithe comhshaoil, i gcás ina bhforáiltear go gcaithfear leo amhlaidh sa dlí náisiúnta is infheidhme maidir leis an gcineál comhfhreagrach bonneagair fuinnimh.”

- 12 Sonraítear freisin in Airteagal 7(8):

“Maidir leis na tionchair chomhshaoil ar díriodh orthu in Airteagal 6(4) de Threoir 92/43/CEE agus in Airteagal 4(7) de Threoir 2000/60/CE, measfar go bhfuil baint ag tionscadail leasa choitinn le leas an phobail ó thaobh dearcaidh beartais fuinnimh de, agus féadfar a mheas gur le leas an phobail go sáraitheach iad, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha ar fad a leagtar amach sna Treoracha sin.”

- 13 Le Cinneadh 1364/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (arna aisghairm ag Rialachán Uimh. 347/2013 ón AE), leagadh síos treoirínte roimhe sin le haghaidh líonraí fuinnimh tras-Eorpacha (TEN-E). Léirigh measúnú ar an gcreat TEN-E go bhfuil bearnaí bonneagair sainaitheanta ann fós, cé gur chuir sé go dearfach le roinnt tionscadal. Aithníonn an tAontas go bhfuil iarrachtaí méadaithe ag teastáil chun dúshláin amach anseo a chomhlíonadh agus go háirithe chun bearnaí san éileamh ar fhuinneamh agus sa soláthar fuinnimh a d'fhéadfadh bheith ann amach anseo a shainaitheint. Tá sé tugtha faoi deara gur liostaíodh an fhorbairt a bheartaítear roimhe sin faoi larscríbhinn 3 de Threoir 2006/1364/CE maidir le bonneagar líonra fuinnimh Eorpach trasteorann mar ‘Thionscadal Tosaíochta’ lena mbaineann tábhacht straitéiseach.

- 14 Ina theannta sin, mar a shonraítear i **Rannán 3.6** den tuarascáil seo, leagtar síos i Rialachán Uimh. 347/2013 ón AE rialacha maidir le forbairt thráthúil agus idir-inoibritheacht na líonraí fuinnimh tras-Eorpacha d'fhonn cuspóirí beartas fuinnimh an Aontais Eorpaigh a bhaint amach.

4.2.2 Treoracha Leictreachais an AE

- 15 I dTreoir 2005/89/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Eanáir 2006 maidir le bearta chun daingneacht an tsoláthair leictreachais agus infheistíocht bhonneagair a chosaint, admhaítear na tairbhí a bhaineann le hidirnascaidh maidir le forbairt leantach an mhargaidh inmheánaigh leictreachais san AE. Is é is aidhm do Threoir 2005/89/CE bearta a bhunú chun daingneacht an tsoláthair a chosaint; chun leibhéal imleor cumas giniúna a chinntiú; chun cothromaíocht imleor a chinntiú idir soláthar agus éileamh agus chun leibhéal oiriúnach idirnasctha a bhunú idir tíortha an AE. Tá oibleagáid ar Bhallstáit leibhéal ard soláthar leictreachais a chinntiú trí infheistíocht i mbonneagar agus trí fhreagrachtaí sainithe ar na húdaráis lena mbaineann. Chomh maith leis sin, ní mór d'Oibreoirí Córais Tarchuir (TSOanna) rialacha agus oibleagáidí íosta maidir le daingneacht an ghréasáin a shocrú.
- 16 Déantar tagairt do ról na n-idirnascairí i ndaingneacht an tsoláthair leictreachais a chosaint i mír 3.1 freisin den Chumarsáid dá éis ón gCoimisiún chuig an gComhairle Eorpach agus chuig Parlaimint na hEorpa an 10 Eanáir 2007, dar teideal *An Energy Policy for Europe (Beartas Fuinnimh don Eoraip)* (COIM [2007] 1 sa deireadh).
- 17 Le Treoir 2009/28/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn agus lena ndearnadh Treoir 2001/77/CE agus Treoir 2003/30/CE a leasú agus a aisghairm ina dhiaidh sin, ceanglaítear ar gach Ballstát pleananna gnímh náisiúnta um fhuinneamh in-athnuaite a ghlacadh ina leagtar amach sprioc an Bhallstáit, ar leibhéal náisiúnta, maidir leis an sciar d'fhuinneamh ó acmhainní in-athnuaite a úsáidfear in iompar, i leictreachas, i dteas agus i bhfuarú in 2020. Le Treoir 2009/28/CE, déantar cur chun cinn ar an úsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite agus aithnítear an gá le tacú leis an gcomhtháthú leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite isteach san eangach tharchuir agus sonraítear inti:

“Éascaíonn idirnascaidh i measc tíortha an comhtháthú leictreachais ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite. Le cois athraitheacht a laghdú, is féidir le hidirnascaidh na costais chothromúcháin a ísliú, iomaíocht fhíor a spreagadh lena soláthraítear praghsanna níos ísle, agus tacú leis an bhforbairt gréasán.” (alt 59) [aistriúchán neamhoifigiúil]

- 18 Luaitear in Airteagal 3(1) de 2009/28/CE, faoin gceannteideal *“Spriocanna agus bearta éigeantacha náisiúnta iomlána maidir leis an úsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite”*.

“Cinnteoídh gach Ballstát go bhfuil an sciar d’fhuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite, arna ríomh de réir Airteagal 5 go hAirteagal 11, san ollúsáid deiridh fuinnimh in 2020 cothrom lena sprioc náisiúnta iomlán ar a laghad le haghaidh sciar an fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite sa bhliain sin, faoi mar a leagtar amach sa tríú colún den tábla i gcuid A d’Iarscríbhinn I. Tá na spriocanna éigeantacha náisiúnta iomlána sin i gcomhréir le sprioc de sciar 20% ar a laghad d’fhuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite in ollúsáid deiridh fuinnimh an Chomhphobail in 2020. D’fhonn baint amach na spriocanna a leagtar síos san Airteagal seo a dhéanamh níos éasca, déanfaidh gach Ballstát éifeachtúlacht fuinnimh agus coigilt fuinnimh a chur chun cinn agus a spreagadh.” [aistriúchán neamhoifigiúil]

- 19 Ceanglaítear le hAirteagal 16(1) de Threoir 2009/28/CE:

“Glacfaidh Ballstáit na céimeanna iomchuí chun bonneagar eangaí tarchuir agus dáileacháin, líonraí cliste, áiseanna stórála agus an córas leictreachais a fhorbairt, d’fhonn oibriú daingean an chórais leictreachais a éascú de réir mar a oibríonn sé tuilleadh forbartha an táirgthe leictreachais ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear idirnascadh idir Ballstáit agus idir Ballstáit agus tríú tíortha.” [aistriúchán neamhoifigiúil]

- 20 Leagtar straitéis fuinnimh an Choimisiúin Eorpaigh le haghaidh na tréimhse go dtí 2020 amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle Eorpach agus chuig Parlaimint na hEorpa an 10 Samhain 2010, dar teideal *Energy 2020 A Strategy for Competitive, Sustainable and Secure Energy (Fuinneamh 2020: Straitéis maidir le Fuinneamh Iomaíoch, Inbhuanaithe agus Daingean)* (COIM [2010] 639 sa deireadh). Is é is aidhm do straitéis 2020 an Aontais Eorpaigh athruithe cuimsitheacha a dhéanamh ar an dóigh a dtáirgeann agus a n-úsáideann an Eoraip fuinneamh, agus forbairt á déanamh ar ar baineadh amach i réimse an bheartais fuinnimh go dtí seo. Sa Teachtaireacht dheireanach seo, leagtar béim athnuaite ar an ngá le forbairt bonneagar fuinnimh agus idirnascadh trasteorann méadaithe d’fhonn na heochairchuspóirí beartais um iomaíochas, um inbhuanaitheacht agus um dhaingneacht an tsoláthair a chomhlíonadh.

- 21 An 17 Samhain 2010, d’eisigh an Coimisiún Eorpach an Teachtaireacht *Energy Infrastructure Priorities for 2020 and beyond – A Blueprint for an integrated European energy network (Tosaíochtaí maidir le bonneagar fuinnimh don bhliain 2020 agus ina diaidh - Treoirphlean maidir le gréasán fuinnimh comhtháite Eorpach* [COIM/2010/1395]. Cuirtear i láthair sa Teachtaireacht seo tosaíochtaí an AE maidir le bonneagar fuinnimh do na fiche

bliain romhainn agus sainítear conairí tosaíochta an AE i gcomhair leictreachas, gás agus ola a iompar. Mínítear sa Teachtaireacht go gcuirfidh margadh Eorpach atá ceangailte go hiomlán feabhas ar dhaingneacht an tsoláthair freisin agus go gcabhróidh sé le praghsanna tomhaltais a chobhsú. Aithnítear inti nach mór do cheadú agus do chomhar trasteorann éirí níos éifeachtúla agus níos follasaí chun an méid a ghlacann an pobal leis a mhéadú agus chun soláthar na ngréasán tarchuir idircheangailte a luathú.

22 An 8 Márta 2011, ghlac an Coimisiún Eorpach Teachtaireacht *Energy Efficiency Plan 2011 (Plean 2011 don Tíosacht ar Fhuinneamh)* (COIM [2011] 109 sa deireadh) lena ndearbhaítear go bhfuil éifeachtúlacht fuinnimh ag croílár straitéis an AE Fuinneamh 2020. Sonraítear sa Phlean don Tíosacht ar Fhuinneamh go bhfuil éifeachtúlacht fuinnimh ar cheann de na dóigheanna is éifeachtaí le daingneacht an tsoláthair fuinnimh a bhreisiú agus le hastuithe gáis cheaptha teasa agus truaileán eile a laghdú. Mar chuid den phlean, aithníonn an Coimisiún i Rannán 4 Tíosacht ar Fhuinneamh le haghaidh Tionscal Eorpach Iomaíoch - Giniúint éifeachtúil teasa agus leictreachas “*nach mór cumas agus bonneagar giniúna nua a fhorbairt chun an trealamh aosaithe a ionadú agus chun freastal ar éileamh.*” (Ich 8) [aistriúchán neamhoifigiúil]

23 An 15 Nollaig 2011, ghlac an Coimisiún Eorpach an Teachtaireacht *Energy Roadmap 2050 (Treochlár Fuinnimh 2050)* (COIM [2011] 0885 sa deireadh). Tá an AE tiomanta d’astuithe gáis cheaptha teasa a laghdú go dtí 80-95% níos lú ná leibhéil 1990 faoin mbliain 2050. San Energy Roadmap (Treochlár Fuinnimh), déantar iniúchadh ar na dúshláin a bhaineann le cuspóir an AE maidir le dícharbónú a sholáthar le linn daingneacht an tsoláthair fuinnimh agus iomaíochas a chinntiú ag an am céanna. Is é an Energy Roadmap (Treochlár Fuinnimh) an bonn le haghaidh creat fadtéarmach an AE a fhorbairt i dteannta na bpáirtithe leasmhara go léir. Go háirithe, sonraítear an méid seo maidir le leictreachas i Rannán 3.2 (b) den Energy Roadmap (Treochlár Fuinnimh):

“Ós rud é go bhfuil dul i bhfód na trádála leictreachais agus na n-athnuaiteán faoi bheagnach cás ar bith go dtí an bhliain 2050, agus go háirithe i gcás na nAthnuaiteán Ard, éiríonn bonneagar imleor ag dáileachán, ag idirnascaidh agus ag cian-tarchur ina ábhar práinne. Faoin mbliain 2020, ní mór cumas idirnasctha a mhéadú ar aon dul le pleananna forbartha reatha ar a laghad. Beidh méadú iomlán 40% ar an gcumas idirnasctha go dtí an bhliain 2020, mar aon le comhtháthú breise ina dhiaidh sin. Ar mhaithe le comhtháthú breise rathúil tar éis 2020, ní mór don AE oileáin fuinnimh san AE a dhíothú go hiomlán faoin mbliain 2015; ina theannta sin, ní mór gréasáin a leathnú agus éirí le himeacht ama ina naisc shioncronaithe idir Mór-Roinn na hEorpa agus an Réigiún Baltach.” (Ich 15) [aistriúchán neamhoifigiúil]

- 24 I dtuarascáil an Choimisiúin Eorpaigh *Connecting Europe – The Energy Infrastructure of Tomorrow (An Eoraip a Nascadh – An Bonneagar Fuinnimh don Todhchaí)* (2012), aithnítear nach mór don Aontas Eorpach infheistiú i nuachóiriú a bhonneagair sna deich mbliana romhainn le go mbainfidh sé a spriocanna aeráide 20-20-20 amach faoin mbliain 2020. Ní leor bonneagar fuinnimh an AE atá ann cheana chun freastal ar an éileamh ar fhuinneamh sa todhchaí ná chun daingneacht an tsoláthair dá bhallstáit a chinntiú. Luaitear sa tuarascáil:

“...déanfaidh easpa idirnasc na deiseanna a laghdú le haghaidh bharrfheabhsú an chórais, an riosca cur isteach a mhéadú agus infheistíochtaí breise agus níos daoire i nginiúint chúltaca agus chothromúcháin a spreagadh. Éireoidh sé níos costasaí fuinneamh a sholáthar agus soláthar agus éileamh a chothromú, agus is ar iomaíochas na dtionscal Eorpach, ar thomhaltóirí agus ar fhás a bheidh an tionchar comhfhreagrach.” (Ich 3) [aistriúchán neamhoifigiúil]

- 25 Cuirtear forbhreathnú ar fáil sa tuarascáil freisin ar an rialachán a bheartaítear maidir le bonneagar tras-Eorpach fuinnimh (Ich 10) agus sainaitnítear “nasc talún AC idir Tuaisceart Éireann agus Deisceart na hÉireann” mar cheann de liosta 5 thionscadal i gcatagóir eangach easchósta na bhFarraigí Tuaisceartacha a bhreithneofar mar PCI féideartha. [Daingnítear an seasamh sin leis an Rialachán Tarmligthe 1391/2013 dá dtagraítear i **Rannán 3.6** den tuarascáil seo a eisíodh an 14 Deireadh Fómhair 2013.]

- 26 Ina dhiaidh sin, an 6 Meitheamh 2012, chuir an Coimisiún Eorpach Teachtaireacht *Renewable Energy: A Major Player in the European Energy Market (Fuinneamh in-athnuaite: Mór-Imreoir sa Mhargadh Fuinnimh Eorpach)* [COIM/2012/271] i láthair maidir lena bheartas um fuinneamh in-athnuaite, lenar leagadh amach roghanna le haghaidh na tréimhse tar éis 2020. Aithnítear sa Teachtaireacht an gá le cur chuige Eorpach níos comhordaithe maidir le tionscadail tacaíochta a bhunú agus a athchóiriú agus an gá le húsáid mhéadaithe a bhaint as trádáil fuinnimh in-athnuaite i measc Ballstát.

- 27 An 27 Márta 2013, d’fhoilsigh an Coimisiún Eorpach an chéad tuarascáil uaidh ar an ábhar, *Renewable Energy Progress Report (Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir le Fuinneamh In-athnuaite)*, faoi chreat Threoir 2009/28/CE. I measc nithe eile, déantar measúnú sa tuarascáil ar dhul chun cinn na mBallstát ar fhuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn agus a úsáid feadh na conaire i dtreo spriocanna fuinnimh in-athnuaite 2020. Luaitear sa tuarascáil:

“...faightear tuiscint ar thús tosaigh a bhí sách maith den chuid is mó ag leibhéal an AE ach ar bhaint na bpríomhbhacainní ar fhás fuinnimh in-athnuaite a bhí ní ba mhoille ná a bhíothas ag súil leis, agus ar an ngá le

hiarrachtaí breise á ndéanamh ag ballstáit ar leith... Ag leibhéal an AE agus na mBallstát, tá tuilleadh iarrachtaí ag teastáil maidir le simpliú riaracháin agus le soiléireacht nósanna imeachta pleanála agus ceadúnúcháin agus ar mhaithe le forbairt agus oibriú an bhonneagair.” (Ich 2) [aistriúchán neamhoifigiúil]

28 Treoir 2009/72/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhrialacha le haghaidh an mhargaidh inmheánaigh sa leictreachas agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/54/CE, tá sí dírithe ar chomhrialacha a thabhairt isteach le haghaidh ghiniúint, tharchur, dháileadh agus sholáthar an leictreachais, mar aon le forálacha chun tomhaltóirí a chosaint. I dTreoir 2009/73/CE, leagtar amach na hoibleagáidí seirbhíse ar gach Ballstát agus na cearta tomhaltóirí iontu agus soiléirítear ceanglais iomaíochta d’fhonn margaí leictreachais iomaíocha san AE a fheabhsú agus a chomhtháthú.

29 Aithnítear i dTreoir 2009/72/CE freisin gur cheart idirnáisc thrasteorann a fhorbairt tuilleadh d’fhonn na foinsí fuinnimh go léir a dhaingniú ag praghsanna iomaíocha do thomhaltóirí laistigh den chomhphobal. Maidir leis sin, tá na rialacha le haghaidh an earnáil inmheánach leictreachais a eagrú dírithe ar mhargadh i leictreachas atá iomaíoch, daingean agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a fhorbairt. Sonraítear an méid seo a leanas i gCaibidil 2, Airteagal 6(1) de Threoir 2009/72/CE, faoin gceannteideal “Comhoibriú Réigiúnach a Chur Chun Cinn”:

“Comhoibreoidh Ballstáit mar aon leis na húdaráis rialála le chéile chun críche a margaí náisiúnta a chomhtháthú ag leibhéal réigiúnach amháin nó níos mó, mar chéad chéim i gcomhair margadh inmheánach lán-léirscaoilte a chruthú. Go háirithe, déanfaidh na húdaráis rialála mar a ndearna Ballstáit foráil ina leith nó Ballstáit cur chun cinn agus éascú ar chomhoibriú na n-oibreoirí córais tarchurtha ag leibhéal réigiúnach, lena n-áirítear maidir le saincheisteanna trasteorann, d’fhonn margadh inmheánach iomaíoch i leictreachas a chruthú, a chomhsheasmhaí atá a gcreat dlí, rialála agus teicniúil a chothú agus comhtháthú na gcóras iargúlta a chruthaíonn oileáin leictreachais atá le fáil sa Chomhphobal a éascú.” [aistriúchán neamhoifigiúil]

30 An 15 Samhain 2012, d’eisigh an Coimisiún Eorpach *Making the Internal Energy Market Work (An Margadh Inmheánach Fuinnimh a Dhéanamh Éifeachtach)* (COIM [2012] 663) lenar measúnaíodh staid an mhargaidh inmheánaigh fuinnimh idir Ballstáit, a bheidh le cur i gcrích faoin mbliain 2014. Tugtar spreagadh sa Teachtaireacht do Bhallstáit méadú a dhéanamh ar iarrachtaí margaí inmheánacha fuinnimh a éascú agus leagtar béim ar na tairbhí a bhaineann le margadh Eorpach comhtháite do shaoránaigh agus do ghnó. Chomh maith leis sin, sainnithnítear sa Teachtaireacht an gá le tuilleadh gníomhaíochta i roinnt

réimsí, lena n-áirítear cosaint tomhaltóirí agus infheistiú i nuachóiriú an bhonneagair fuinnimh, i measc nithe eile.

31 Ina dhiaidh sin, an 28 Samhain 2012, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach tuarascáil ar an *State of the Single Market Integration 2013 (Staid Chomhtháthú an Mhargaidh Aonair 2013)*. Cuirtear i láthair sa tuarascáil anailís ar staid chomhtháthú an mhargaidh aonair idir Ballstáit. Sonraítear sa tuarascáil go bhfuil comhtháthú in easnamh sa mhargadh fuinnimh go fóill, rud a bhfuil an t-idirnascaidh teoranta trasteorann ina chúis amháin leis. Iarrtar sa tuarascáil glacadh agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an bPacáiste um Bonneagar Fuinnimh agus an chéad liosta ar fud an Aontais um Thionscadail Leasa Choitinn i mbonneagar fuinnimh a ghlacadh. Baineann tábhacht lárnach leis na tionscadail sin maidir le soláthar fuinnimh daingean agus inacmhainne sa todhchaí.

4.2.3 Comhlíonadh Bheartas an AE

32 Comhlíonann an fhorbairt a bheartaítear dlí agus beartas an AE agus na cuspóirí a mhionsonraítear thuas, agus na nithe seo a leanas go sonrath:

- oibriú éifeachtach an mhargaidh inmheánaigh a spreagadh trí ghréasáin tarchuir a idirnascaidh agus a atreisiú;
- daingneacht an tsoláthair fuinnimh a atreisiú; agus
- cur le forbairt inbhuanaithe trí nascadh feabhsaithe foinsí fuinnimh in-athnuaite (agus cumhacht gaoithe go háirithe).

33 Maidir le comhlíonadh dhlí agus beartas straitéiseach fuinnimh an Aontais Eorpaigh, is é an chonclúid go ndéanfaidh an dara hidirnascaire thuaidh theas a bheartaítear agus an fhorbairt bhonneagair lena mbaineann daingneacht an tsoláthair a bhreisiú, tuilleadh iomaíochta an mhargaidh inmheánaigh a éascú agus nascadh fuinnimh a ghintear le foinsí in-athnuaite a mhéadú. Ina theannta sin, cabhróidh an t-idirnascaidh breise sin ar an dá chóras tarchuir ar oileán na hÉireann le sprioc ag an leibhéal Eorpach um sciar 20% d'fhuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite faoin mbliain 2020 a bhaint amach, mar a leagtar amach sa *Treoir maidir le Pleananna Gnímh Náisiúnta um Fhuinneamh In-athnuaite (2009/28/CE)*, a shonraítear thuas.

4.2.4 Seasamh na Rialtas agus na nÚdarás Rialála

34 Tháinig forás ar bheartas um margadh fuinnimh Eorpach trasteorann de réir a chéile. Thosaigh sé in 1996 le Treoir 96/92/CE lenar leagadh síos rialacha le haghaidh an mhargaidh inmheánaigh i leictreachas agus a aisghaireadh ina dhiaidh sin le Treoir

2003/54/CE agus le Treoir 2009/72/CE. Bhí sé mar chuspóir ag na treoracha Eorpacha luatha sin an creat rialála ceart a shocrú chun saor-chéadrogha fhíor a chur chun cinn agus a thairiscint do thomhaltóirí ag praghsanna córa agus iomaíocha, chun táirgeadh fuinnimh ghlain a spreagadh agus chun daingneacht an tsoláthair a fheabhsú.

- 35 Tar éis Threoracha ón AE in 2003 maidir le comhrialacha le haghaidh margadh inmheánach fuinnimh, d'fhoilsigh Rialtas na hÉireann agus Rialtas na Ríochta Aontaithe *All-Island Energy Market (Margadh Fuinnimh Uile-Oileáin)* go comhpháirteach in 2004. Léiríonn an Creat Uile-Oileáin tiomantas a thug an dá Rialtas do dhul chun cinn a dhéanamh ar chomhtháthú réigiúnach idir Éire agus Tuaisceart Éireann laistigh den chomhthéacs níos leithne um margadh inmheánach leictreachais ar fud na hEorpa. Luaitear i gcáipéis an Chreata go bhfuil comhoibriú maidir le saincheisteanna coiteanna fuinnimh ar siúl le fada, toisc go bhfuil leas coiteann ag an dá Rialtas i margaí fuinnimh níos iomaíche, i gcostais laghdaithe fuinnimh agus in iontaofacht fheabhsaithe an tsoláthair. Is é seo a leanas an sainmhíniú ar Mhargadh Fuinnimh Uile-Oileáin a thugtar ann:

“Ba cheart go n-éascódh Margadh Fuinnimh Uile-Oileáin margaí i leictreachas agus i ngás nádúrtha ar oileán na hÉireann atá iomaíoch, inbhuanaithe agus iontaofa ag an gcostas is ísle is gá. Ba cheart go n-oibreodh sé i gcomhthéacs mhargadh inmheánach fuinnimh an AE agus ba cheart go soláthródh sé tairbhí eacnamaíocha agus sóisialta fadtéarmacha atá le comhleas Thuaisceart Éireann agus Phoblacht na hÉireann. Ba cheart do chustaiméirí, beag beann ar an áit a bhfuil cónaí orthu, a riachtanais fuinnimh a fhoinsiú ó sholáthraithe agus ó sholáthraithe seirbhíse áit ar bith ar oileán na hÉireann agus ba cheart do ghineadóirí bheith ábalta páirt shaor a ghlacadh ann, beag beann ar dhlíne” (Ich 4) [aistriúchán neamhoifigiúil]

- 36 Leagann brollach an Aire leis an gCreat béim air sin tríd an méid seo a leanas a lua:

“Leagtar amach sa Chreat Forbartha seo an tiomantas a thugann ár Rialtais don dúshlán sin a chomhlíonadh trí Mhargadh Fuinnimh Uile-Oileáin a chruthú. Is é atá i gceist leis sin comhoibriú maidir le saincheisteanna a chlúdaíonn idirnascaidh feabhsaithe, margaí iomaíocha agus comhaontuithe comhchuibhithe trádála, mar aon le leorgacht giniúna, daingneacht an tsoláthair, fuinneamh inbhuanaithe agus bearta um éifeachtúlacht fuinnimh”.
[aistriúchán neamhoifigiúil]

- 37 Mar a shonraítear sa Chreat seo, socraítear an tionscnamh i leith *“feachtas an Aontais Eorpaigh chun Margadh Inmheánach ar fud na hEorpa i leictreachas agus i ngás nádúrtha a chruthú”* (Ich 1). [aistriúchán neamhoifigiúil] Ag freagairt don aitheantas a thugtar i mbeartas an AE do ról an idirnasctha chun brú a mhaolú agus chun trádáil éifeachtúil táirgí fuinnimh

trasna teorainneacha a éascú, sainaitnítear sa cháipéis gur ‘*cumasóir tábhachtach*’ le haghaidh an mhargaidh uile-oileáin a bheartaítear é tógáil an dara hidirnascaire leictreachais. In Iarscríbhinn A leis an gcáipéis, mionsonraítear clár forbartha le haghaidh an mhargaidh uile-oileáin agus sainaitnítear idirnascadh thuaidh-theas mar ‘sprioc straitéiseach’.

38 I mí na Samhna 2004, rinne an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) in Éirinn agus Údarás Thuaisceart Éireann um Rialáil Fuinnimh mar a bhí sé ansin (NIAUR anois – Údarás Thuaisceart Éireann um Rialáil Fónas), agus iad ar na rialálaithe reachtúla le haghaidh an dá dhlíne ar oileáin na hÉireann, rinne siad *Joint Report for the Case for a Second North-South Interconnector (Comhthuarascáil maidir leis an gCás i bhFabhar an Dara hidirnascaire Thuaidh Theas)* (2004) a fhoilsiú.

39 Rinneadh measúnú sa Chomhthuarascáil ar staidéir theicniúla, eacnamaíocha agus pháirtithe leasmhara lena dtugtar aghaidh ar an gcás i bhfabhar an dara hidirnascaire. Ar aon dul le seasamh na n-iarratasóirí faoi seach i leith an ábhair seo, tháinig na staidéir theicniúla ar an gconclúid go bhfuil an dara hidirnascaire thuaidh-theas ag teastáil d’fhonn daingneacht leantach an tsoláthair, cobhsaíocht an chórais agus scaradh córais a chinntiú agus scaradh córais féideartha a shárú. Chomh maith leis sin, tá atreisiúcháin an chórais inmheánaigh ar an dá chóras ag teastáil chun sreafaí cumhachta méadaithe a mhéadú agus tacú leo. Go sonrach, tháinig an Achoimre Fheidhmeach ar an gComhthuarascáil Chomhshaoil ar an gconclúid seo:

“Cuireann idirnascadh méadaithe tuilleadh daingneacht chórais agus cobhsaíocht chórais ar fáil in aghaidh cúlra ina bhfuil éilimh atá ag méadú, imill dhochta chúltaca giniúna, gá atá ag méadú ar chumas giniúna, spleáchas atá ag méadú i ndlíne amháin ar ghiniúint sa dlíne eile agus na leibhéil ísle reatha idirnasctha idir Éire agus an chuid eile den Eoraip.

Mar thoradh ar an tábhacht a bhaineann le daingneacht an tsoláthair maidir le margadh (beagnach) iargúlta, tá na Rialálaithe den tuairim go bhfuil cás láidir i bhfabhar an dara hidirnascaire Thuaidh Theas.” (Ich 6) [aistriúchán neamhoifigiúil]

40 Ina theannta sin, aimsíodh i staidéir eacnamaíocha a chuir faisnéis ar fáil don Chomhthuarascáil nach bhfuil aon chás láidir eacnamaíoch le dul in éadan thógáil an dara hidirnascaire. Agus aird á tabhairt acu ar na measúnachtaí agus na breithniúcháin éagsúla, bhí na Rialálaithe den tuairim i gcomhpháirt go dtacaíonn na sochair straitéiseacha a ghnóthófar mar thoradh ar idirnascadh méadaithe leis an gcás i bhfabhar an dara hidirnascaire thuaidh-theas agus atreisiú gaolmhar an ghréasáin tarchuir. Tháinig na rialálaithe ar an gconclúid go gcuirfeadh an t-idirnascadh sin tuilleadh daingneacht chórais

agus iontaofacht chórais ar fáil, go mbeadh sé ina chéim dhearfach i dtreo iomaíocht a fhorbairt tuilleadh, agus go gcuirfeadh sé forbairt an mhargaidh aonair leictreachais chun cinn.

- 41 Tar éis na Tuarascála sin a foilsíodh in 2004, agus sa chomhthéacs gur ghlac na Rialálaithe le comhaontuithe i bhfabhar tuilleadh idirnasctha roimhe sin, dheimhnigh Stiúrthóir na nGréasán Fuinnimh ag an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh i scríbhinn i mí an Mhárta 2006 leis an gCeann Forbairt Eangaí agus Tráchtála ag an am ag Eangach Náisiúnta BSL (EirGrid anois):

“go ndearna an Coimisiún [um Rialáil Fuinnimh] agus an NIAER breithniú ar an rogha um líne 275 kV nó líne ardchumais 400 kV a thógáil. Chinn an dá rialálaí go bhfuil call leis an gcostas breise a bhaineann leis an líne 400 kV ar bhonn an chumais aistrithe fuinnimh níos airde atá aici agus ar an gcumas atá aici bheith á uasghrádú san fhadtéarma ar bhealach níos praiticiúla agus níos barainní. Dá réir sin, faomhann an Coimisiún leis seo caighdeán 400 kV le haghaidh na líne Idirnascaire bhreise”. [aistriúchán neamhoifigiúil]

- 42 Shocraigh an litir dheimhniúcháin ón gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh an comhthéacs, dá bhrí sin, i gcomhair idirnascaire ardchumais breise a fhorbairt idir Éire agus Tuaisceart Éireann.

- 43 Níos déanaí fós, i gcomhfhreagras chuig EirGrid ó Choiste an Mhargaidh Aonair Leictreachais (SEM) (a chuimsíonn an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh in Éirinn agus Rialálaí Fóntas Thuaisceart Éireann) dar dáta an 30 Aibreán 2013 (a chuirtear san áireamh mar **Aguisín 1** den tuarascáil phleanála seo), tagraítear do *“ábharthacht an dara hidirnascaire Thuaidh-Theas do chur chun feidhme rathúil na gcuispóirí beartais um iomaíochas, inbhuanaitheacht agus dhaingneacht an tsoláthair in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann araon agus don riachtanas le dul chun cinn a dhéanamh ar an tionscadal seo agus é a sholáthar, agus ní hamháin é a sholáthar, ach is gá é a sholáthar mar ábhar tosaíochta”*. [aistriúchán neamhoifigiúil]

- 44 I mí Bealtaine 2015, tháirg EirGrid agus SONI tuarascáil freisin dar teideal *The Need for a Second North-South Electricity Interconnector (An Gá atá leis an Dara Idirnascaire Leictreachais Thuaidh-Theas)*, ina sainithnítear an fhorbairt a bheartaítear mar *“atreisiú tarchuir atá ríthábhachtach agus práinneach ón taobh straitéiseach de le haghaidh oileán na hÉireann”* ag a bhfuil buntáistí a bhaineann le *“daingneacht mhéadaithe an tsoláthair agus costais laghdaithe leictreachais”*. Feic Aguisín 2.1, **Aguisíní Imleabhar 3B** den EIS.

4.3 COMHTHÉACS NA MBEARTAS STRAITÉISEACH – GO NÁISIÚNTA

45 Léiríonn pleananna agus beartais forbartha náisiúnta in Éirinn an tiomantas sonraithe a thug Rialtas na hÉireann d'idirnascadh méadaithe idir na córais leictreachais faoi seach in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, agus d'atreisiú iomchuí an chórais tarchuir atá ann cheana. Scrúdaítear na pleananna agus na beartais sin thíos. I ndáil leis sin, ní féidir dearmad a dhéanamh ar an gceanglas atá ar an mBord aird a thabhairt ar na beartais sin atá leagtha amach in alt 143(1) den *Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000*, arna leasú. Sonraítear an méid seo a leanas in Alt 143(1), arna leasú:

“Déanfaidh an Bord, agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige, aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas—

(a) na beartais agus na cuspóirí de thuras na huairé atá ag an Rialtas, ag údaráis Stáit, ag an Aire, ag na húdaráis phleanála agus ag aon chomhlacht eile ar comhlacht poiblí é agus a bhfuil baint ag a fheidhmeanna, nó a bhféadfadh baint a bheith ag a fheidhmeanna, le pleanáil cheart agus le forbairt inbhuanaithe cathracha, bailte nó limistéar eile, cibé acu limistéir uirbeacha nó thuaithe,

(b) leas an náisiúin agus aon tionchar a d'fhéadfadh a bheadh ag feidhmiú fheidhmeanna an Bhoird ar shaincheisteanna a bhfuil tábhacht straitéiseach eacnamaíoch agus shóisialta leo don Stát, agus

(c) an Straitéis Spáis Náisiúnta agus aon straitéis réigiúnach spáis agus eacnamaíoch atá i bhfeidhm de thuras na huairé”. [aistriúchán neamhoifigiúil]

4.3.1 An Straitéis Spáis Náisiúnta d'Éirinn 2002-2020

46 Sa Straitéis Spáis Náisiúnta (NSS) 2002-2020, leagtar amach fíis straitéiseach 20 bliain maidir le pleanáil agus forbairt spásúlachta na hÉireann. Leagtar amach inti an dóigh a ndéanfaidh bonneagar sóisialta agus fisiceach spreagadh agus comhlánú ar ghréasán neartaithe cathracha, bailte agus pobail tuaithe d'fhonn forbairt náisiúnta ar bhonn cothrom a chruthú. Bhí sé sin le héascú ag tairseacha agus moil a shainiú trína bhféadfaí fostaíocht agus infheistíocht a dhíriú.

47 I dtaca le heochairthionscadail bhonneagair, sainaitnítear i Rannán 3.7 den Straitéis Spáis Náisiúnta gur *“gné de na geilleagair is aibí agus is rathúla ná go bhfuil bonneagar an-fhorbartha agus dea-chomhtháite acu a thacaíonn le gluaiseacht, i.e. córas iompair poiblí*

agus próbháideach, agus le gréasáin fuinnimh agus chumarsáide.” (Ich 56) [aistriúchán neamhoifigiúil]

48 Baineann spéis ar leith leis an tsaincheist um ‘Inrochtaineacht Fheabhsaithe’ sa Straitéis Spáis Náisiúnta maidir leis an tionscadal idirnasctha Thuaidh-Theas a bheartaítear. Ina leith sin, is féidir ‘inrochtaineacht fheabhsaithe’ a bhaint amach, de réir na straitéise, le haghaidh *“limistéir uirbeacha agus thuithe, trí líonra idircheangailte de chórais iompair bhóithre nó iarnróid atá éifeachtúil agus chomhtháite, d’eangacha fuinnimh agus d’eangacha cumarsáide – a bhfuil gach ceann díobh deartha le go gcomhtháthaíonn siad ag láithreacha atá straitéiseach ón taobh náisiúnta de.” (Ich 41) [aistriúchán neamhoifigiúil]*

49 Áirítear le breithniúcháin phríomha maidir le beartais spásúlachta a bhaineann le forbairt bonneagar fuinnimh náisiúnta *“bonneagar fuinnimh a fhorbairt ar bhonn uile-oileáin le leas praiticiúil agus le comhleas Phoblacht na hÉireann agus Thuaisceart Éireann araon”.* (Ich 64) [aistriúchán neamhoifigiúil]

50 Cé go bhfuil iniúchadh á dhéanamh faoi láthair ar mhúnlaí a thugann aghaidh ar fhorbairt réigiúnach ar bhonn cothrom, tá gá ann fós le soláthar ardchaighdeáin fuinnimh d’fhonn bonn eacnamaíoch níos leithne agus níos láidre, tuilleadh iomaíochais eacnamaíoch agus an dul chun cinn sóisialta lena mbaineann a bhaint amach ag leibhéal réigiúnach.

4.3.2 The Government White Paper – the Energy Policy Framework 2007-2020: Delivering a Sustainable Energy Future for Ireland (Páipéar Bán an Rialtais – Creat Beartais Fuinnimh 2007-2020: Todhchaí Inbhuanaithe Fuinnimh a Thabhairt d’Éirinn) 2007

51 Sa *White Paper – Delivering a Sustainable Energy Future for Ireland (Páipéar Bán - Todhchaí Inbhuanaithe Fuinnimh a Thabhairt d’Éirinn)* a foilsíodh i mí an Mhárta 2007, leagtar amach creat Beartais Fuinnimh Rialtas na hÉireann do 2007-2020. Féachann an beartas le daingneacht an tsoláthair fuinnimh a chinntiú; inbhuanaitheacht an tsoláthair fuinnimh agus na húsáide fuinnimh a chur chun cinn; agus iomaíochas sa soláthar fuinnimh a fheabhsú. Tugtar deiseanna na hÉireann i réimse na n-athnuaiteán (agus i réimse an bhithfuinnimh) ar aird agus tugtar aitheantas ar leith don ról féideartha i bhfostaíocht a chruthú. Ar na dúshláin a shainaithnítear tá ár margadh beag fuinnimh, ár n-imeallacht agus ár n-acmhainní teoranta breosla dhúchasaigh.

52 Leagtar sleachta ábhartha ón bPáipéar Bán amach thíos:

“Baineann ríthábhacht le daingneacht an tsoláthair fuinnimh maidir leis an ngeilleagar agus leis an tsochaí. Éilíonn daingneacht an tsoláthair go bhfuil

rochtain iontaofa againn ar sholáthairtí ola agus gáis agus go bhfuil an bonneagar i bhfeidhm againn le haghaidh gás agus ola a iompórtáil, a dháileadh agus a stóráil. Tá gréasáin láidre gháis agus leictreachais agus cumas láidir giniúna leictreachais ag teastáil uainn freisin chun soláthar comhsheasmhach do thomhaltóirí agus do gach earnáil den gheilleagar a chinntiú”. (Rannán 3.1.1, lch 20) [aistriúchán neamhoifigiúil]

“Tacoimid le forbairt fhorásach a dhéanamh ar mhargadh réigiúnach leictreachais leis an Ríocht Aontaithe agus leis an Eoraip Thiar Thuaidh sna cúig bliana romhainn a bhfuil idirnascadh nua mar bhonn agus thaca aici”. (Rannán 3.2.3, lch 21) [aistriúchán neamhoifigiúil]

“Cinnteoimid go soláthrófar an dara hidirnascaire leictreachais Thuaidh-Theas faoin mbliain 2011, a dhúblóidh an cumas aistrithe leictreachais trasteorann atá ann cheana go dtí níos mó ná 680 MW.” (Rannán 3.2.3, lch 21) [aistriúchán neamhoifigiúil]

“Leanfar le síneadh agus le huasghrádú suntasach a dhéanamh ar bhonneagar an ghréasáin leictreachais agus ola sa mheántéarma ar aon dul le riachtanais eacnamaíocha, shóisialta agus forbartha réigiúnaí.” (Rannán 3.5.1, lch 29) [aistriúchán neamhoifigiúil]

“Leanfaimid ar aghaidh ag comhlíonadh riachtanais forbartha réigiúnaí trí thacú leis an mórchlár infheistíochta leictreachais atá ar siúl agus beartaithe ag Líonraí BSL sa ghréasán tarchuir ardvoltais agus sa ghréasán dáileacháin agus le naisc go dtí an bhliain 2010 agus ina dhiaidh sin, mar atá formheasta ag an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh.” (Rannán 3.5.2, lch 30) [aistriúchán neamhoifigiúil]

“Trí Straitéis Forbartha Eangaí 2007 go 2025 de chuid EirGrid agus i bhfianaise an Staidéir Eangaí Uile-Oileáin, cinnteoimid an gníomh riachtanach lena chinntiú gur féidir leis na gréasáin tarchuir agus dáileacháin leictreachais ár spriocanna maidir le giniúint in-athnuaite i gcomhair an oileáin go dtí 2020 agus ina diaidh a chomhlíonadh ar bhealach atá barrmhaith ón taobh eacnamaíoch agus teicniúil de.” (Rannán 3.5.2, lch 30) [aistriúchán neamhoifigiúil]

- 53 Tiomnaíonn Sprioc Straitéiseach 3 ('Daingneacht an tSoláthair Fuinnimh a Chinntiú'), d'fhás suntasach a sholáthar ar an méid a chuireann fuinneamh in-athnuaite le héagsúlacht breoslaí i nginiúint cumhachta agus is í 33% an sprioc faoi 2020. Is é fuinneamh gaoithe is mó a chuirfidh leis an sprioc sin a bhaint amach, ar sprioc í a méadaíodh go 40% ina dhiaidh sin.

54 Sonraítear i Rannán 3.1 den Chreat Beartais an gá atá le bonneagar fuinnimh ardchaighdeáin ag a bhfuil cumas imleor. Tá *“gréasáin láidre gháis agus leictreachais agus cumas láidir giniúna leictreachais ag teastáil [uainn] chun soláthar comhsheasmhach a chinntiú”*. (lch 20)

55 Leagtar amach i Rannán 3.5.2 an tiomantas d’infheistiú i mbonneagar tarchuir leictreachais: *“Trí Straitéis Forbartha Eangaí 2007-2025 de chuid EirGrid agus i bhfianaise an Staidéir Eangaí Uile-Oileáin, cinnteoidimid an gníomh riachtanach lena chinntiú gur féidir le gréasáin tarchuir agus dáileacháin leictreachais ár spriocanna maidir le giniúint in-athnuaite i gcomhair an oileáin go dtí 2020 agus ina diaidh a chomhlíonadh ar bhealach atá barrmhaith ón taobh eacnamaíoch agus teicniúil de.”* (lch 30)

4.3.3 Páipéar Uaine ar Bheartas Fuinnimh in Éirinn de chuid an Rialtais

56 I mí na Bealtaine 2014, sheol an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha an próiseas comhairliúcháin maidir leis an bPáipéar Uaine ar Bheartas Fuinnimh in Éirinn chun díospóireacht eolasach fhorleathan a spreagadh ar an mbeartas fuinnimh. Iarradh tuairimí agus moltaí i scríbhinn ó gheallsealbhóirí agus ó pháirtithe leasmhara faoin 31 Iúil 2014. Tá athbhreithniú ar na haighneachtaí sin á dhéanamh ag an Roinn faoi láthair, agus meastar go bhfoilseofar Páipéar Bán le linn an dara leath de 2015.

57 Tá an plé ar bhealach fuinnimh na hÉireann sa todhchaí sa Pháipéar Uaine bunaithe ar thrí phríomhghné: an tslándáil, an inbhuanaitheacht, agus an t-iomaíochas. Aithnítear sé réimse tosaíochta beartais ann ar iarradh tuairimí i scríbhinn ina leith. Seo a leanas iad:

Tosaíocht 1: Saoránaigh Fuinnimh a Chumhachtú;

Tosaíocht 2: Margaí, Rialáil agus Praghsanna;

Tosaíocht 3: Infrastruchtúr Fuinnimh Riachtanach a Phleanáil agus a Fheidhmiú;

Tosaíocht 4: Meascán Fuinnimh atá Slán agus Cothrom a Chinntiú;

Tosaíocht 5: An Córas Fuinnimh a Chur ar Bhealach Inbhuanaithe; agus

Tosaíocht 6: Deis Eacnamaíoch a Stiúradh.

58 Sa Pháipéar Uaine, féachtar ar na hathruithe sa bheartas fuinnimh ó foilsíodh an Páipéar Bán deiridh maidir le fuinneamh in 2007, lena n-áirítear na hathruithe eacnamaíocha a chuaigh i bhfeidhm ar an gcaoi a n-úsáidimid fuinneamh agus ar an méid fuinnimh a úsáidimid. Leagtar amach breithnithe ábhartha thíos:

- Chrap geilleagar na hÉireann 7.3% idir 2007 agus 2012, agus tháinig laghdú 19% ar an éileamh fuinnimh. Tháinig laghdú 21% ar na hastuithe gaolmhara CO2 dá thoradh sin.
- Tá athrú tagtha ar ár meascán fuinnimh ó 2007 freisin. In 2012, táirgeadh os cionn 19% den leictreachas ó fhuinneamh in-athnuaite. Ar an ábhar sin, ba leictreachas neodrach ó thaobh carbóin de a bhí ann – ach bímid ag brath go mór ar ola agus ar ghás i gcónaí mar sin féin.
- De réir mar a thiocfaidh téarnamh ar an ngeilleagar, ní mór dúinn a áirithiú nach dtiocfaidh méadú ar an éileamh ar fhuinneamh, ná ar an méid a bhímid ag brath ar bhreoslaí iontaise, dá réir sin. Ina theannta sin, ní mór dúinn leanúint dár n-acmhainní nádúrtha a fhorbairt agus a úsáid.

59 Ina theannta sin, tá athruithe struchtúracha tagtha ar an margadh fuinnimh ó 2007 lena n-áirítear an Margadh Aonair Leictreachais Uile-Oileáin a tháinig i bhfeidhm in 2007 lena bunáidíodh margadh aonair mórdhíola leictreachais idir Éire agus Tuaisceart Éireann. Foilsíodh dhá chreat beartais freisin ina soláthraítear pleananna cuimsitheacha maidir leis an gcaoi ar féidir linn ár spriocanna AE maidir le fuinneamh in-athnuaite agus le héifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach: (1) an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh (NEEAP) agus (2) Plean Gnímh Náisiúnta um Fhuinneamh In-athnuaite (NREAP). Táthar ag féachaint níos faide anonn ná 2020 i mbeartas fuinnimh an AE anois: tá spriocanna maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, astaíochtaí gáis cheaptha teasa agus fuinneamh in-athnuaite á leagan amach le haghaidh 2030.

60 Maidir leis an mBonneagar Fuinnimh go sonrath, aithnítear an méid seo a leanas i rannán 3.2 den Pháipéar Uaine: *“Sna blianta atá le teacht, caithfidh eangach na hÉireann freastal ar éileamh leictreachais atá ag dul i méid agus céatadán níos airde d’fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a chorprú. Cruthaíonn an meascán seo de riachtanais dúshláin nua bainistíochta líonra.”* Tagraítear freisin ann do thuairim EirGrid “nach mór dúbailt a dhéanamh ar chumas chóras tarchurtha na hÉireann faoin mbliain 2025, le héascú a dhéanamh ar an ardú i nginiúint in-athnuaite a bhfuiltear ag súil agus le freastal go sásúil ar éileamh leictreachais.”

61 Tá an méid seo a leanas leagtha amach sa Pháipéar Uaine, agus tá tábhacht ar leith leis maidir leis an bhForbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV:

“Mar chuid de straitéis Grid25, leanann líonraí EirGrid agus an BSL de bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le Leictreachas Thuaisceart Éireann (NIE) agus leis an System Operator Northern Ireland (SONI) le cumas tarchurtha trasteorann a threisiú tríd an dara Idirnascaire Thuaidh-Theas atá pleanáilte, beidh líne tarchurtha ardchumais ag rith idir Contaetha na Mí agus Thír

Eoghain. Tá feidhmiú an tionscadail seo riachtanach le srianta sreafa tarchurtha a laghdú idir an Tuaisceart agus an Deisceart, agus le feabhas a chur ar éifeachtúlacht oibríochta an chórais foriomláin agus ar leachtacht an mhargaidh araon.” (lch 38)

4.3.4 The National Development Plan 2007-2013: Transforming Ireland – A Better Quality of Life for All and Infrastructure and Capital Investment 2012-2020 (Medium Term Exchequer Framework) (An Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013: Éire a Bhunathrú chun Feabhais – Cáilíocht Beatha Níos Fearr do Chách agus Bonneagar agus Infheistíocht Chaipitil 2012-2020) (Creat Meántéarmach an Státchiste)

62 Sa *Phlean Forbartha Náisiúnta, 2007-2013* (an NDP), tacaíodh le Creat Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Réigiúnach an Rialtais lena n-áirítear moltaí maidir le caiteachas caipitiúil ar bhonneagar straitéiseach.

63 I mí na Samhna 2011, d’fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe clár caipitiúil leasaithe, *Infrastructure and Capital Investment 2012–2016: Medium Term Exchequer Framework (Bonneagar agus Infheistíocht Chaipitil 2012-2016: Creatlach Meántéarma Státchiste)*. Déantar iarracht sa Chlár Infheistíochta Caipitil dul i ngleic leis na cúinsí athraitheacha cánach agus buiséadacha sa tír. Is é an toradh a bheidh air caiteachas caipitiúil a laghdú sa mheántéarma. Chuige sin, tá Creatlach Meántéarma Státchiste 2011 tar éis ionad an *Phlean Forbartha Náisiúnta, 2007-2013*, a ghlacadh go bunúsach.

64 Saináithníodh sa Chreat ceithre chomhpháirt straitéis infheistíochta phríomha, lena n-áirítear *“Bonneagar eacnamaíoch – a chuimsíonn gréasáin iompair, soláthar fuinnimh agus cumas teileachumarsáide.”* (lch iii) [aistriúchán neamhoifigiúil] Go háirithe, aithnítear fuinneamh i Rannán 3.2 mar *“ionchur tábhachtach le gníomhaíocht eacnamaíoch agus ní mór don gheilleagar foinse fuinnimh daingean agus iontaofa a bheith aige:*

- *Chun margadh fuinnimh atá go hiomlán inbhuanaithe, daingean agus iomaíoch a chinntiú a bhfuil foinsí éagsúla fuinnimh, éifeachtúlacht fuinnimh agus bonneagar láidir mar bhonn agus thaca aige, agus*
- *Chun cabhrú le haghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide trí chomhlíonadh a dhéanamh ar na hoibleagáidí ceangailteacha atá orainn maidir le hastuithe gáis cheaptha teasa a bhaineann le fuinneamh a laghdú.”* (lch 13) [aistriúchán neamhoifigiúil]

- 65 Maidir le hinfheistíocht i mbonneagar fuinnimh, luaitear i Rannán 3.2 den Chreat go bhfuil *“cothabháil chost-éifeachtúil agus forbairt leantach na ngréasán náisiúnta bonneagair fuinnimh, agus an chórais tarchuir leictreachais go háirithe, ríthábhachtach ón taobh straitéiseach de i gcomhair Infheistíocht Dhíreach Eachtrach agus fiontair dhúchasacha, i gcomhair an gheilleagair agus tomhaltóirí intíre, agus i gcomhair forbairt eacnamaíoch réigiúnach.”* (Ich 13) [aistriúchán neamhoifigiúil]
- 66 Dá réir sin, is soiléir gur de réir fhorálacha an Chreata atá an fhorbairt a bheartaítear um idirnascaire leictreachais thuaidh-theas breise, agus atreisiú an chórais tarchuir náisiúnta atá ann cheana.
- 67 Mar sin féin, tá an Plean Forbartha Náisiúnta ábhartha i gcónaí mar thagairt teorach, agus sonraítear i gCreatlach Meántearma Stáitchiste 2011 go meastar go bhfillfear ar Chlár Caipitil Phoiblí níos suntasaí tar éis thréimhse a athbhreithnithe.
- 68 Chuige seo, cuspóir den *Phlean Forbartha Náisiúnta* (NDP) ab ea a chinntiú gur fhan Éire iomaíoch san áit mhargaidh idirnáisiúnta dhomhanda agus go gcomhroinnfí na buntáistí a thagann as rath eacnamaíoch le déanaí ar bhealach ní ba chothroime ag leibhéal réigiúnach agus ar fud na sochaí. Meastar gurb ionann ábharthacht na físe seo mar choincheap le haghaidh forbairt náisiúnta sa timpeallacht eacnamaíoch reatha agus a hábharthacht nuair a foilsíodh an Plean Forbartha Náisiúnta.
- 69 Tugadh aghaidh sna caibidlí tosaigh den Phlean Forbartha Náisiúnta ar *‘Creat Straitéiseach’* agus tugtar aghaidh i gCaibidil 5 ar *‘Comhoibriú Uile-Éireann’*. Cuireadh san áireamh sa chaibidil sin fo-rannán maidir le Fuinneamh, agus Idirnascadh Leictreachais go sonrath. Sonraíodh an méid seo a leanas san fho-rannán sin:
- “Cumasóir tábhachtach le haghaidh Margadh Fuinnimh Uile-Oileáin is ea baint a dhéanamh ar na bearnaí agus ar na scrogaill atá ann cheana i mbonneagar leictreachais nó gáis a bhfuil drochthionchar acu ar thrádáil trasteorann. Beidh an dara hldirnascaire leictreachais Thuaidh-Theas a bheartaítear, a bheidh i mbun seirbhíse faoin mbliain 2012 ar a dhéanaí, mar bhonn agus thaca ag an Margadh Aonair Leictreachais. Feabhsóidh sé daingneacht an tsoláthair agus dúblóidh sé an cumas aistrithe leictreachais trasteorann atá ann cheana go dtí níos mó ná 600 MW. Cuirfidh sé sin le gréasán leictreachais níos láidre a bheidh ábalta tairbhí fadtéarmacha a sholáthar don dá gheilleagar.”* (Ich 101) [aistriúchán neamhoifigiúil]
- 70 Leagtar amach sna caibidlí eile den Phlean Forbartha Náisiúnta Tosaíochtaí Infheistíochta Straitéisí éagsúla ar tugadh aghaidh orthu trí bhíthin Clár agus Fochlár. Rud a bhain go sonrath leis an tionscadal seo is ea an Clár Fuinnimh a leagtar amach i gCaibidil 7, lena n-

áirítear Fochlár Straitéiseach um Bonneagar Fuinnimh a thacaíonn le riachtanais tosaíochta infheistíocht fuinnimh – a shainnítear mar Idirnascadh, Comhtháthú Margaidh, Síneadh Gréasáin, agus Stóráil le haghaidh dhaingneacht mhéadaithe an tsoláthair. Tá sé suntasach go háirithe gurb é atá in eochairthionscadal straitéiseach amháin a shainnítear ná “*an Dara hIdirnascaire Leictreachais Thuaidh / Theas, a bheidh mar bhonn agus thaca ag an margadh leictreachais uile-oileáin*” (Ich 139) [aistriúchán neamhoifigiúil] Sainníodh an tIdirnascaire Leictreachais Thoir / Thiar (i mbun oibre ón mbliain 2012), lena n-áirítear costais ghaolmhara atreistithe na ngréasán atá ann cheana, mar eochairthionscadal straitéiseach ar leithligh ón bhFochlár Straitéiseach um Bonneagar Fuinnimh.

4.3.5 Ag Cur le Geilleagar Stuama na hÉireann – Creat um Athnuachan Eacnamaíochta Inbhuanaithe, Nollaig 2008

- 71 Leagtar amach in *Ag Cur le Geilleagar Stuama na hÉireann – Creat um Athnuachan Eacnamaíochta Inbhuanaithe*, ar sheol an Rialtas é i mí na Nollag 2008, sonraí faoi chuspóir fadtéarmach chun Éire a athchur mar bhunáit le haghaidh nuálaíochta agus fiontraíochta. Is é an fhís: “*cur le Geilleagar Stuama a léiríonn áirithiú eacnamaíochta, ina bhfuil fostaíocht ar ardchaighdeán, feidhmíocht láidir comhshaoil agus shóisialta agus a bhfuil soláthairtí fuinnimh ar fáil agus a bheidh sa chaoi is fearr le leas a bhaint as an ngeilleagar domhanda nuair a thioctfaidh borradh faoi.*” (Ich 39)
- 72 Tugtar ar aird sa Chreat um an nGeilleagar Stuama go bhfuil sé an-tábhachtach go laghdaíonn Éire an spleáchas atá aici ar bhreoslaí iontaise iompórtáilte, a sháraíonn 90% faoi láthair, agus go n-éagsúlaíonn sí foinsí fuinnimh. Sonraítear sa chreat: “*tá fáil a bheith ar sholáthar iontaofa fuinnimh ag costas atá iomaíoch ríthábhachtach má tá Éire le hinfeistíocht dhíreach choigríche a mhealladh agus a choimeád agus tá sé ríthábhachtach ar mhaithe le hiomaíochas i ngach earnáil d’fhiontair na hÉireann. Stiúrfaidh spleáchas na hÉireann ar bhreoslaí iontaise le linn ré ina bhfuil praghsanna ard agus ré atá thar a bheith luaineach sinn i dtreo costais fuinnimh atá ard agus a bhfuil tionchar acu ar iomaíochas*” (Ich 84). Tugtar ar aird ann freisin go mbaineann ríthábhacht le tuilleadh éifeachtúlacht fuinnimh agus leis an soláthar luathaithe fuinnimh in-athnuaite, mar aon le hidirnascadh leis an Ríocht Aontaithe, agus leis an Eoraip sna deich mbliana romhainn, d’fhonn costais fuinnimh a laghdú.
- 73 Mar thoradh ar thuilleadh iomaíochta agus infheistíochta san earnáil giniúint chumhachta, soláthrófar éifeachtúlachtaí feidhmíochta agus oibriúcháin níos fearr, rud a chuirfidh brú anuas ar phraghsanna leictreachais mórdhíola agus a fheabhsóidh daingneacht an tsoláthair. Chomh maith leis sin, luaitear sa Chreat um an nGeilleagar Stuama go bhfuil

tosaíocht á tabhairt ag an Rialtas do na tosca a chruthú a chuirfidh ar chumas fiontar a leictreachas féin a tháirgeadh (féinghiniúint) ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite.

- 74 Tugtar faoi deara sa Chreat um an nGeilleagar Stuama an méadú ar an sprioc náisiúnta ó 33% go 40% maidir leis an táirgeadh leictreachais ó acmhainní in-athnuaite faoin mbliain 2020. Leagann sé sin béim ar an bpráinn mhéadaithe atá ceangailte le beartais um ghiniúint fuinnimh in-athnuaite a chur chun feidhme.

4.3.6 Government Policy Statement on the Strategic Importance of Transmission and Other Energy Infrastructure (Ráiteas Beartais an Rialtais faoin Tábhacht Straitéiseach a bhaineann le Tarchur agus Bonneagar Eile Fuinnimh) 2012

- 75 I mí Iúil 2012, d'fhoilsigh an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha *Government Policy Statement on the Strategic Importance of Transmission and Other Energy Infrastructure (Ráiteas Beartais an Rialtais faoin Tábhacht Straitéiseach a bhaineann le Tarchur agus Bonneagar Eile Fuinnimh)* (lch 1). Sonraítear sa Ráiteas Beartais “ón tráth seo, thar na blianta romhainn, ní mór d’Éirinn córas tarchuir leictreachais den chéad scoth sna a sholáthar sna réigiúin go léir a fhreastalaíonn ar riachtanais na hÉireann isteach sa 21ú hAois”. Tá údaráis phleanála agus an Bord Pleanála i measc na gcomhlachtaí a gceanglaítear orthu aird a thabhairt ar an mbeartas seo.
- 76 Deimhníonn na eochairghnéithe den bheartas straitéiseach an gá atá le gréasáin fuinnimh a fhorbairt agus a athnuachan le go gcomhlíonann siad spriocanna beartais eacnamaíoch agus spriocanna beartais shóisialta araon. Luaitear gurb é an infheistíocht mhór atá ar bun sa chóras tarchuir leictreachais ardvoltais faoi chlár Grid25, an infheistíocht is tábhachtaí den sórt sin i gcóras tarchuir na hÉireann leis na glúine.
- 77 Ceann de na dúshláin phríomha a ardaítear sa ráiteas beartais is ea an gá atá le conair a aimsiú idir an gá bunúsach le bonneagar fuinnimh feabhsaithe (a aithnítear a bheith le leas an náisiúin) agus le soláthar na dtionscadal ar féidir an méid a ghlacann pobail leo a laghdú mar thoradh ar bhuarthaí a bhaineann leis an tionchar comhshaoil agus sóisialta. Leagtar amach sa ráiteas beartais go bhfuiltear ag súil le rannpháirtíocht eolach acu siúd a gcuirtear de chúram orthu bonneagar fuinnimh a phleanáil, a thógáil agus a oibriú ar bhealach sábháilte, éifeachtúil agus barainneach de réir a gceadúnas ón gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh.
- 78 Tá sé úsáideach an t-alt deiridh de Ráiteas Beartais an Rialtais a thabhairt faoi deara. Sonraítear ann:

“Cé nach bhféachann an Rialtas le forbróirí bonneagair a stiúradh i dtreo suíomhanna, bealaí ná teicneolaíochtaí ar leith, déanann an Rialtas cláir straitéiseacha na soláthróirí bonneagar fuinnimh a cheadú, a thacú agus a chur chun cinn, go háirithe clár infheistíochta EirGrid, Grid25, ar fud na réigiún, agus athdhaingníonn sé gurb é beartas an Rialtais ar mhaithe leis an tír, ní hamháin sna cúinsí geilleagracha atá ann faoi láthair, go ndéanfaí na cláir infheistíochta sin a sheachadadh sa dóigh is éifeachtúla ó thaobh costais de agus chomh tráthúil agus is féidir, bunaithe ar an eolas is fearr agus is féidir agus bunaithe ar rannpháirtíocht eolach i dtaca leis an tionchar agus leis na costais a bhaineann le réitigh éagsúla innealtóireachta” . (Ich 6) [aistriúchán neamhoifigiúil].

- 79 Meastar go bhfuil an fhorbairt a bheartaítear, lena n-áirítear an breithniú ar theicneolaíocht agus ar chomhroghanna eile, i gcomhréir go hiomlán leis an gconclúid sin, mar aon leis na forálacha níos leithne, de Ráiteas Beartais an Rialtais.

4.3.7 Plean Gnímh Náisiúnta um Fhuinneamh In-athnuaite 2010

- 80 Le forálacha *Threoir 2009/28/CE*, ceanglaítear ar gach Ballstát pleannanna gnímh náisiúnta um fhuinneamh in-athnuaite a ghlacadh ina leagtar amach sprioc na mBallstát aonair maidir leis an sciar d'fhuinneamh ó acmhainní in-athnuaite a úsáidfear in iompar, i leictreachas, i dteas agus i bhfuarú in 2020.
- 81 Chuir Éire a *Plean Gnímh Náisiúnta um Fhuinneamh In-athnuaite* (NREAP) faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i mí Iúil 2010. Leagadh amach ann na bearta a mheasann an Rialtas a bheith riachtanach d'fhonn sprioc 16% na hÉireann a bhaint amach. Bainfear an sprioc amach as sciar 12% d'fhuinneamh in-athnuaite i dteas agus i bhfuarú, sciar 10% d'fhuinneamh in-athnuaite in iompar agus sciar 42.5% d'fhuinneamh in-athnuaite i leictreachas.
- 82 Tugtar aird sa NREAP ar Pháipéar Bán 2007 dá dtagraítear thuas, go háirithe an sprioc straitéiseach chun *'leictreachas agus gás a sheachadadh thar líonraí éifeachtúla, iontaofa agus daingne'*. Tagraítear ann freisin do na tiomantais a tugadh ina dhiaidh sin in Grid25 (feic **Rannán 4.3.9**), arb í an straitéis atá formheasta ag an Rialtas maidir le forbairt a dhéanamh ar an mbonneagar tarchuir riachtanach chun tacú le spriocanna náisiúnta agus le soláthar leictreachais fadtéarmach atá níos inbhuanaithe:

“Soláthraíonn Eangach 25¹⁸ an chreatlach chun córas níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla ó thaobh costais de a thógáil chun freastal ar an aistriú i dtreo líon níos mó i gcás giniúna in-athnuaite a chomhtháthú le himeacht ama. Tá na meastacháin inniúlachta tarchurtha a choinníonn an straitéis forbartha eangaí seo ar an eolas bunaithe ar phrionsabail ardleibhéil a chinntíonn sábháilteacht gréasán, slándáil soláthair agus forbairt tarchurtha eacnamaíoch, agus iad ag seachadadh ó thaobh na sprice in-athnuaite sna blianta amach romhainn. Soláthraítear bunsraith d’obair níos sonraithe ar atreisiúcháin ar leith sna blianta amach romhainn agus is é an toradh a bheidh air sin ná pleananna do thionscadail ar leith a sheachadfar i gcomhar leis an bpobal agus de réir reachtaíochta pleanála.” (lch 74)

4.3.8 Plean Straitéiseach 2010-2015 Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI)

83 Le Plean Straitéiseach SEAI, féachtar le ceannródaí domhanda aitheanta i bhfuinneamh inbhuanaithe a dhéanamh d’Éirinn. Beartaítear sa phlean straitéiseach todhchaí ina mbeidh na nithe seo a leanas:

- *“Gintear ár leictreachas go hiomlán ó acmhainní dúchasacha, in-athnuaite.*
- *Easpórtálann Éire leictreachas ar fud na hEorpa trí chóras eangaí idirnasctha.*
- *Tá córas iompair na hÉireann á chumhachtú ag leictreachas agus bithbhreoslaí.*
- *Is ‘dearfach ó thaobh fuinnimh de’ atá foirgnimh in Éirinn.*
- *Déantar pobail a phleanáil agus a thógáil ó pheirspictíocht iomlánaíoch a chomhtháthaíonn riachtanais fuinnimh agus acmhainní isteach i stíleanna maireachtála, i gcaitheamh aimsire agus san obair.” (lch 5) [aistriúchán neamhoifigiúil]*

84 Maidir leis an soláthar leictreachais, tá an fhís i bhfabhar:

“Leictreachas a sholáthraítear go hiomlán ó fhoinsí in-athnuaite, a sheachadtar trí eangach ghníomhach chliste. Bainfear é sin amach trí úsáid

¹⁸ Is é is Grid25 – Straitéis chun Eangach Leictreachais na hÉireann a Fhorbairt le bheith Inbhuanaithe agus Iomaíoch Amach Anseo, 2008, ann ná straitéis ardleibhéil, ina gcuirtear breac-chuntas ar fáil ar conas a bheartaíonn EirGrid forbairt a dhéanamh ar an ngréasán tarchuir a thacóidh le soláthar leictreachais inbhuanaithe agus iontaofa san fhadtárma, rud a bhunóidh na riachtanais eangaí sa todhchaí, agus conas a chomhlíonfar iad. Feic **Rannán 4.3.9** den Tuarascáil seo

*chliste acmhainní agus teicneolaíochta a mbeidh an bonneagar fisiceach, rialála agus margaidh is fearr mar bhonn agus thaca aici.” (Ich 11)
[aistriúchán neamhoifigiúil]*

85 Áirítear le spriocanna sonracha beartais chun fíis an tSoláthair Leictreachais a bhaint amach:

- *“An fás ar leictreachas in-athnuaite a luathú ó 15 faoi gcéad den éileamh in 2010 go 40 faoin gcéad den éileamh faoi 2020.*
- *Úsáid fuinneamh aigéin a thabhairt ar aghaidh le go mbeidh sé chun tosaigh (500 MW ó fhuinneamh aigéin faoi 2020).*
- *Tacú le micrighiniúint a fhorbairt (as fiontair bhaile, fiontair feirmeoireachta agus fiontair bheaga tráchtála).*
- *Éagsúlacht breosla sa ghiniúint a fheabhsú.” (Ich 11) [aistriúchán neamhoifigiúil]*

86 Cabhróidh an fhorbairt a bheartaítear ar ghréasán tarchuir idirnasctha idir Éirinn agus Tuaisceart Éireann chun eangach ghníomhach chliste a fhorbairt.

4.3.9 Straitéis d’Fhuinneamh In-athnuaite 2012-2020

87 Leagtar amach sa straitéis seo spriocanna maidir le gréasáin láidre agus éifeachtúla a thógáil agus cumhacht gaoithe a mhéadú, i measc nithe eile. Is é Sprioc Straitéiseach Uimh. 5 den Straitéis d’Fhuinneamh In-athnuaite: *“Córas líonraí fuinnimh cliste, láidir agus éifeachtach ó thaobh costais de a fhorbairt”*. Áirítear leis sin an eangach leictreachais a nuachóiriú agus a leathnú agus a gcláir infheistíochta i dtarchur leictreachais á soláthar ag EirGrid ar bhealach atá éifeachtach ó thaobh costais de.

4.3.10 Pleannanna Straitéiseacha de chuid EirGrid

88 Foilsíodh *Grid25 – Straitéis chun Eangach Leictreachais na hÉireann a Fhorbairt le bheith Inbhuanaithe agus Iomaíoch Amach Anseo* in 2008 mar straitéis ardleibhéil, ina gcuireadh breac-chuntas ar fáil ar conas a bheartaigh EirGrid an tráth sin forbairt a dhéanamh ar an ngréasán tarchuir a thacóidh le soláthar leictreachais inbhuanaithe agus iontaofa san fhadtéarma.

89 Ba é sprioc shonraithe *Grid25* ná *“línra eacnamaíoch a fhorbairt chun freastal go hiontaofa ar riachtanais iompair a bhfuiltear ag súil leo d’úsáideoirí na n-eangach. Agus an sprioc sin á baint amach tá GRID25 ag tabhairt tacaíochta do ghníomhartha tosaíochta an Rialtais*

maidir le níos mó úsáide a bhaint as teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite, le héifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus le fuinneamh a spáráil” (lch 11).

- 90 Tagraítear in Grid25 go sonrath don dara hidirnascaire thuaidh-theas agus do threisiú gaolmhar ghréasán tarchuir Réigiún Thoir Thuaidh na hÉireann. Sonraíodh na nithe seo a leanas ann ina leith sin:

“Roinneann an limistéar seo teorainn le Tuaisceart Éireann, rud a chuireann tábhacht mhór leis an réigiún agus leis an idirnascaire a rithfidh tríd maidir leis an Margadh Leictreachais Aonair Uile-Oileánda. Leis an líonra tarchurtha 220kV agus an líonra tarchurtha 400kV atá beartaithe don réigiún, cuirtear agus cuirfear conair chumhachta láidir ar fáil idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste.” (lch 29)

- 91 Ar na riachtanais eangaí mheasta tá uasghráduithe ar an ngréasán atá ann cheana agus an cur ar fáil ciorcad nua. Cinneadh go raibh thart ar 1,150 km de chiorcaid nua ag teastáil, arb ionann é agus méadú de thart ar 20% d’fhad iomlán an ghréasáin tarchuir. Den mhéid sin, measadh go ndéanfaí 800 km a chumrú ag 220 kV nó ag 400 kV, agus na 350 km atá fágtha a chumrú ag 110 kV. Leagtar amach in Aguisín A de cháipéis Straitéis Grid25 na cúiseanna le tógáil ag 400 kV: is éifeachtúla na línte ná ag 220 kV agus cuireann siad cumas iompair chumhachta níos mó ar fáil mar aon le líon níos lú cailteanas leictreach.

- 92 Foilsíonn EirGrid, faoina cheadúnas, Plean Forbartha Tarchuir (TDP) bliantúil ina dtugtar léargas ar an bhforbairt atá beartaithe ar an eangach sna deich mbliana amach roimhe. In *Draft Transmission Development Plan 2013-2023 (Dréacht-Phlean Forbartha Tarchuir 2013-2023)* – an plean is déanaí a foilsíodh – táthar ag coinne le forbairt agus le tógáil an idirnascaire a bheartaítear.

- 93 Is é is *Grid25 Implementation Programme 2011-2016 (Clár Forfheidhmithe Grid25 2011-2016)* ann ná forbheathnú praiticiúil ar an dóigh a gcuirfear straitéis Grid25 chun feidhme sa ghearrthearma agus sa mheántearma. Féachann an Clár Forfheidhmithe lena chinntiú go gcuirfear nósanna imeachta agus acmhainní iomchuí i bhfeidhm le haghaidh tarchur leictreachais sa todhchaí de réir fhorálacha Grid25. Sainithnítear an fhorbairt a bheartaítear mar thionscadal atreisiúcháin ghréasáin i dTábla A1 d’Aguisín A de thuarascáil an Chláir Fhorfheidhmithe,

- 94 Bhí *Grid25 Implementation Programme (Clár Forfheidhmithe Eangach25) 2011-2016* faoi réir Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta. I Rannán 1.4 den SEA, leagtar amach an creat dlíthiúil le haghaidh SEA Chláir Forfheidhmithe Grid25. Leagtar amach an méid seo a leanas ann i measc nithe eile:

- D'iarr EirGrid aiseolas ó údaráis chomhshaoil ábhartha maidir le raon feidhme agus leibhéal na mionsonraí atá le cuimsiú sa Tuarascáil Chomhshaoil (ER).
- Foilsíodh an dréacht-Chlár Forfheidhmithe agus an SEA a ghabhann leis ar shuíomh gréasáin EirGrid, agus foilsíodh fógraí faoi sna nuachtáin náisiúnta. Ba é ceithre seachtaine an tréimhse chomhairliúcháin a bhí sonraithe (de réir amlínte reachtúla). Mar sin féin, glacadh le haighneachtaí a fuarthas tar éis an dáta sin agus breithníodh iad. Tá achoimre ar na haighneachtaí a fuarthas, mar aon le freagraí EirGrid orthu sin, ar chúl SEA an Chláir Forfheidhmithe.
- Tugtar sonraí i Ráiteas SEA ar leith ar conas a rinneadh ceisteanna comhshaoil, lena n-áirítear ceisteanna a tháinig aníos i rith an chomhairliúcháin, a chomhtháthú sa Chlár Forfheidhmithe.

95 Mar chuid de mheasúnú leanúnach EirGrid ar riachtanais fuinnimh na tíre agus ar riachtanais an ghréasáin tarchuir ardvoltais amach anseo, d'fhoilsigh sé *Your Grid, Your Views, Your Tomorrow - A Discussion Paper on Ireland's Grid Development Strategy (Do Líonra, Do Thuairimí, Do Thodhchaí - Páipéar Plé ar Straitéis Forbartha Líonra na hÉireann)* an 27 Márta 2015. Sa doiciméad sin, ar foilsíodh é beagnach seacht mbliana tar éis na chéad straitéise *Grid25*, cuirtear san áireamh an fhaisnéis is nuaí atá ar fáil, lena n-áirítear féidearthacht theicniúil, fortheilgin eacnamaíocha agus éilimh amach anseo, agus tionchar comhshaoil.

96 Téitear i ngleic le Forbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV i gcomhthéacs na 'Straitéise a Bheartaítear d'Fhorbairt Líonra' ar leathanaigh 30-31. Is iad seo a leanas na príomhthorthaí:

- Bhí *"gá láidir soiléir leis an tionscadal i gcónaí"* [aistriúchán neamhoifigiúil] (Ich 31); agus
- Is é líne nua lasnairde AC 400 kV an réiteach is éifeachtaí agus is cuí don tionscadal i gcónaí (Ich 6).

97 Anailís Theicniúil atá in Aguisín 1 den Pháipéar Plé ina soláthraítear faisnéis bhreise ar ábhair theicniúla atá mar bhonn agus thaca ag an athbhreithniú seo ar an straitéis d'fhorbairt líonra. Saináithnítear an fhorbairt a bheartaítear mar an tionscadal atreisiúcháin mór sa Réigiún Thoir Thuaidh:

"Mar chuid de Straitéis Grid25, rinne EirGrid measúnú ar an réigiún thoir thuaidh. Díródh aird sa tuarascáil ar an ngá atá le hatreisiú líonra agus saináithnítear ann na costais, na tairbhí agus na torthaí a bheadh ann mura nglacfaí gníomh ar bith. Bhí an tIdirnascaire Thuaidh-Theas ar cheann de

na príomh-atreisiúithe ar glacadh leis go mbeadh sé ann. [aistriúchán neamhoifigiúil] San athscrúdú ar na boinn tuisceana ghlúine a rinneadh i gcaibidil 2 den nuashonrúchán seo, deimhníodh an gá a bheadh le cumhacht mhéadaithe idir Éire agus Tuaisceart Éireann i mblianta amach romhainn.” [aistriúchán neamhoifigiúil] (lch 34)

98 Tá tairbhí na forbartha a bheartaítear leagtha amach go soiléir ar leathanaigh 34-35 d’Aguisín 1, agus is iad seo a leanas iad:

- Feabhas a chur ar an iomaíochas agus ar oibriú eacnamaíoch gineadóirí trí shrianta ar shreafaí cumhachta thar an teorainn;
- Feabhas a chur ar dhaingneacht an tsoláthair trí chomhroinnt níos fearr ar an nginiúint a cheadú ar fud an oileáin;
- An tsolúbthacht riachtanach le haghaidh giniúint in-athnuaite a sholáthar; agus
- Daingneacht fhadtréimhseach an tsoláthair a áirithiú don chuid soir ó thuaidh de ghréasán na hÉireann.

99 Sainithníodh go mbeadh luach na dtairbhí sin le chéile ionann le thart ar €20 milliún in aghaidh na bliana in 2020, agus go dtiocfadh méadú air go dtí €40-€60 milliún in aghaidh na bliana ó 2030 ar aghaidh.

100 Maidir leis an réiteach teicneolaíochta don tionscadal, sonraítear an méid seo a leanas in Aguisín 1:

“Mar gheall ar fhad agus ar acmhainn an chiorcaid idirnascaire, ní féidir cáblaí AC faoin talamh a úsáid don fhad iomlán. Anuas air sin, fiú dá bhféadfaí a leithéid a dhéanamh, ní rogha éifeachtúil iontaofa a bheadh sa teicneolaíocht sin chun an bonneagar a fheidhmiú amach anseo.

Ina theannta sin, cé go bhféadfaí cáblaí faoin talamh le teicneolaíocht HVDC a úsáid, dá n-úsáidfí iad sa tionscadal seo is amhlaidh a bheadh costas ní b’airde ann don tomhaltóir, ní éascófaí naisc ná atreisiúithe leis an ngréasán amach anseo, agus ní chloífeadh sé leis an gcleachtas is fearr ó thaobh fónas de.” (lch 35) [aistriúchán neamhoifigiúil]

101 Thug London Power Associates (LPA) faoi athbhreithniú píaraí ar an doiciméad agus ar an aguisín teicniúil. Tá an tuarascáil seo ó LPA san áireamh in Aguisín 2 leis an bpáipéar plé. *External Peer Review of Grid 25 Review (2015) for EirGrid (Athbhreithniú Píaraí Seachtrach ar an Athbhreithniú ar Grid25 [2015] d’EirGrid)* is teideal don tuarascáil. Is é seo a leanas

tuairim LPA, i measc nithe eile: “*tá riachtanas soiléir ann i gcónaí agus níor tháinig athrú air*” agus is é an tátal a baineadh as go bhfuil “*riachtanas mór ann i gcónaí don tionscadal seo agus go mbeidh tairbhí móra ann dá bharr*” [aistriúchán neamhoifigiúil].

- 102 Ba é an 22 Bealtaine 2015 an dáta deiridh chun aiseolas a fháil ar an doiciméad plé.
- 103 Tá *Your Grid, Your Views, Your Tomorrow - A Discussion Paper on Ireland’s Grid Development Strategy (Do Líonra, Do Thuairimí, Do Thodhchaí - Páipéar Plé ar Straitéis Forbartha Líonra na hÉireann)* agus aguisíní gaolmhara san áireamh mar **Aguisín 6** leis an tuarascáil seo.

4.4 COMHTHÉACS NA MBEARTAS STRAITÉISEACH – GO RÉIGIÚNACH

- 104 Tacaíonn treoirlínte pleanála réigiúnaí freisin le hidirnascaidh méadaithe idir na córais leictreachais faoi seach in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, lena n-áirítear atreisiú riachtanach nó iomchuí na gcóras tarchuir atá ann cheana.
- 105 Amhail an 1 Meitheamh 2014, tá na hocht n-údarás réigiúnacha in Éirinn díscailte agus tá siad mar chuid de struchtúr na dTionól Réigiúnach anois. Tá Údarás Réigiúnach na Teorann a bhí ann roimhe agus a chuimsigh an Cabhán agus Muineachán mar chuid de limistéar Thionól Réigiúnach na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair anois. Tháinig sé sin ar an bhfód an 1 Eanáir 2015.
- 106 Tá Údarás Réigiúnach Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath a bhí ann roimhe agus a chuimsigh an Mhí mar chuid de limistéar Thionól Réigiúnach an Oirthir anois. Tháinig sé sin ar an bhfód an 1 Eanáir 2015.
- 107 De réir Alt 21(4) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú ag an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014), leanfaidh na treoirlínte pleanála réigiúnaí arna n-ullmhú ag údarás réigiúnach díscailte agus arna bhfoilsíú don tréimhse 2010 go 2022 le bheith i bhfeidhm go dtí go ndéanfaidh an tionól réigiúnach lena mbaineann straitéis réigiúnach spáis agus eacnamaíochta a ullmhú agus a ghlacadh.
- 108 Déantar scrúdú thíos ar na pleananna agus na beartais réigiúnacha 2010 go 2022 a bhaineann leis an bhforbairt a bheartaítear.

4.4.1 The Border Regional Authority Planning Guidelines 2010–2022 (*Treoirlínte Pleanála Údarás Réigiúnach na Teorann, 2010-2022*)

109 Cuimsítear in *The Border Regional Authority Planning Guidelines 2010-2022 (Treoirlínte Pleanála Údarás Réigiúnach na Teorann, 2010-2022)* (BRPGanna) cáipéis pleanála straitéisí fadtéarmaí a bhfuil sé mar aidhm aici fás Réigiún na Teorann amach anseo (lena n-áirítear Contae an Chabháin agus Contae Mhuineacháin) a stiúradh, agus féachtar sa cháipéis leis an gcreat pleanála a leagtar amach sa Straitéis Spáis Náisiúnta a chur chun feidhme. Cruthaíodh na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha sin tar éis an phróisis comhairliúcháin phoiblí atá leagtha amach in alt 24 den *Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000*, arna leasú. Ullmhaíodh na treoirlínte agus aird ar roinnt Treoracha Eorpacha nua agus Pleananna agus Straitéisí Náisiúnta nua. Is é an fhís do Threoirlínte Pleanála Údarás Réigiúnach na Teorann:

“Faoin mbliain 2022, ceantar iomaíoch a bheidh i Réigiún na Teorann a dhéanfar a aithint mar idircheantar ar leithligh idir an dá gheilleagar ar a mbeidh rath dá bharr, ina rachaidh an rathúlacht gheilleagrach chun tairbhe gach duine trí shamhail den fhorbairt chothromúil a chur i bhfeidhm, a dhéanfaidh comhshaol den chéad scoth agus daoine nuálacha a sholáthar, arb iad na daoine sin iontu féin an tsócmhainn is luachmhaire a bheidh againn.” (lch xvi)

110 Aithnítear sna Treoirlínte gurb é leictreachas an príomhéileamh fuinnimh sa réigiún agus “is dúshlán fíorthábhachtach don Réigiún é soláthar leictreachais níos inbhuanaithe, níos iomaíche, níos ilchineálaí agus níos daingne a fhorbairt a thacóidh le forbairt gheilleagrach agus shóisialta” (lch 26). Tá sé beartaithe go ndéanfar “soláthar leictreachais níos daingne agus níos buanseasmhaí a sholáthar san aonú haois is fiche, don tír agus don Réigiún, trí bheith ag cur leis an líonra i dTuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe trí idirnascairí.” (lch 26)

111 Ceann de na príomhghníomhartha den Straitéis Eacnamaíoch Réigiúnach sna Treoirlínte is ea:

“ESP9 – An gréasán tarchuir leictreachais a uasghrádú de réir na dtosaíochtaí a aithníodh i gCaibidil 5 chun soláthar fuinnimh a chinntiú d’úsáideoirí atá ann cheana; soláthar dóthanach a chur ar fáil d’úsáideoirí breise agus an ceangal don ghreille a éascú d’fhoinsí fuinnimh in-athnuaite.”
(lch 82)

112 Sainaitnítear sna Treoirlínte gurb é EirGrid an comhlacht atá freagrach as an ngréasán tarchuir in Éirinn a fhorbairt. Is é a ról sainaitheanta ná “a chinntiú go bhfuil cumas gréasáin

leordhóthanach ann chun cumhacht a iompar ó stáisiúin ghiniúna nua, agus a chinntiú go bhfuil soláthar iontaofa ann le riar ar an éileamh ar leictreachas atá ag fás” (lch 101). Luaitear freisin sna Treoirínte “[nach] mór d’Údaráis Áitiúla forbairt an ghréasáin a thabhairt san áireamh i ngach moladh forbartha lena chinntiú nach mbeidh an gréasán thíos leis ar aon bhealach mar gheall ar na moltaí.” (lch 101)

- 113 D’ainneoin thabhairt isteach an mhargaidh aonair leictreachais i mí na Samhna 2007, aithnítear sna Treoirínte *“go dtí go gcríochnófar an dara nasc tarchurtha mórscála Thuaidh-Theas, tá srian tarchurtha idir an dá dhlínse ar an oileán seo, a fhágann nach féidir leis an margadh leictreachais an ghiniúint is tíosaí a sheachadadh don tomhaltóir. Ach maolófar ar an srian seo ach an dara hidirnascaire Thuaidh-Theas a bheith críochnaithe” (lgh 102-103). Luaitear an méid seo freisin:*

“Tá an gá atá le nascáil tábhachtach don dá dhlínse agus ó thaobh na hEorpa chomh maith, áit a leagtar síos i dTeoracha ón AE go bhfuil gá le comhtháthú níos fearr idir tíortha i dtaca le seachadadh agus slándáil soláthair. Cruthaíonn Réigiún na Teorann an nasc tábhachtach seo idir an dá dhlínse. Dá bhrí sin, ní féidir beag is fiú a dhéanamh den tábhacht atá ann i dtaca leis an ngréasán tarchuir a fhorbairt amach anseo sa Réigiún seo maidir le forbairt mhargadh leictreachais an oileáin amach anseo agus mhargadh níos leithne na hEorpa.” (lgh 102-103)

- 114 Áirítear na nithe seo a leanas le buncheisteanna nach mór aghaidh a thabhairt orthu ar mhaithe le forbairt straitéiseach fhadtéarmach an bhonneagair leictreachais i gceantar Údarás Réigiúnach na Teorann:

- *“Méideanna suntasacha giniúna nua a bheidh ag teacht ar an bhfód, go háirithe giniúint ó fhoinsí in-athnuaite. Táthar ag súil leis go dtarlóidh seo ar fud Réigiún na Teorann agus Réigiún an Iarthair;*
- *An ceanglas maidir le naisc leictreachais níos fearr a sholáthar idir Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann; agus*
- *Slándáil soláthair ar fud an Réigiúin.” (lch 103)*

- 115 Sonraítear sa Bheartas Fuinnimh i dtaca le tionscadail bhonneagair i Réigiún na Teorann:

“INFP23 – Ba chóir do phleananna forbartha cabhrú chun gréasáin fuinnimh a sholáthar i bprionsabal, ar an choinníoll gur féidir a léiriú –

- *go bhfuil gá leis an bhforbairt lena chinntiú go soláthrófar nó go gcoimeádfar bonneagar eacnamaíoch nó sóisialta suntasach;*

- *gur aithníodh an bealach beartaithe tar éis machnamh cothrom a dhéanamh ar an tionchar sóisialta, cultúrtha agus comhshaoil lena n-áireofaí Measúnú na Treorach maidir le Gnáthóga; más gá;*
- *gur dearadh den chineál é a mbeidh an tionchar comhshaoil is lú (tionchar ar dhaoine san áireamh) ag baint leis;*
- *go bhfuil an fhorbairt atá beartaithe ag teacht le dea-chleachtas idirnáisiúnta i dtaca le hábhair agus teicneolaíochtaí de a chinnteoidh go mbeidh gréasán sábháilte, daingean, iontaofa, tíosach agus éifeachtach agus ardcháilíochta ann;*
- *i gcás tarchur leictreachais, breithnítear leagan faoin talamh na línte sa chéad dul amach mar chuid de bhreithniú agus mheasúnú mionsonraithe a dhéantar ar na roghanna uile ar fáil chun an cineál seo bonneagair a sholáthar agus a chur ar fáil; agus [aistriúchán neamhoifigiúil]*
- *sa chás nach féidir éifeachtaí a sheachaint go bhfuil gnéithe maolaithe san áireamh.” (Ich 105)*

116 Luaitear sna Treoirlínte freisin, “*i dtaca le forbairt bonneagair straitéiseach de faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), tá sé tábhachtach go rachadh údaráis phleanála i gcomhairle agus i gcaibidil go luath leis an TSO ar thionscadail bhonneagair bheartaithe a bhaineann le tarchur builc mar chuid dá ról mar údarás inniúil nó mar chomhlacht forordaithe.” (Ich 106)*

4.4.2 Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2010-2022

117 Déantar creat straitéiseach pleanála le haghaidh forbartha sna *Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2010-2022* (RPGanna). Ní hamháin go dtugtar aird iontu ar mholtaí na Straitéise Spáis Náisiúnta maidir le Réigiún Bhaile Átha Cliath agus Réigiún an Lár-Oirthir (Mórcheantar Bhaile Átha Cliath (GDA), a chuireann Contae na Mí san áireamh), ach, rud tábhachtach, tugtar aird freisin ar na moltaí sa Straitéis sin maidir leis na réigiúin timpeall Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Arís, cruthaíodh na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha sin tar éis an phróisis comhairliúcháin phoiblí atá leagtha amach in alt 24 den *Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000*, arna leasú.

118 Tugtar aitheantas sa Straitéis Spáis Náisiúnta don “*fás láidir leantach i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath mar aon le feabhas suntasach sna réigiúin lasmuigh den phríomhchathair agus sna naoi gcathair thaisí agus sna naoi mbaile moil go háirithe.” (Ich. 13) [aistriúchán*

neamhoifigiúil] Aithnítear sa Straitéis Spáis Náisiúnta an tábhacht a bhaineann le forbairt réigiúnach ar bhonn cothrom, arb é an sainmhíniú a thugtar sa Straitéis air ná *“lánchumas gach ceantair a fhorbairt chun cur le feidhmíocht bharrmhaith an stáit ina iomláine - ón taobh eacnamaíoch agus sóisialta de agus ó thaobh an chomhshaoil de.”* (lch. 11) [aistriúchán neamhoifigiúil]

119 Táthar ag coinne leis an méid seo i bhFís na Straitéise Réigiúnaí:

“Faoin mbliain 2022 tá Mórcheantar Bhaile Átha Cliath forbartha ina Réigiún Tairsí atá inbhuanaithe, gníomhach agus beoga ar bhonn geilleagrach, le nascacht láidir ar fud Réigiún Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, go náisiúnta agus ar fud na cruinne; réigiún a chothaíonn pobail atá ag maireachtáil in áiteanna mealltacha, inrochtana á dtacú go maith ag bonneagar pobail agus ag baint leasa as áiseanna áineasa ar ardchaighdeán; agus déantar bealaí glasa, tailte talmhaíochta agus limistéir nádúrtha cosanta ar fud Mórcheantar Bhaile Átha Cliath a spreagadh agus a chosaint.” (lch 32)

120 Aithnítear sna RPGanna go bhfuil forbairt eacnamaíoch laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath ag brath ar an bhfáil atá ar sheirbhísí agus ar fhóntais, soláthar leictreachais san áireamh, agus ar cháilíocht na seirbhísí agus na bhfóntas sin. Luaitear sna RPGanna go *“meastar go dtiocfaidh méadú ar an éileamh a bheidh ar leictreachas i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath – 80% faoin mbliain 2025 – agus go mbeidh sé sin cothrom le 30% d’éileamh an oileáin.”* (lch. 61) Sainaithnítear sna RPGanna príomhriachtanais bhonneagair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath chun tacú leis na héilimh mhéadaithe ar an réigiún. Maidir le fuinneamh go sonrath, tugtar aitheantas sna treoirlínte gur tháinig méadú suntasach ar an ídiú leictreachais ó na blianta deireanacha de na 1990í aníos mar thoradh ar fhás geilleagrach leantach na hÉireann.

121 Tagraítear sna Treoirlínte do Grid25 agus dá infheistíochtaí beartaithe laistigh agus lasmuigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Luaitear iontu go sonrath go bhfuiltear *“ag súil go soláthróidh an t-idirnascaire Thuaidh-Theas agus líne 400 kV Fhearann na Coille (an Mhí)-Dhún an Rí (an Cabhán) acmhainn ar bhonn fadtréimhseach idir córais Phoblacht na hÉireann agus Thuaisceart Éireann agus sláine soláthair chuig an Oirthuaisceart mar aon leis an eangach tarchurtha san Oirthuaisceart a neartú.”* (lch 133)

122 Áirítear na nithe seo a leanas leis na Beartais Straitéiseacha (PIP) agus na Moltaí (PIR) i dtaca le Fuinneamh:

- **Beartas Straitéiseach PIP4:** *“Beidh riachtanais TFC agus fuinnimh Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath á seachadadh i gcaitheamh shaolré na RPGanna trí infheistíocht i dtionscadail agus i mbealaí nua ionas gur féidir riachtanais gheilleagracha agus pobail*

a chomhlíonadh, agus ionas gur féidir forbairt agus fás inbhuanaithe a éascú ar mhaithe le Bealach Tairsí Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath láidir agus ar a mbeidh rath idirnáisiúnta a chruthú.” (lch 35)

- **Moladh Straitéiseach PIR25:** *“Is iad na príomhghníomhaireachtaí a bheidh freagrach as obair threisithe agus as bonneagar nua, agus is beartais de chuid na nÚdarás Áitiúil a bheidh mar bhonn leis an obair seo, d’fhonn a chinntiú gur féidir freastal ar riachtanais fuinnimh an daonra agus ar fhorbairt gheilleagrach laistigh de cheantair ainmnithe forbartha agus ar fud Mórcheantar Bhaile Átha Cliath ar bhealach inbhuanaithe agus go tráthúil agus a chinntiú go bhfuil acmhainn ar fáil ar scála áitiúil agus réigiúnach d’fhonn na riachtanas a bheidh ann amach anseo a chomhlíonadh.” (lch. 136)*
- **Moladh Straitéiseach PIR31:** *“Ba cheart go seachnódh bealaí a fhorbrófar amach anseo le haghaidh tarchur fuinnimh nó píblínte talamh aimrid a chruthú cóngarach do lánaí iompair phoiblí, bealaí iarnróid go háirithe.” (lch 137)*
- **Moladh Straitéiseach PIR32:** *“Ba cheart go mbeadh an comhtháthú riachtanach á dhéanamh ar na riachtanais tarchurtha líonra d’fhonn naisc a éascú idir tograí fuinneamh in-athnuaite agus an eangach tarchurtha leictreachais i mbealach tráthúil agus inbhuanaithe agus ba cheart go mbeadh na príomhpháirtithe leasmhara ag tacú ar bhonn leanúnach le bearta caomhnaithe fuinnimh.” (lch 137)*
- **Moladh Straitéiseach PIR33:** *“Beidh pleananna agus tionscadail atá bainteach le giniúint nó soláthar gréasáin teileachumarsáide nó fuinnimh a d’fhéadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar shuímh Natura 2000 faoi réir Measúnú ar an Treoir maidir le Gnáthóga de réir Airteagal 6 den treoir maidir le gnáthóga agus de réir an dea-chleachtais agus na dea-threorach.” (lch 137)*

123 Luaitear sna RPGanna gur cheart go n-éascódh pleananna forbartha an soláthar gréasáin fuinnimh i bprionsabal, ar choinníoll gur féidir na nithe seo a leanas a léiriú:

- *“go dteastaíonn an fhorbairt chun soláthar nó coimeád an bhonneagair gheilleagraigh nó shóisialta a éascú;*
- *go bhfuil machnamh déanta ar na himpleachtaí sóisialta, comhshaoil agus cultúrtha agus an bealach á roghnú;*
- *go mbeidh an méid is lú tionchair agus is féidir ag an dearadh ar an gcomhshaoil agus nach mbeidh an iomarca costais ag gabháil leis;*
- *sa chás nach féidir impleachtaí áirithe a sheachaint tá bearta maolaithe curtha san áireamh; agus*

- *sa chás gur féidir a léiriú go bhfuil an fhorbairt bheartaithe comhsheasmhach le dea-chleachtas idirnáisiúnta chomh fada is a bhaineann le hábhair agus le teicneolaíochtaí, beidh líonra slán sábháilte, iontaofa, geilleagrach, éifeachtach agus ar ardchaighdeán ann.” (lch 137)*

124 Leagtar amach sna RPGanna freisin *“I gcás forbairt ar an mbonneagar straitéiseach faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 is den tábhacht é go mbíonn údarás phleanála páirteach i gcomhairliúchán agus i bplé chomh luath agus is féidir leis an Oibreoir Córais Tarchurtha (TSO – EirGrid) maidir le bulc-tharchur tionscadal bonneagar mar chuid den ról atá acu nó mar údarás inniúil nó mar chomhlacht forordaithe.” (lch 137)*

4.5 COMHTHÉACS NA MBEARTAS STRAITÉISEACH – GO HÁITIÚIL

125 Déanann pleananna forbartha agus beartais forbartha na n-údarás áitiúil atreisiú freisin ar thiomantas an bheartais phleanála d’idirnascadh méadaithe idir córais leictreachais an dá dhlínse, agus / nó tacaíonn siad le hatreisiú na gcóras tarchuir atá ann cheana d’fhonn fás agus infheistíocht a chur chun cinn sna contaetha faoi seach.

126 Rinneadh athbhreithniú sna pleananna forbartha contae le haghaidh Chontae Mhuineacháin, Chontae an Chabháin agus Chontae na Mí. Díritear sa rannán seo ar eochairbheartais um bonneagar fuinnimh agus chosaint an chomhshaoil. Anuas air sin, tá liosta de bheartais agus d’fhorálacha eile sna trí phlean forbartha contae a d’fhéadfadh bheith ábhartha ar fáil in **Aguisín 7** den tuarascáil phleanála seo.

127 Ní théann an fhorbairt a bheartaítear trasna tailte atá san áireamh i bPlean Ceantair Áitiúil.

4.5.1 Plean Forbartha Chontae Mhuineacháin 2013-2019

128 Leagtar amach i bPlean Forbartha Contae Mhuineacháin 2013-2019 (CDP Mhuineacháin) an straitéis iomlán le haghaidh phleanáil chuí agus fhorbairt inbhuanaithe Chontae Mhuineacháin ar fad. Leagtar amach thíos rannáin a bhaineann leis an togra ábhair.

Soláthar Fuinnimh

129 Maidir le Soláthar Fuinnimh, sonraítear i Rannán 5.7.4 de CDP Mhuineacháin *“[go] n-aithnítear gur eochairthoisic le fás a chothabháil agus a chur chun cinn mar aon le hinfeistíocht a mhealladh chuig an gContae é bonneagar fuinnimh atá daingean agus iontaofa a fhorbairt.” (lch 108) [aistriúchán neamhoifigiúil]*

130 Tugtar ar aird i Rannán 5.7.5 de CDP Mhuineacháin maidir le soláthar fuinnimh go bhfuil *“freagracht reachtúil ar BSL agus ar EirGrid as gréasáin soláthair leictreachais a chothabháil*

agus a fheabhsú agus leanann siad araon ar aghaidh ag feabhsú an ghréasáin soláthair timpeall na tíre.” (Ich 108) [aistriúchán neamhoifigiúil]

131 Leagtar amach ar leathanaigh 109-110 de CDP Mhuineacháin na cuspóirí le haghaidh fuinnimh agus acmhainní in-athnuaite (ERO). Is iad na cuspóirí ábhartha:

- **“ERO 1** *A chinntiú go bhfuil na pleananna agus na tionscadail go léir a bhaineann le forbairt fuinnimh agus acmhainní in-athnuaite faoi réir bheartas AAP1 - beartas AAP5 a chuimsítear i gCaibidil 4, An Comhshaoil agus an Oidhreacht, de Phlean Forbartha Chontae Mhuineacháin 2013-2019.* [aistriúchán neamhoifigiúil]
- **ERO 2** *Meascán barrmhaith de ghiniúint fuinnimh in-athnuaite laistigh den chontae a chur chun cinn agus tacú leis d’fhonn cur leis na spriocanna a leagtar amach sa Phlean Gnímh Náisiúnta um Fhuinneamh In-athnuaite a chomhlíonadh.* [aistriúchán neamhoifigiúil]
- **ERO 3** *An úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn agus a spreagadh i láithreacha iomchuí, mar ar féidir déanamh amhlaidh ar bhealach atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de.* [aistriúchán neamhoifigiúil]
- **ERO 8** *Spreagadh a thabhairt d’iarrachtaí úsáid fuinnimh a laghdú ar fud na n-earnálacha go léir mar thaca le cur chun feidhme an National Energy Efficiency Action Plan 2007-2020 (Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh 2007-2020).* [aistriúchán neamhoifigiúil]
- **ERO 10** *Cabhrú le feabhsuithe/suiteálacha bonneagar leictreachais agus gáis nach mbeidh ina gcúis le drochthionchar ar oidhreacht nádúrtha nó thógtha an chontae.* [aistriúchán neamhoifigiúil]
- **ERO 12** *Breithniú a dhéanamh ar chonair straitéiseach a shainiú sa chontae le haghaidh mórbhonneagar fuinnimh”.* [aistriúchán neamhoifigiúil]

Caomhnú an Chomhshaoil

132 Leagtar beartais i leith an tírdhreacha amach ar leathanach 58 de Phlean Forbartha Contae Mhuineacháin agus tacaíonn siad, i measc nithe eile, le Cuspóir Beartais Tírdhreacha LPO1, chun *“éagsúlacht, saintréithe agus caighdeán tírdhreacha an Chontae a chothabháil, a chaomhnú, a bhainistiú agus a fheabhsú le leas na nglún reatha agus na nglún sa todhchaí.”* Is iad seo na beartais tírdhreacha:

- **“LPP 1** *A chinntiú go gcaomhnófar tírdhreach an chontae agus uathúlacht an tírdhreacha sin a áirithiú, trí aird a thabhairt ar shaintréithe, ar luach agus ar íogaireacht an tírdhreacha, faoi mar a shainiúitear i Measúnú ar Charachtar*

Tírdhreacha Mhuineacháin, Lúnasa 2008 (nó in aon leaganacha ina dhiaidh sin) agus iarratas phleanála á chinneadh. [aistriúchán neamhoifigiúil]

- **LPP 2** *Tírdhreacha agus timpeallachtaí nádúrtha an chontae a chosaint trína chinntiú nach bhfuil tionchar díobhálach ag aon fhorbairtí nua i dtírdhreacha tuaithe íogaire sainithe ar shainréithe, shláine, shainiúlacht nó luach radhairc an cheantair. [aistriúchán neamhoifigiúil]*
- **LPP 3** *Diúltófar d'fhorbairt nach gcomhtháthaíonn go cuí isteach sa tírdhreach le haird iomchuí ar an tionchar amhairc, ar an taitneamhacht tírdhreacha, ar an gcosaint spéirlínite, fónais amhail lochanna, siúlbealaigh shainithe, suíomhanna oidhreacht agus áiseanna caitheamh aimsire agus turasóireachta.” (lch 58)*

133 Chomh maith leis sin, saináithnítear i CDP Contae Mhuineacháin dhá limistéar phríomha lena mbaineann sárcháilíocht tírdhreacha. Sainítear iad mar ‘Limistéir lena mbaineann Bunluach Taitneamhachta’. Is iad na limistéir sin Loch Mucnú agus a Phurláin, Sliabh Beatha agus limistéir Shliabh Bhragáin. Sonraítear i bPlean Forbartha Contae Mhuineacháin (ar leathanaigh 59 agus 60): *“Ní cheadófar forbairt sna limistéir sin ach in imthosca eisceachtúla nach gcuirfear sláine an tírdhreacha i mbaol iontu. Baintear aon fhorbairt ionsáite, sa chás go mbeadh an fhorbairt sin díolmhaithe de ghnáth, as an gcatagóir um fhorbairt dhíolmhaithe”.* [aistriúchán neamhoifigiúil] I Rannán 4.5.1 de CDP Mhuineacháin, cuimsítear beartais maidir le Limistéir lena mbaineann Bunluach Taitneamhachta (PAP) a áiríonn na nithe seo a leanas:

“PAP 1 Forbairt i Limistéir lena mbaineann Bunluach Taitneamhachta a theorannú do na forbairtí sin mar ar chruthaigh an t-iarratasóir chun sástacht an Údaráis Phleanála nach ndéanfadh an fhorbairt a bheartaítear sláine na limistéir sin a chur i mbaol.”

134 Cuirtear roinnt cuspóirí agus beartais eile san áireamh i CDP Mhuineacháin. Breithnítear iad faoin ábhar comhshaoil ábhartha san EIS (feic **Imleabhar 3C** agus **Imleabhar 3D** den EIS). Tá beartais agus forálacha eile de Phlean Forbartha Contae Mhuineacháin a d'fhéadfadh bheith ábhartha ar fáil freisin in **Aguisín 7** den tuarascáil seo.

4.5.2 Cavan County Development Plan (Plean Forbartha Contae an Chabháin) 2014 – 2020

135 Leagtar amach in *Plean Forbartha Contae an Chabháin 2014-2020* (CDP an Chabháin) an straitéis iomlán le haghaidh phleanáil chuí agus fhorbairt inbhuanaithe an Chontae ar fad. Leagtar amach thíos rannáin a bhaineann leis an togra ábhair.

Bonneagar Fuinnimh

- 136 I Rannán 4.7.1 de CDP an Chabháin, tá soláthar le haghaidh bonneagar leictreachais ardvoltais nua, lena n-áirítear stáisiúin claochladán ardvoltais agus línte cumhachta tarchuir lasnairde nua:

“Tacaíonn Comhairle Chontae an Chabháin leis an soláthar le haghaidh bonneagar leictreachais ardvoltais nua, lena n-áirítear stáisiúin claochladán ardvoltais agus línte cumhachta tarchuir lasnairde nua. Beidh an bonneagar sin ag teastáil chun an gréasán tarchuir a atreisiú, bainteach le héileamh leictreachais atá ag fás i measc custaiméirí atá ann cheana, mar aon le custaiméirí giniúna nua agus móréilimh á nascadh e.g. tionsclaíocht”. (lch 134) [aistriúchán neamhoifigiúil]

- 137 Aithnítear in alt 4.7.1 de CDP an Chabháin gur níos tapa agus níos fusa le deisiú atá línte cumhachta lasnairde agus nach gcuirtear iad faoi ghníomhaíochtaí tochailte. Mar sin féin, cuirtear in iúl sa CDP go spreagfar cáblaí a leagan faoin talamh i limistéir faoi líon mór daoine.

- 138 Aithnítear sa CDP “[go] n-aithnítear gur eochairthoisic le tacú le fás geilleagrach a chothabháil agus infheistíocht a mhealladh chuig an gceantar é bonneagar tarchuir leictreachais atá daingean agus iontaofa a fhorbairt” agus moltar do Chomhairle Chontae an Chabháin “aird a thabhairt ar ‘Government Policy Statement on the Strategic Importance of Transmission and Other Energy Infrastructure’ (Ráiteas Beartais an Rialtais faoin Tábhacht Straitéiseach a bhaineann le Tarchur agus Bonneagar Eile Fuinnimh) a d’eisigh an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha” (lgh 134-135).

- 139 Tá na Cuspóirí Leictreachais (PI – Bonneagar Fisiceach) seo a leanas leagtha amach i Rannán 4.7.1 de CDP an Chabháin:

*“**PIO106** Sa chás go bhfuil forbairt ar scála go bhfuil formheas de dhíth faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach) 2006, cuirfidh na hiarratasóirí / na tionscnóirí san áireamh, mar chuid dhílis dá gcáipéisí formheas pleanála / iarratas pleanála, staidéar arna dhéanamh ag duine / comhlacht neamhspleách atá cáilithe go cuí lena léirítear cé acu a chuimsíonn, nó nach gcuimsíonn, an togra an teicneolaíocht is oiriúnaí ar fáil agus an modh tógála is oiriúnaí, lena n-áirítear scrúdú cuimsitheach (i gcás línte tarchuir) ar na seirbhísí sin a leagan faoin talamh. Áiritheoidh an t-iarratasóir freisin, i gcás iarratais pleanála lena mbaineann suí línte cumhachta leictreachais agus cáblaí lasnairde eile, go mbreithneofar go hiomlán an tionchar a bheadh ag forbairt dá leithéid ar an tírdhreach, caomhnú an dúlra, seandálaíocht, taitneamhacht chónaithe agus amhairc.*

PIO107 Agus bealach línte cumhachta lasnairde nua á dheardh, ar bhonn na taitneamhachta ginearálta agus nuair is féidir. Déanfaidh EirGrid agus Líonraí BSL iarracht an fad scartha is mó idir an líne agus réadmhaoín chónaithe agus eile ina mbíonn daoine ina gcónaí a bhaint amach, agus iarracht á déanamh ar thionchar ar shrianta sainaitheanta teicniúla agus comhshaoil eile a sheachaint nó a laghdú an oiread is féidir. Déanfar measúnú ar gach togra maidir le forbairt nua chónaithe agus eile i gcóngarachta línte cumhachta reatha trí thagairt d'fhorálacha an Achta Leictreachais (Soláthar) (Leasú) (Uimh. 2), 1934 maidir leis an bhfad scartha. I gcás oibreacha tógála i gcóngarachta línte cumhachta, tabharfar aird ar na treoirlínte ábhartha atá foilsithe ag Bord Soláthair an Leictreachais amhail “Code of Practice for Avoiding Danger from Overhead Electricity Lines” (Cód Cleachtais maidir le Baol ó Línte Leictreachais Lasnairde a Sheachaint) agus ar chaighdeán nó ar threoirlínte eile a nglactar leo go náisiúnta.

PIO108 Chun tacú le hathnuachan an bhonneagair agus le forbairt na ngréasán leictreachais sa Chontae agus forbairt bonneagar tarchuir leictreachais atá slán agus iontaofa a aithint mar phríomhghné chun tacú leis an bhforbairt eacnamaíoch agus chun infheistíocht a mhealladh chuig an gceantar agus chun tacú le hathnuachan agus le forbairt an bhonneagair.

PIO109 Tabharfar aird ar an ‘gCód Cleachtais’ idir an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus EirGrid (2009).

PIO110 A chinntiú nach mór tógáil agus monatóireacht a dhéanamh ar línte leictreachais Ardvoltais de réir Threoirlínte reatha an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Chosaint Radaíochta Neamhianaíche (ICNIRP) agus an Choimisiúin um Rialáil Fuinnimh (CER).

PIO111 Chun tacú le línte cumhachta ardvoltas a leagan faoin talamh, nuair atá a leithéid indéanta go teicniúil, inmharthana ar bhonn eacnamaíoch, agus iomchuí ó thaobh an chomhshaoil de.” (lch 135-136) [aistriúchán neamhoifigiúil]

140 Leagtar amach i gCaibidil 4 d’Imleabhar 3B den EIS na roghanna eile tarchuir agus teicneolaíochta a breithníodh le haghaidh na forbartha a bheartaítear, lena n-áirítear scrúdú cuimsitheach agus cothrom le dáta ar leagan faoin talamh féideartha bonneagar tarchuir leictreachais i gcoitinne, agus i leith na forbartha a bheartaítear. Áirítear leis an scrúdú

breithniú a dhéanamh ar thuarascálacha arna gcoimisiúnú ag EirGrid agus staidéir theicniúla neamhspleácha eile atá ábhartha (lena n-áirítear, i measc nithe eile, Tuarascáil Ecofys¹⁹, *Tuarascáil an Choimisiúin Idirnáisiúnta Saineolaithe faoin Mhí agus Tír Eoghain [athbhreithniú ar na tairbhí, agus ar an gcostas, a bhaineann le líne iomlán Fhorbairt Idirnasctha 400 kV na Mí-Thír Eoghain, nó le cuid den líne, a leagan faoin talamh]*).

Fuinneamh In-athnuaite

- 141 Tá an méid seo a leanas sonraithe ar lch 137 “*Tá sé mar chuspóir ag an Údarás Pleanála cineálacha in-athnuaite táirgthe fuinnimh a spreagadh agus a éascú*”. Tá 20 bunbheartas straitéiseach sa Phlean freisin, agus úsáidfead iad chun bonn eolais a chur faoi rannáin éagsúla an phlean agus chun iad a nascadh le chéile. Baineann Bunbheartas Straitéiseach CSP15 le giniúint leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite. Sonraítear an méid seo a leanas sa bheartas sin:

“CSP15 Tacófar le tograí chun leictreachas a ghiniúint ó fhoinsí in-athnuaite, ar an gcoinníoll nach troime drochthionchar na forbartha a bheartaítear ná na leasanna comhshaoil níos forleithne a bhaineann leo (lena n-áirítear aon saoráidí giniúna leictreachais atá de dhíth, tionchar ar an tírdhreach, ar shábháilteacht an phobail, agus ar an timpeallacht áitiúil).” (lch 68)
[aistriúchán neamhoifigiúil]

- 142 Cuirtear roinnt cuspóirí agus beartais eile san áireamh i CDP an Chabháin. Breithnítear iad faoin ábhar comhshaoil ábhartha san EIS (feic **Imleabhar 3C** agus **Imleabhar 3D** den EIS). Tá beartais agus forálacha eile de CDP an Chabháin a d’fhéadfadh a bheith ábhartha ar fáil freisin in **Aguisín 7** den tuarascáil phleanála seo.

4.5.3 Plean Forbartha Chontae na Mí 2013-2019

- 143 Leagtar amach i bPlean Forbartha Chontae na Mí 2013-2019 (CDP na Mí) an straitéis iomlán le haghaidh phleanáil chuí agus fhorbairt inbhuanaithe Chontae na Mí ar fad. Leagtar amach thíos rannáin a bhaineann leis an togra ábhair.

¹⁹ Ecofys (2008) thar ceann an DCENR. *Study on the Comparative Merits of Overhead Electricity Transmission Lines versus Underground Cables (Staidéar ar Thuillteanais Chomparáideacha Línte Lasnairde um Tharchur Leictreachais in Aghaidh Cáblaí faoin Talamh)*. Ar fáil ag www.dcenr.gov.ie

Fuinneamh

- 144 Leagtar amach i gCaibidil 8 de CDP na Mí na beartais agus na cuspóirí i dtaca le Fuinneamh agus Cumarsáid. Luann Comhairle Chontae na Mí sa CDP go mbaineann ríthábhacht leis an bhfáil ar fhuinneamh maidir le forbairt agus leathnú leantach na fostaíochta i gContae na Mí (Rannán 8.1.1). Luann sí freisin: *“Aithníonn Comhairle Contae na Mí an bunriachtanas maidir le táirgeadh agus dáileadh fuinnimh. Is iad an leictreachas agus an gás an dá phríomhlíonra fuinnimh i gContae na Mí. Leis an méadú ar fhorbairt cónaithe sa chontae agus an feachtas i gcomhair tuilleadh úsáidí tionsclaíocha, úsáidí tráchtála agus úsáidí cruthaithe fostaíochta, beidh sé tábhachtach a chinntiú go mbeidh sé de chumas na líonraí fuinnimh na héilimh sin a shásamh”* (lch 194).
- 145 Leagtar amach i Rannán 8.1.2 de CDP na Mí na *“Líonraí Leictreachais agus Gáis: An Méid atá Bainte Amach agus Deiseanna”* agus tugtar ar aird go bhfuil *“roinnt mórthionscadal den bhonneagar leictreachais beartaithe le haghaidh na mblianta amach romhainn ag EirGrid agus ag BSL chun freastal ar ghnáthsholáthar tí agus tráchtála”* (lch 194). Sonraítear freisin i CDP na Mí *“áirítear ar na tionscadail atá beartaithe ag EirGrid amach anseo i gContae na Mí idirnascaire 400kV Thuaidh-Theas agus an dara claochladán a thógáil ag stáisiún Fhearann na Coille.”* (lch 195)
- 146 Déantar beartais maidir le fuinneamh agus cumarsáid (EC POL) a leagan amach ar leathanaigh 199-201. Is iad seo na beartais ábhartha:
- *“EC POL 1 – Soláthar bonneagair fuinnimh, lena n-áirítear forbairt ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite ag láithreacha oiriúnacha, a éascú sa chaoi is go ndéanfar obair ar son fhorbairt fhisiciúil agus gheilleagrach bhreise na Mí.*
 - *EC POL 2 – Tacú le tionscnaimh idimáisiúnta agus náisiúnta agus le tionscnaimh sa chontae chun astaíochtaí gáis cheaptha teasa a theorannú trí éifeachtúlacht fuinnimh agus foinsí fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt ina mbaintear úsáid as acmhainní nádúrtha an chontae ar mhodh atá inghlactha ó thaobh an chomhshaoil de, sa chás go bhfuil a leithéid comhsheasmhach le pleanáil chúí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair.*
 - *EC POL 3 – Táirgeadh fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a spreagadh, amhail bithmhais, ábhar dramhaíola, an ghrian, tonnta, uisce, foinsí geoiteirmeacha agus fuinneamh gaoithe, faoi réir na ngnáthrialacha pleanála cuí, lena n-áirítear go sonrath, an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ar limistéir íogaire chomhshaoil nó tírdhreacha agus ar láithreáin Natura 2000.*
 - *EC POL 4 – Tacú leis an Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide agus, go ginearálta, bearta a éascú ina bhféachtar d’astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú.*

- **EC POL 11** – Forbairt soláthairtí feabhsaithe leictreachais agus gáis, agus líonraí bainteacha a éascú agus tacú leo chun freastal ar riachtanais reatha na Mí agus a riachtanais amach anseo.
- **EC POL 12** – Comhoibriú agus idirchaidreamh a dhéanamh le soláthraithe fuinnimh reachtúla agus soláthraithe eile fuinnimh i dtaca le giniúint cumhachta d'fhonn cumas cumhachta imleor a chinntiú maidir le riachtanais reatha an chontae agus a riachtanais amach anseo.
- **EC POL 13** – A chinntiú go gcloíonn an bonneagar tarchurtha fuinnimh agus cumarsáide leis an dea-chleachtas maidir le láithreánú agus dearadh chun cosaint na dtírdhreach aitheanta tábhachtach uile a áirithiú go sonrach.
- **EC POL 16** – A éileamh go mbeidh na seirbhísí áitiúla fuinnimh agus cumarsáide amháil leictreachas, teileafón faoin talamh, nuair is féidir é.
- **EC POL 18** – Línte lasnairde i láithreáin Natura 2000 a sheachaint go ginearálta mura féidir a chruthú nach ndéanfaidh siad difear do shláine an láithreáin maidir lena chuspóirí caomhantais i.e. trí mheasúnú cuí a dhéanamh de réir Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga ón AE.
- **EC POL 19** – Leagan faoin talamh cáblaí lasnairde reatha agus trealaimh lena mbaineann a chur chun cinn nuair is cuí.”

147 Leagtar amach cuspóirí i dtaca le fuinneamh agus cumarsáid (EC OBJ) ar leathanach 202. Is iad na cuspóirí ábhartha:

- **“EC OBJ 1** – A chinntiú go mbeidh gach plean agus gach tionscadal a bhaineann le giniúint nó soláthar fuinnimh nó líonraí teileachumarsáide faoi réir Scagadh Measúnaithe Chuí agus go ndéanfar Measúnú Cuí ar na pleananna nó ar na tionscadail sin a bhféadfadh éifeacht shuntasach a bheith acu, ina n-aonar nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile, ar láithreán (nó láithreáin) Natura 2000.
- **EC OBJ 2** – Tacú le hathbhreithniú agus cur i bhfeidhm na mbeart sa Straitéis um Athrú Aeráide agus sa Phlean Gníomhaíochta um Bainistíocht Fuinnimh 2011-2012, ‘Think Globally Act Locally’ de chuid Chomhairle Chontae na Mí.
- **EC OBJ 3** – Scrúdú a dhéanamh ar straitéis maidir le fuinneamh in-athnuaite a ullmhú ina ndéanfar na teicneolaíochtaí is inmharthana i gContae na Mí a chur chun cinn.
- **EC OBJ 4** – Féachaint le comhtháthú riachtanach cheanglas an líonra tarchurtha a sheachadadh chun nascachtaí tograí fuinnimh in-athnuaite leis an ngréille tarchurtha leictreachais a éascú ar bhealach inbhuanaithe agus tráthúil.”

Caomhnú an Chomhshaoil

148 Leagtar amach i Rannán 9.6 de CDP na Mí na beartais agus na cuspóirí i dtaca leis an Oidhreacht Chultúrtha (CH). Leagtar amach i Rannán 9.6.13 (Ich 224) de CDP na Mí cuspóirí agus beartais i leith tírdhreacha deartha, páirceanna stairiúla, gairdíní agus diméinte:

“CH OBJ 22 Daoine a dhíspreagadh ó thabhairt faoi fhorbairtí trína gcaillfí nó trína ndéanfaí damáiste do charachtar, do nádúr, do na príomhchomhpháirteanna, nó do shuíomh páirceanna stairiúla, gairdíní agus diméinte a bhfuil tábhacht oidhreachta ag baint leo.

CH OBJ 23 A éileamh i gcás tograí chun tírdhreacha deartha agus diméinte a fhorbairt go ndéanfar measúnú ar an tírdhreach agus ar na radhairc deartha agus go ndéanfar measúnú ar chrainn shuntasacha nó ar ghrúpaí crann, de réir mar is cuí, agus na measúnuithe sin a sheoladh isteach leis na tograí.”

149 Leagtar amach i Rannán 9.7 de CDP na Mí cuspóirí agus beartais i leith na hoidhreachta nádúrtha (NH) a áiríonn an méid seo a leanas, i measc nithe eile:

“NH POL 5 Gan cead a thabhairt d’fhorbairt i Limistéir Chaomhantais Speisialta ainmnithe, nó i Limistéir faoi Chosaint Speisialta, ná i Limistéir Oidhreachta Náisiúnta ná i limistéir a bhfuiltear ag moladh go ndéanfar iad a ainmniú ná gar d’aon cheann de limistéir den sórt sin thar thréimhse an phlean, ach amháin nuair a bheidh measúnú déanta chun sástachta Chomhairle Chontae na Mí, i gcomhairle leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra ina dtugtar le fios nach mbeidh aon drochthionchar suntasach ag an bhforbairt bheartaithe ar shláine an láithreáin.” (Ich 228)

150 Féachann beartas straitéiseach i leith carachtar tírdhreacha (LC SP) le *“Saintréithe, cáilíocht agus sainiúlacht áitiúil tírdhreacha Chontae na Mí a chosaint i gcomhréir le beartas agus le treoirlínte ábhartha rialtais agus leis na moltaí atá i Measúnú ar Charachtar Tírdhreacha na Mí (2007) in Aguisín 7.” (LC SP 1 ar Ich 239).* [aistriúchán neamhoifigiúil] Áirítear an méid seo a leanas, i measc nithe eile, le cuspóirí tacaíochta carachtar tírdhreacha (LC OBJ):

“LC OBJ 1 Iarracht a dhéanamh a áirithiú go gcaomhnófar uathúlacht gach cineáil tírdhreacha, agus chun sláine amhairc limistéar a bhfuil luach eisceachtúil agus an íogaireacht ag baint leo a choinneáil. (Ich 239)

LC OBJ 2 Tograí forbartha a mheas ag féachaint do na moltaí atá sa Mheasúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha a rinneadh sa Mhí in 2007. (Ich 239)

LC OBJ 3 Oibriú i gcomhpháirtíocht leis na príomhpháirtithe leasmhara chun Contae na Mí a chur chun cinn mar lárionad oidhreachta cultúrtha, oideachais agus foghlama.” (lch 239)

LC OBJ 5 Maidir le radhairc agus áineas na n-áiteanna agus na ngnéithe a bhfuil áilleacht nádúrtha ag baint leo nó ar díol spéise iad agus atá liostaithe in Aguisín 12 agus léirithe ar Léarscáileanna 9.5.1, ba cheart iad a chosaint ó fhorbairt a chuirfeadh isteach ar nádúr agus ar áineas amhairc an tírdhreacha.” (lch 240)

- 151 Cuirtear roinnt cuspóirí agus beartais eile san áireamh i CDP na Mí. Breithnítear iad faoin ábhar comhshaoil ábhartha san EIS (feic **Imleabhar 3C** agus **Imleabhar 3D** den EIS). Chomh maith leis sin, tá beartais agus forálacha ábhartha de CDP na Mí ar fáil freisin in **Aguisín 7** den tuarascáil phleanála seo.

5 BREITHMHEAS PLEANÁLA

5.1 RÉAMHRÁ

- 1 Cuirtear ar fáil sa rannán seo an breithmheas a rinne an t-iarratasóir ar an bhforbairt a bheartaítear maidir le beartais phleanála agus cuspóirí phleanála an AE, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, d'fhonn cabhrú leis an mbreithniú ar cé acu atá, nó nach bhfuil, an fhorbairt a bheartaítear comhsheasmhach le pleanáil chúí agus le forbairt inbhuanaithe.
- 2 Ina theannta sin, tugtar aghaidh sa rannán seo den tuarascáil ar shaincheistean eile a d'fhéadfadh bheith ábhartha don phróiseas cinnteoireachta leathan a dtabharfaidh an Bord Pleanála (an Bord) faoi agus breithniú á dhéanamh aige ar an iarratas ar fhorbairt phleanála na forbartha a bheartaítear.
- 3 Áirítear le príomhréimsí eile den bhreithniú a dhéantar ar an bhforbairt a bheartaítear ó thaobh pleanáil chúí agus forbairt inbhuanaithe de na réimsí sin a bhaineann le tionchar amhairc agus tírdhreacha, tionchar ar an bpobal, ar an éiceolaíocht agus ar an oidhreacht chultúrtha, a dtugtar aghaidh ar gach ceann díobh go mion sna caibidlí ábhartha den Ráiteas Tionchair Timpeallachta (EIS) arna chur isteach leis an iarratas seo (feic **Imleabhar 3** de na cáipéisí iarratais).

5.2 AN GÁ ATÁ LEIS AN BHFORBAIRT A BHEARTAÍTEAR

- 4 Leagadh amach an gá leis an tionscadal i **Rannán 1.6** den tuarascáil seo, agus i gCaibidil 2 d'**Imleabhar 3B** den EIS. Mar achoimre, beidh an t-idirnascaire a bheartaítear mar réiteach éifeachtúil ar an mbaol i leith scaradh córais agus méadóidh sé an cumas aistrithe idir córais tarchuir Thuaisceart Éireann agus na hÉireann, in éineacht le hatreisiú córais lena mbaineann. Ina theannta sin, bainfidh na tairbhí straitéiseacha seo a leanas le forbairt an dara hidirnascaire: iomaíocht an mhargaidh a chur chun feabhais i gcomhthéacs an Mhargaidh Aonair Leictreachais (SEM); daingneacht an tsoláthair a fheabhsú, tacú le forbairt giniúint cumhachta in-athnuaite; an limistéar thoir thuaidh a atreisiú.
- 5 Is é is beartas straitéiseach forbartha ann ná léiriú praiticiúil ar oibleagáidí faoi ráitis éagsúla dlí agus beartais an Aontais Eorpaigh (AE) dá dtagraítear i g**Caibidil 4** den tuarascáil seo. Formhuiniú soiléir ag leibhéal an Choimisiúin Eorpaigh ar thábhacht straitéiseach na forbartha a bheartaítear is ea an fhíric go bhfuil an dara hidirnascaire thuaidh-theas liostaithe mar thionscadal tosaíochta (Tionscadal Leasa Choitinn [PCI]) i Rialachán Tarmlichte 1391/2013 a dtabharfar 'stádas tosaíochta' dó.
- 6 Na forálacha ábhartha den *Phlean Forbartha Náisiúnta 2007–2013*, den *Straitéis Spáis Náisiúnta 2002–2020*, de Pháipéar Bán an Rialtais, *Todhchaí Inbhuanaithe Fuinnimh a*

Thabhairt d'Éirinn, agus de straitéisí forbartha líonra de chuid EirGrid féin (go háirithe an Páipéar Plé dá chuid a foilsíodh le déanaí – *Your Grid, Your Views, Your Tomorrow (Do Líonra, Do Thuairimí, Do Thodhchaí)* lena áirítear Anailís Theicniúil), leagadh amach iad i **gCaibidil 4** den tuarascáil seo. Chomh maith leis sin, cuirtear tacaíocht ar fáil i bhforálacha an bheartais náisiúnta d'fhorbairt a dhéanamh ar an ngréasán tarchuir leictreachais go ginearálta, agus d'infheistíocht a dhéanamh ann, mar go n-aithnítear é mar eochairghné den bhonneagar atá riachtanach le haghaidh fás geilleagrach. Ina theannta sin, tugtar tacaíocht i mbeartas straitéiseach náisiúnta ar leith d'fhorbairt an dara hidirnascaire leictreachais thuaidh-theas.

7 Go háirithe, tugtar tacaíocht shoiléir d'fhorbairt bheartaithe an dara hidirnascaire thuaidh-theas sa *Government Policy Statement on the Strategic Importance of Transmission and Other Energy Infrastructure (Ráiteas Beartais an Rialtais faoin Tábhacht Straitéiseach a bhaineann le Tarchur agus Bonneagar Eile Fuinnimh)* (Iúil 2012). Sonraítear freisin go mbeidh sé ina dhúshlán mór iarraidh ar an bpobal glacadh le seachadadh an bhonneagair eangaí.

8 Leagtar amach sa Straitéis sin:

“Tacaíonn an Rialtas leis an infheistíocht mhór atá ar bun sa chóras tarchuir leictreachais ardvoltais faoin gClár Grid25 de chuid EirGrid. Is é Grid25 an infheistíocht is tábhachtaí i gcóras tarchuir na hÉireann leis na glúine agus bainfidh sé áit ar leith amach dár gcóras fuinnimh leis na blianta fada romhainn. Is forbairtí ríthábhachtacha do na réigiúin agus don gheilleagar agus don tsochaí ar fad iad tionscadail Grid25, lena n-áirítear Grid West i Maigh Eo, líne tharchuir na Mí-Thír Eoghain agus GridLink sa Deisceart agus san Oirthear. Tá an méid seo a leanas i measc na dtairbhí:

- *Soláthar leictreachais amach anseo a dhaingniú le haghaidh tithe, gnóthas, feirmeacha, monarchana agus pobal.*
- *Buntacú le fás geilleagrach inbhuanaithe agus poist nua sna réigiúin.*
- *Cur ar chumas na hÉireann a spriocanna fuinnimh in-athnuaite a bhaint amach, spleáchas na tíre ar ghás agus ola iompórtáilte a laghdú agus astuithe CO₂ a laghdú”. [aistriúchán neamhoifigiúil]*

9 Dá bhrí sin, tacaítear leis an bhforbairt a bheartaítear sna beartais agus sna cuspóirí náisiúnta nach mór don Bhord aird a thabhairt orthu.

10 Chomh maith leis sin, leagtar amach i **gCaibidil 4** den tuarascáil seo na rannáin ábhartha de na *Treoirínte um Pleanáil Réigiúnach le hAghaidh Réigiún na Teorann 2010–2020* agus

de na *Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2010–2020*. Tá sé soiléir go dtacaítear leis an bhforbairt a bheartaítear ag an leibhéal beartais réigiúnach mar ghné d’uasghrádú straitéiseach riachtanach agus cuí an ghréasáin tarchuir d’fhonn forbairt a éascú san fhadtéarma.

- 11 Mar chríoch, baineann ábharthacht leis na pleananna forbartha contae (CDPanna) maidir le measúnú a dhéanamh ar cé acu atá, nó nach bhfuil, an fhorbairt a bheartaítear i gcomhréir le pleanáil chúil agus forbairt inbhuanaithe na gceantar a mbeartaítear í a shuí iontu.
- 12 Na príomhbheartais agus na príomhchuspóirí straitéiseacha de CDP Mhuineacháin, CDP an Chabháin agus CDP na Mí a mheastar a bheith ábhartha don fhorbairt a bheartaítear, baineann siad le gréasáin fuinnimh, le tarchur fuinnimh agus le línte cumhachta. Tá beartais agus / nó cuspóirí sna trí phlean forbartha contae uile a thacaíonn le bonneagar a fheabhsú, bonneagar fuinnimh san áireamh, d’fhonn fás geilleagrach a éascú agus cuimsítear beartais iontu freisin a bhaineann le cosaint na timpeallachta nádúrtha agus tógtha.

5.3 BREITHNIÚ AR ROGHANNA EILE

- 13 Scrúdaítear réitigh eile thionscadail go mion ag leibhéal straitéiseach agus ag leibhéal áitiúil araon i gCaibidil 4 agus i gCaibidil 5 d’**Imleabhar 3B** den EIS. Tá sé suntasach go háirithe chuige sin go luaitear an méid seo i Rannán 3 de Thuairim Scópála an Bhoird Phleanála i leith an EIS (feic Aguisín 1.4, **Aguisíní Imleabhar 3B**), ina dtagraítear do *Roghanna Eile*:

“Breac-chuntas ar na roghanna eile a breithníodh sular roghnaíodh an fhorbairt roghnaithe. Ba cheart é sin a leathnú go dtí gach gné d’fhorbairt, idir roghanna eile a breithníodh ag an leibhéal náisiúnta agus ag an leibhéal réigiúnach, agus shonraí deartha ag leibhéal áitiúil, agus ba cheart a chur san áireamh iontu –

Mír 3: “Teicneolaíochtaí malartacha, lena n-áirítear úsáid a bhaint as cáblaí faoin talamh nó an bealach a pháirtleagan faoin talamh”. [béim curtha leis]

- 14 Rinne EirGrid an breithniú ar roghanna eile teicneolaíochta de réir na reachtaíochta Náisiúnta agus na reachtaíochta Eorpaí a rialaíonn, agus trí thagairt don reachtaíocht sin, agus aird á tabhairt ar a fheidhm eisiach mar Oibreoir Córais Tarchurtha (TSO), i.e. *“córas tarchuir leictreachais atá sábháilte, daingean, iontaofa, barainneach agus éifeachtach a oibriú agus a chinntiú agus, más gá, forbairt a dhéanamh air”*. Thug an breithniú sin aird ar thuairim scópála fhoirmiúil an Bhoird mar údarás inniúil.
- 15 Mar a leagtar amach go mion ag **Rannán 2.1.2** den tuarascáil seo, thug EirGrid faoi phróiseas cuimsitheach athbhreithnithe inar breithníodh roinnt roghanna teicneolaíochta,

agus aird ar chineál agus ar pharaiméadair na forbartha a bheartaítear, agus ar an oibleagáid atá air, laistigh de théarmaí a cheadúnais, mar Oibreoir Córais Tarchurtha (mar a leagtar amach thuas). Áirítear leis sin úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí AC nó DC agus roghanna lasnairde agus faoin talamh, lena n-áirítear an ciorcad a pháirtleagan faoin talamh. Sonraítear é sin go mion in **Imleabhar 3B** den EIS. Tar éis breithniú a dhéanamh ar roinnt staidéir idirnáisiúnta (lena n-áirítear Athbhreithniú an IEC ón Rialtas agus Tuarascáil Ecofys) agus ar staidéir eile thríú páirtí, i dteannta staidéir eile ar choimisiúnaigh EirGrid iad (a ndearna saineolaithe idirnáisiúnta iad), tháinig EirGrid ar an gconclúid nár cheart ach líne lasnairde (OHL) AC 400 kV amháin a bheith i gceist san fhorbairt a bheartaítear. Rud eile de, tar éis struchtúir thacaíochta eile a bhreithniú, is é an túr IVI an struchtúr tacaíochta atá roghnaithe lena úsáid ar an OHL 400 kV a bheartaítear, seachas an bealach rochtana chuig an stáisiún ceann aistir dheisceartaigh den chiorcad ag Fostáisiún Fhearann na Coille, áit a n-iomprófar an ciorcad ar an taobh neamhúsáidte de struchtúir ciorcaid dhúbailte reatha (atá ann le fada).

- 16 Thug EirGrid faoi phróiseas cuimsitheach um roghnú bealaigh freisin don fhorbairt a bheartaítear bunaithe ar an réiteach roghnaithe teicneolaíochta. Maidir leis sin, bhí an t-aillíniú a bheartaítear faoi réir scrúdú fairsing ar roghanna eile suímh. Tá maolú tionchar comhshaoil agus tionchar eile trí dhearadh ina ghné bhunúsach de phróiseas roghnaithe bealaigh agus dearaidh línigh EirGrid, agus meastar go léiríonn dearadh na líne a bheartaítear an rogha fhoriomlán is fearr i measc na bpríomhroghanna malartacha a ndearnadh breith orthu trí phróiseas forbartha an bhealaigh.

5.4 RÁITEAS TIONCHAIR TIMPEALLACHTA (EIS)

- 17 Cuirtear san áireamh san iarratas seo ar fhorbairt EIS a ullmhaíodh de réir cheanglais dhlí, bheartas agus chleachtas an Aontais Eorpach agus dhlí, bheartas agus chleachtas náisiúnta na hÉireann, lena n-áirítear Iarscríbhinn VI de Threoir chódaithe an EIA agus Sceideal 6 de *na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001* (arna leasú).
- 18 Rinneadh an EIS freisin ag féachaint do na cáipéisí seo a leanas, i measc nithe eile:
- Tuairim Scópála faoin bhfaisnéis a chuirfeadh san EIS, arna hullmhú ag an mBord Pleanála (feic Aguisín 1.4, **Aguisíní Imleabhar 3B**, den EIS).
 - An Coimisiún Eorpach, *Guidelines for the Assessment of Indirect and Cumulative Impacts as well as Impact Interactions (Treoirlínte maidir le Tionchair Indíreacha agus Charnacha chomh maith le hIdirghníomhaíochtaí Tionchair a Mheasúnú)* (Bealtaine 1999);
 - An Coimisiún Eorpach, *Guidance on EIA Screening (Treoir maidir le Scagadh an EIA)* (Meitheamh 2001);

- An Coimisiún Eorpach, *Guidance on EIA Scoping (Treoir maidir le Scópáil an EIA)* (Meitheamh 2001);
- *Guidance on EIA – EIS Review (Treoir maidir le EIA – Athbhreithniú ar EIS)* ón gCoimisiún Eorpach (2001);
- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA), *Guidelines on the information to be contained in Environmental Impact Statements (Treoirlínte maidir leis an bhFaisnéis a Chuimseofar i Ráitis Tionchair Timpeallachta)* (Márta 2002);
- EPA, *Advice Notes on Current Practice (in preparation of Environmental Impact Statements) (Nótaí Faisnéise faoin gCleachtas Reatha [maidir le Ráitis Tionchair Timpeallachta a ullmhú])* (Meán Fómhair 2003) agus, go háirithe, na treoirlínte a tugadh le haghaidh thionscadail Chineál 20 a leagtar amach sa cháipéis sin;
- An Coimisiún Eorpach, *Guidance on the Application of the Environmental Impact Assessment Procedure for Large-scale Transboundary Projects (Treoir maidir le Feidhmiú an Nóis Imeachta um Measúnacht Tionchair Timpeallachta do Thionscadail Mhórsála Trasteorann)* (Bealtaine 2013); agus
- An Coimisiún Eorpach, *Guidance on Integrating Climate Change and Biodiversity into Environmental Impact Assessment (Treoir maidir leis an Athrú Aeráide agus leis an mBithéagsúlacht a Chomhtháthú i Measúnacht Tionchair Timpeallachta)* (Aibreán 2013).

5.4.1 Conclúidí an EIS

19 Tugtar achoimre thíos ar chonclúidí an EIS. Tugtar sonraí iomlána agus Achoimre Neamhtheicniúil in **Imleabhar 3** de na cáipéisí iarratais):

Daoine (Daonra, Úsáid Talún, Turasóireacht agus Taitneamhacht, EMF)

20 Tiocfaidh buntáistí geilleagracha níos forleithne chun cinn de bharr na bhfeabhsúcháin a dhéanfar ar an eangach leictreachais ar oileán na hÉireann. Meastar freisin nach dtiocfaidh meath suntasach ar thírdhreach ná ar acmhainní amhairc an limistéar staidéir. Dá bhrí sin, tá an tionchar iomlán ar an daonra agus ar thaitneamhachtaí cónaithe teoranta do na gabhdóirí / limistéir sin atá an-ghar do na túir agus don OHL.

21 Beidh tionchar do-airithe ag an bhforbairt a bheartaítear ar úsáid talún mar thoradh ar thógáil na dtúir; is do-airithe nó beag atá an tionchar iarmharach ar fhorhóir na ndáileachtaí talún feadh an ailínithe. Tiocfaidh drochthionchar measartha chun cinn ar dháileachtaí talún áirithe mar thoradh ar shrianta féideartha ar fhorbairt clós feirme, ag an mbábhún stórála le haghaidh ábhar tógála de bharr damáiste don ithir agus ar dháileachtaí talún foraoiseachta

sa chás go mbeidh gá leis na crainn a bhaint laistigh de chonair a bheidh 74 m ar fhad ar a mhéad. Tiocfaidh drochthionchar mór chun cinn ar líon an-teoranta de dháileachtaí talún mar thoradh ar shrianta féideartha ar oibriú an dianfhiontair ghairneoireachta agus ar dhá dháileacht talún foraoiseachta sa chás go mbeidh gá leis na crainn a bhaint laistigh de chonair a bheidh 74 m ar fhad ar a mhéad.

- 22 Ní bheidh an tionchar ar thurasóireacht agus ar thaitneamhachtaí díreach toisc nach gcuirfidh an fhorbairt a bheartaítear isteach go fisiceach ar láithreacha turasóirí ar bith. Meastar go mbeidh an tionchar diúltach ar thurasóireacht agus ar thaitneamhachtaí teoranta do thionchar amhairc áitiúil neamhdhíreach ar an tírdhreach gar don líne lasnairde. Is iad Slí Thiomána Ghleann na Bóinne, Mainistir Bheighí agus stráice gearr áitiúil de Shlí Mhuineacháin na príomháiseanna turasóireachta a bhféadfadh tionchar amhairc den sórt seo tarlú dóibh.
- 23 D'ainneoin na dtuairimí coimeádacha faoi na dálaí oibriúcháin a ghlactar maidir leis na ríomhanna EMF (a thugann ró-mheastachán de leibhéal réimse de ghnáth), tá an EMF ón líne 400 kV a bheartaítear fós níos ísle ná treoirlínte EMF na hÉireann agus an AE. Nuair a scrúdaíodh taighde eolaíoch maidir le hábhair ina ndéantar nasc idir EMF agus sláinte daoine agus speiceas eile, níor léiríodh go mbeadh drochthionchar ar dhaoine ná ar speicis eile de bharr EMF. Tá an measúnú sin ag teacht le hathbhreithnithe a rinne gníomhaireachtaí sláinte agus eolaíochta náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Flóra agus Fána

- 24 Is tírdhreach ardbhainistithe é an limistéar staidéir, áit a bhfuil gnáthóga lena mbaineann luach íseal éiceolaíochta le sonrú go mór ann. Is iad aibhneacha (lena n-áirítear láithreáin Eorpacha na hAbhann Duibhe agus na Bóinne), fáлта sceach teorann / crannteorainneacha, bogaigh (i gContae Mhuineacháin) agus Ealaí Glóracha na gabhdóirí éiceolaíochta ríthábhachtacha. D'fhéach dearadh an tionscadail le híoslághdú a dhéanamh ar thionchar éiceolaíochta oiread ab fhéidir trí thúir a shuí ar shiúl ó ghabhdóirí éiceolaíochta ríthábhachtacha amhail bogaigh agus fáлта sceach a bhféadfadh ardluach éiceolaíochta a bheith orthu agus ar shiúl ó aibhneacha / shruthanna (agus gnáthóga bruachánacha gaolmhara). Is éard atá anseo ná cur chuige tábhachtach agus dea-chleachtas chun tionchar ar ghabhdóirí éiceolaíochta ábhartha a íoslághdú. Thángthas ar an gconclúid gur beag nó do-airithe a bheadh tionchar ar phríomhghabhdóirí éiceolaíochta, lena n-áirítear na heochairghrúpaí a sainiúidh, a fhad is a leantar na nósanna imeachta dea-chleachtais le linn na tógála, an athchóirithe agus na bainistíochta agus a fhad is a chuirtear na bearta maolaithe atá molta i bhfeidhm.

Torann

- 25 Réamh-mheastar nach mbeidh tionchar suntasach torainn agus creathaidh ag an bhforbairt mar atá sí deartha, agus an maolú molta san áireamh, ar ghabhdóirí íogaire.

Ithreacha, Geolaíocht agus Hidrigeolaíocht

- 26 Beidh tionchar ag céim na tógála den fhorbairt a bheartaítear ar staid na talún agus ar na tosca geolaíochta trí úsáid a bhaint as bealaí rochtana sealadacha agus as tochairtí atá ag teastáil le haghaidh bhunanna na dtúr, an chlóis stórála shealadaigh le haghaidh ábhar tógála agus an fhostáisiúin. I measc an tionchair fhéideartha, tá doirteadh breosla de thaisme, a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do chaighdeán na hithreach, na buncharraige agus an screamhuisce dá rithfeadh sé isteach sa talamh. Tar éis na bearta maolaithe a bheartaítear a chur i bhfeidhm, áfach, meastar gur gearrthéarmach agus do-airithe a bheidh an tionchar a thiocfaidh chun cinn.
- 27 Roghnaíodh na láithreacha túir chun limistéir n-aithnítear go bhfuil sil-leagain locha, móin shlán agus móin réitithe iontu a sheachaint nuair is féidir. Níor sainaitníodh móin shlán ag aon láthair thúir feadh an línebhealaigh. Dá réir sin, meastar nach mbeidh aon drochthionchar ag na tochairtí atá ag teastáil le haghaidh thógáil na bpríomhghnéithe den fhorbairt a bheartaítear ar an éiceachóras móna atá níos íogaire.
- 28 Maidir le céim oibríoch na forbartha, ní mheastar go mbeidh aon tionchar suntasach ar an gcomhshaol geolaíoch nó hidrigeolaíoch áitiúil mar thoradh ar chur chun feidhme na mbearta maolaithe. Dá bhrí sin, táthar ag tuar gur gearrthéarmach agus do-airithe a bheidh an tionchar foriomlán ar ithreacha agus ar gheolaíocht.

Uisce

- 29 D'fhéadfadh céim na tógála den fhorbairt a bheartaítear tionchar a imirt ar an uisce trí úsáid bealaí rochtana sealadacha agus trí thochairtí atá ag teastáil le haghaidh bhunanna na dtúr. D'fhéadfadh go dtiocfadh tionchar féideartha ar an gcomhshaol uisce bunúsach as doirteadh breosla de thaisme. Má chuirtear na bearta maolaithe atá molta chun feidhme, áfach, níl coinne le haon drochthionchar suntasach ar an gcomhshaol uisce mar gheall ar chéim na tógála den OHL a bheartaítear. Maidir le céim oibríoch na forbartha, ní mheastar go mbeidh aon tionchar suntasach ar an gcomhshaol uisce áitiúil. Dá bhrí sin, meastar nach mbeidh ach tionchar diomaibhseach gearrthéarmach ar an gcomhshaol uisce.

Aer – Caighdeán agus Aeráid

- 30 Beidh tionchar iarmharach dearfach san fhadtéarma ag an bhforbairt ar astaíochtaí gás ceaptha teasa toisc go n-éascóidh sé forbairt bhreise ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite agus a nascadh leis an eangach. Laghdóidh sin an spleáchas ar bhreoslaí iontaise, rud a laghdóidh líon na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa ina dhiaidh sin. Ó thaobh an deannaigh de, ní

mheastar go mbeidh tionchar suntasach ar bith ann tar éis na dea-chleachtais tógála agus bearta maolaithe iomchuí a chur chun feidhme. Ní thiocfaidh tionchar suntasach ar chaighdeán an aeir ó astuithe feithiclí ó na hastuithe tráchta féin.

- 31 Níltear ag tuar go mbeidh tionchar ar bith ar chaighdeán an aeir áitiúil nuair a chuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm.

An Tírdhreach

- 32 I measc an tionchair dhosheachanta iarmharaigh feadh fhad iomlán na forbartha a bheartaítear, beidh drochthionchar ar shaintréithe tírdhreacha agus ar radhairc neamhfholaithe laistigh de 600-800 m den ailíniú. Beidh an tionchar sin an-soiléir in áiteanna a dtrasnaíonn an línebhealach bóithre ar a bhfuil fála sceanach ísle agus / nó in áiteanna ar féidir radhairc lánléargais a fháil. Beidh tionchar amhairc laistigh de 1 km ar cheantair áirithe atá an-réidh nó an-ardaithe i gcoibhneas leis an líne.

- 33 Tá na háiteanna seo a leanas i measc na láithreacha íogaire ar leith a sainaitníodh feadh an ailínithe a bheidh faoi réir tionchar iarmharach dosheachanta; ardchlár agus gleann atá in aice leis an teorainn dhlínsiúil le Tuisceart Éireann (cuid de Shlí Mhuineacháin san áireamh) láthair Aonach an Mhaí, radharc áilleachta soir ón tSeantamhnach, comharsanacht roinnt lochanna beaga, láithreacha inar gá do na túir droimníní a thrasnú ar mhaithe le srianta eile a sheachaint, gleann Abhainn Chill Mhaighneann siar ó Chill Mhaighneann, Eastát Brittas, Gleann na hAbhann Duibhe ag Tailtin agus Gleann na Bóinne ag Beigthish.

Sócmhainní Ábhartha – Ginearálta

- 34 Ní bheidh aon tionchar suntasach ag tógáil ná ag oibriú na forbartha a bheartaítear ar shócmhainní ábhartha; trí chloí leis na bearta maolaithe le linn na tógála, cinnteofar nach mbainfidh aon tionchar iarmharach leis an bhforbairt a bheartaítear.

Sócmhainní Ábhartha – Trácht

- 35 Mar gheall ar fhad na líne a bheartaítear, beidh an trácht scaipthe thar limistéar mór le linn chéim na tógála. Go ginearálta, rachfar isteach chuig na suíomhanna aonair trí rianta páirce agus rianta inmheánacha atá ann cheana féin, nuair is féidir. Beartaítear go mbainfear úsáid as clós stórála ábhar, a bheidh suite i mbailte fearainn Mhuinilte Dubh agus Mhuinilte Bán, Carraig Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin, chun ábhair a stóráil lena ndáileadh ar na suíomhanna aonair. Táthar ag súil le níos mó tráchta ag an láthair seo mar go mbeidh feithiclí á gcoinneáil ag an láthair seo sula rachaidh siad ar fud an ghréasáin bóithre chuig na suíomhanna aonair.

- 36 Bainfear úsáid as feithiclí troma chun an líne tharchuir a thógáil. Téann méadú ar líon na bhfeithiclí troma i bhfeidhm go mór ar bhóithre áitiúla agus ar mhionbhóithre go háirithe,

toisc nár tógadh na bóithre sin chun freastal ar chuid mhór de na cineálacha feithicle sin. Méadaítear an baol atá ann tionchar a bheith ar struchtúr na gcosán, ar chiumhaiseanna, ar chóireálacha teorann, etc., agus cuirtear isteach níos mó ar an bpobal áitiúil chomh maith maidir leis an tionchar i leith torainn, creathaidh, deannaigh agus cháilíocht an aeir.

- 37 Ní bheidh ach méid beag tráchta ann mar gheall ar chéim oibríoch na forbartha a bheartaítear. Bíodh is go mbeidh sé sealadach, beidh cuid mhór tráchta ann mar gheall ar chéim tógála na forbartha a bheartaítear toisc go mbeidh na hábhair agus an lucht oibre á n-iompar chuig an suíomh agus amach uaidh arís ar an ngréasán bóithre poiblí atá ann cheana féin, den chuid is mó. In ainneoin mhéid na forbartha a bheartaítear, ní bheidh ach líon measartha beag feithiclí ag teastáil chun freastal ar gach suíomh tógála aonair feadh na forbartha líní agus beidh an trácht sin scaipthe amach thar roinnt seachtainí.

Oidhreacht Chultúrtha

- 38 Aimsíodh sa mheasúnú nach mbeadh aon tionchar fisiceach díreach ar iarsmaí seasta aon séadchomhartha seandálaíochta a taifeadadh roimhe. Tugadh faoi deara go bhféadfadh an fhorbairt a bheartaítear tionchar a bheith aici ar iarsmaí seandálaíochta fodhromchla a bhaineann le roinnt suíomhanna le linn chéim na tógála (go háirithe an tionchar sin a thagann as trácht tógála a théann i ndlúthghaireacht do na hiarsmaí sin). Áirítear le moltaí chun tionchar a chosc nó a mhaolú líniú teorann a dhéanamh ar mhaoláin iomchuí timpeall suíomhanna, monatóireacht a dhéanamh ar ghlanadh fásra, tástáil seandálaíochta agus / nó monatóireacht seandálaíochta a dhéanamh ar oibreacha talún. Sa chás go dtagtar ar ghnéithe seandálaíochta agus monatóireacht / tástáil seandálaíochta á déanamh, rachfar i dteagmháil leis na húdaráis ábhartha lom láithreach chun réiteach seandálaíochta breise an tsuímh a dhéanamh amach, lena n-áirítear tochair seandálaíochta nó caomhnú in situ na n-iarsmaí seandálaíochta, más gá. Cuirfear na bearta maolaithe sin chun feidhme ag céim na tógála chun tionchar a íoslaghdú agus / nó a dhíbirt.
- 39 Trasnaíonn an fhorbairt a bheartaítear limistéar ina bhfuil acmhainn mhór seandálaíochta i gcóngarachtaí Thailtean, Crios Taitneamhacht Seandálaíochta (ZAA) Thailtean. In ainneoin nach bhfuil aon ghnéithe seandálaíochta sonraithe an-ghar don fhorbairt a bheartaítear, moltar sainbhearta maolaithe le haghaidh obair thógála sa réigiún seo. Maidir leis an oidhreacht seandálaíochta, d'fhéadfadh tionchar díreach féideartha bheith le sonrú ag ceithre shuíomh. Baineann an tionchar sin ar fad le trácht tógála agus cinnteofar le maolú iomchuí nach mbeidh aon tionchar fisiceach díreach ann. Ar an gcaoi chéanna, beidh obair thógála agus rochtain tógála ag teastáil laistigh d'ocht ndiméin a liostaítear i suirbhé gairdíní NIAH (Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta). Beidh tionchar freisin ar roinnt de choillearnach dhiméine, de theorainneacha diméine agus de theorainneacha páirceanna laistigh de thírdhreacha diméine chun réitigh atá ag teastáil le haghaidh na líne lasnaide a bhaint amach.

- 40 Mar thoradh ar fhoirm líneach sheasta na forbartha a bheartaítear, aithnítear gurb é atá san fhéidearthacht is mó le haghaidh tionchair ná tionchar ar thimpeallacht na suíomhanna oidhreachtacha cultúrtha le linn na céime oibríche. Áirítear 40 SMR (Taifid Láithreán agus Séadchomharthaí), sé dhiméin a liostaítear i suirbhé gairdíní NIAH agus 3 struchtúr atá faoi chosaint le suíomhanna ar measadh gur measartha nó níos mó ná measartha a bheadh suntasacht an tionchair ar a dtimpeallacht. Sonraítear freisin go mbeidh tionchar measartha ar shuíomh ZAA Thailtean ar feadh na céime oibríche.

5.5 ÁBHAIR EILE

5.5.1 Fad Scartha go hÁiteanna Cónaithe

- 41 Ar fud an phróisis chomhairliúcháin maidir leis an bhforbairt a bheartaítear, cuireadh ceisteanna faoi chóngaracht an bhonneagair tarchuir d'áiteanna cónaithe. Saincheist shuntasach a chuireann speisialtóirí socraithe línebhealaigh san áireamh i rith an phróisis deartha líne (nó i rith an phróisis ailínithe bealaigh) is ea áiteanna cónaithe a bheith ann agus a chónagaraí atá na háiteanna cónaithe sin don chiorcad a bheartaithe. Ina leith sin, saincheist shuntasach a chuir EirGrid agus a chuid sainchomhairleoirí san áireamh i ndearadh agus in ailíniú na líne don fhorbairt a bheartaítear (ábhar an iarratais seo ar cheadú pleanála) ab ea áiteanna cónaithe a bheith ann agus a chónagaraí atá na háiteanna cónaithe sin.
- 42 Níl aon treoirínte bunaithe um pleanáil bhealaigh agus um dheardh bealaigh ar fáil in Éirinn le haghaidh bonneagar tarchuir. Ar chúiseanna fóntas ginearálta, seachnóidh EirGrid nuair is féidir bonneagar tarchuir OHL a shuí gar do cheantair chónaithe. I dtaca le tithe aonair, is é an aidhm an fad scartha is mó is féidir a fháil idir áiteanna cónaithe agus an líne tarchuir a bheartaítear, agus iarracht á déanamh ar thionchar ar shrianta sainaitheanta teicniúla agus comhshaoil eile a sheachaint nó a laghdú an oiread is féidir. Chuige sin, déanfaidh EirGrid iarracht, nuair is féidir, glanspás cliathánach 50 méadar ar a laghad a bhaint amach ó lár an ailínithe a bheartaítear (i.e. an seoltóir lárnach) go dtí an pointe is gaire in áit chónaithe. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil san fhad 50 méadar ach aidhm threoraithe a bhaineann le hábhair thaitneamhachta ginearálta agus ní bhaineann sé le faid atá ag teastáil le haghaidh glanspás leictreach.
- 43 I d**Tábla 5.1**, déantar achoimre ar an scaipeadh tithe laistigh de 200 méadar ó lár líne na forbartha a bheartaítear (go sonrath an chuid 400 kV den fhorbairt a bheartaítear). Trí limistéir uirbeacha agus braislí cónaithe a sheachaint sa phróiseas um roghnú bealaigh, tá 71 áit chónaithe suite laistigh de 100 m den fhorbairt a bheartaítear ar an gchiorcad a bheartaítear atá thart ar 103.35 km ar fhad. Ar na háiteanna cónaithe sin, tá péire díobh suite laistigh de 50 m de, ach ba cheart a shonrú go bhfuil na háiteanna cónaithe sin suite feadh an chiorcaid reatha 400 kV idir an tSeansráid agus Fearann na Coille atá ann le fada.

- 44 Ní mór an fad scartha bainte amach sin feadh na líne lasnairde nua i Muineachán, sa Chabhán agus sa Mhí atá thart ar 100.5 km ar fad a bhreithniú ag féachaint do thimpeallacht ghlactha ina bhfuil an pobal tuaithe cuibheasach scaipthe (a chónaíonn i gclachain chónaithe, i bhforbairt ribíneach feadh bóithre, nó i dtithíocht aonuaire) agus ag féachaint do straitéis roghnú bealaigh a fhéachann le srianta sainaitheanta teicniúla agus comhshaoil eile a sheachaint, nó an tionchar orthu sin a laghdú an oiread is féidir.

Tábla 5.1: Fad ó Lárlíne an Línebhealaigh go hÁiteanna Cónaithe

Fad	Iomlán Líon Áiteanna Cónaithe	Miondealú de réir Limistéar Staidéir
0-50 m (Foinse: Líníochtaí Pleanála 1:2,500)	2	0 – CMSA 2 – MSA* (*tá an dá ionad réadmhaoine lonnaithe feadh na líne lasnairde atá ann cheana idir an tSeansráid agus Fearann na Coille)
50 m – 100 m (Foinse: Líníochtaí Pleanála 1:2,500)	69	thart ar 39 – CMSA thart ar 30 – MSA* (*áirítear leis sin 7 n-áit chónaithe feadh na líne lasnairde atá ann cheana idir an tSeansráid agus Fearann na Coille)
100 m – 150 m (Foinse: Líníochtaí Pleanála 1:2,500)	103	thart ar 47 – CMSA thart ar 56 – MSA* (*áirítear leis sin 6 áit chónaithe feadh na líne lasnairde atá ann cheana idir an tSeansráid agus Fearann na Coille)
150 m – 200 m (Foinse: Líníochtaí Pleanála 1:2,500)	124	thart ar 50 – CMSA thart ar 74 – MSA* (*áirítear leis sin 8 n-áit chónaithe feadh na líne lasnairde atá ann cheana idir an tSeansráid agus Fearann na Coille)

Foinse: Geo-eolaire, Líníochtaí Pleanála 1:2,500 agus faisnéis ar cheadanna pleanála

- 45 I d**Tábla 5.2**, déantar achoimre ar an scaipeadh tithe laistigh de 200 méadar ó na mionathruithe a bheartaítear ar línte tarchuir lasnairde 110 kV reatha Lú-Rathrussan, Lisdrum-Lú, agus Ármhach-na hUaimhe.

Tábla 5.2: Fad ó Lárlíne na Mionathruithe ar na línte lasnairde 110 kV reatha go hÁiteanna Cónaithe

Fad	Iomlán Líon Áiteanna Cónaithe	Miondealú de réir Limistéar Staidéir
0-50 m (Foinse: Líníochtaí Pleanála 1:2,500)	1	0 - Lú-Rathrussan (CMSA) 1 - Lisdrum-Lú (CMSA) 0 - Ármhach-an Uaimh (MSA)
50 m – 100 m (Foinse: Líníochtaí Pleanála 1:2,500)	7	4 - Lú-Rathrussan (CMSA) 0 - Lisdrum-Lú (CMSA) 3 - Ármhach-an Uaimh (MSA)
100 m – 150 m (Foinse: Líníochtaí Pleanála 1:2,500)	5	1 - Lú-Rathrussan (CMSA) 1 - Lisdrum-Lú (CMSA) 3 - Ármhach-an Uaimh (MSA)
150 m – 200 m (Foinse: Líníochtaí Pleanála 1:2,500)	11	3 - Lú-Rathrussan (CMSA) 3 - Lisdrum-Lú (CMSA) 5 - Ármhach-an Uaimh (MSA)

Foinse: Geo-eolaire, Líníochtaí Pleanála 1:2,500 agus faisnéis ar cheadanna pleanála

5.5.2 Tionchar Féideartha ar Luachanna Réadmhaoine

- 46 Saincheist eile a ardaíodh le linn an phróisis chomhairliúcháin phoiblí maidir leis an bhforbairt a bheartaítear í an imní go mbeadh an líne lasnairde a bheartaítear ina cúis le tionchar diúltach suntasach ar luachanna réadmhaoine (feic an *Public and Landowner Consultation Report [Tuarascáil ar an gComhairliúchán leis an bPobal agus le hÚinéirí Talún]*, **Imleabhar 2B** de na cáipéisí iarratais). Maidir leis an ábhar sin, ní mór aird a thabhairt ar na forálacha atá sna *Advice Notes on Current Practice (in the preparation of Environmental Impact Statements (Nótaí Faisnéise faoin gCleachtas Reatha [maidir le Ráitis Tionchair Timpeallachta a ullmhú])* (2003) ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Luaitear iontu i leith Fadhbanna Coitianta (Rannán 5) gur féidir an t-ábhar faoi Dhaoine “a mhéadú go tapa le go gcuireann sé san áireamh roinnt mhaith ábhar (amhail praghsanna réadmhaoine, cruthú fostaíochta nó iomaíocht tráchtála) atá lasmuigh de raon an Ráitis Tionchair Timpeallachta” (lch 131).
- 47 Déantar tagairt freisin do Rannán 2.2.3 – Fócas agus Raon a Choinneáil – de *EPA Guidelines on the Information to be Contained in Environmental Impact Statements (Treoirlínte an EPA maidir leis an bhFaisnéis a Chuimseofar i Ráitis Tionchair Timpeallachta)* (2002), ina sonraítear:

“Is fusa éifeachtacht agus éifeachtúlacht i Measúnacht Tionchair Timpeallachta a bhaint amach nuair a chinntíonn na páirtithe uile go bhfuil cáipéisí agus anailís teoranta do na hábhair agus do na saincheistanna sin a ndéantar cur síos follasach orthu sa reachtaíocht lena mbaineann. Tá sé tábhachtach go mbíonn na páirtithe uile san airdeall ar úsáid a bhaint as Measúnacht Tionchair Timpeallachta chun measúnú a dhéanamh ar raon leathan ábhar a bhaineann leis an gcomhshaol, cé nach mbaineann siad go díreach leis an gcomhshaol – beag beann ar an rún maith atá taobh thiar díobh nó ar a chaoithiúla atá siad de réir cosúlachta.

- 48 Ní thugann an EIS aghaidh, dá bhrí sin, ar an tsaincheist um luach réadmhaoine ná um dhíluacháil fhéideartha per se. Mar sin féin, déantar breithniú agus measúnú ar chonairí áirithe comhshaoil, mar shampla, tionchar amhairc agus torainn, san EIS agus d’fhéadfaí a shainnithint go bhfuil tionchar féideartha acu ar thaitneamhacht réadmhaoine (ag féachaint do chineál sonracha na forbartha bonneagair tharchuir agus na timpeallachta ina mbeidh sí).
- 49 Is faoin mBord atá sé a chinneadh an bhféadfadh aon díluacháil réadmhaoine a bheith ábhartha don phróiseas cinnteoireachta atá le déanamh ag an mBord agus breithniú á dhéanamh aige ar an bhforbairt a bheartaítear. Is é an cuspóir atá leis an rannán seo den tuarascáil phleanála breithniú a dhéanamh ar an gcaidreamh in Éirinn idir an bonneagar OHL reatha agus luachanna réadmhaoine agus impleachtaí a d’fhéadfadh teacht aníos maidir leis an bhForbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV a bheartaítear. Agus breithniú á dhéanamh air sin, tugadh aird freisin ar an líon mór taighde idirnáisiúnta sa réimse seo²⁰.
- 50 Is ann do raon maith forbairt réadmhaoine cónaithe agus forbairt eile réasúnta cóngarach don bhonneagar OHL ardvoltais atá ann cheana i limistéar na forbartha a bheartaítear (agus ar fud na hÉireann go deimhin) tar éis an bonneagar sin atá ann cheana a thógáil thar lear mór blianta. Is féidir teacht ar an gconclúid, dá bhrí sin, nach bhfuil bonneagar OHL sa limistéar uaidh féin ina chúis le han-aimridiú na gconairí leathana feadh na línte. Dá dtarlódh sé go mbeadh sé i gceist i dtionchar ginearálta bonneagar OHL ardvoltais ná luachanna réadmhaoine a laghdú go mór, bheifí ag súil le méid beag forbartha nó gan forbairt ar bith a fheiceáil feadh conairí OHL sa tír ó tógadh na línte tarchuir agus ní hamhlaidh atá sé thar an lear mór blianta. Níl EirGrid ar an eolas ach an oiread ar aon fhianaise ar dhíluacháil réadmhaoine feadh na gconairí OHL seo atá éagsúil ó na patrúin ghinearálta áitiúil, réigiúnacha nó náisiúnta.

²⁰ Ba sna Stáit Aontaithe agus i gCeanada a rinneadh go leor den taighde sa réimse seo agus áirítear leis, i measc nithe eile, Kroll, C.A. & Priestley, T. (1992), Chalmers, J.A. agus Voorvaart, F.A. (2009), Pitts, J. & Jackson, T.O. (2007), Jackson, T. O. (2010), etc.

51 Ina theannta sin, tá EirGrid ar an eolas faoi mhéid suntasach taighde idirnáisiúnta maidir le bonneagar OHL ardvoltais agus luachanna réadmhaoine nach dtacaíonn le mórtionchar diúltach comhsheasmhach ar luachanna réadmhaoine cónaithe. Sa chás gur aimsíodh tionchar diúltach, is íseal a bhí sé i gcás réadmhaoine chónaithe agus ní raibh an-chuid de na torthaí sin suntasach ó thaobh staitistice de. Sa chás gur aimsíodh tionchar ar bith dá leithéid, bhain siad go ginearálta leis na céimeanna toilithe agus tógála, ach laghdaigh sé de ghnáth thar an tréimhse deich mbliana tar éis na tógála agus bhí sé teoranta do rianta a bhí caol den chuid ba mhó i ngarchomharsanacht na línte.

52 Áirítear le breathnuithe ábhartha eile ón taighde:

- Sa chás gur aimsíodh tionchar diúltach, ba mhó tionchar na dtúr ná tionchar na línte tarchuir, rud a leagann béim ar an ngné amhairc;
- Sa chás gur aimsíodh tionchar, laghdaigh a éifeacht go mear de réir mar a théitear amach ón mbonneagar OHL ardvoltais. Chuige sin, téann tionchar an bhonneagair OHL ardvoltais as radharc thart ar 150-200 méadar agus tá an tionchar is mó le feiceáil ag faid níos gaire fós;
- Is cosúil nár imir clúdach na meán ar shaincheisteanna sláinte a bhfuil méadú mór tagtha air ón mbliain 1992 i leith aon tionchar ar thorthaí taighde tar éis 1992 i gcomparáid leis an tréimhse roimh 1992;
- Níl gaireacht do bhonneagar OHL ardvoltais ach ar cheann amháin de mheascán casta athróg, a ndéanann ceannaithe iad go léir a mheas agus a ualú i gcónaí, amhail cáilíocht na talún, cóngarachacht don teaghlach, cóngarachacht d'áiseanna pobail, etc. Tá sé soiléir freisin ó na torthaí ar an taighde idirnáisiúnta nach breithniúchán ardtosaíochta do cheannaithe i roinnt mhaith cásanna i gcoibhneas na dtosca eile é láithreach an bhonneagair OHL ardvoltais sa chomharsanacht;
- Sa chás gur aimsíodh tionchar diúltach, laghdaíonn sé de ghnáth le himeacht ama agus, i roinnt cásanna, chuaigh sé as radharc tar éis deich mbliana. Bheadh páirt ag fás crann agus tor ansin. Toisc eile a luaitear a bheith freagrach as an laghdú ar thionchar le himeacht ama is ea íogaireacht laghdaithe i leith cóngarachacht an bhonneagair OHL ardvoltais in éagmais clúdach diúltach sna meáin agus poiblíocht dhiúltach; agus
- Luachmhéadaíonn ionaid réadmhaoine cóngarach do bhonneagar OHL ardvoltais ag an ráta céanna is a luachmhéadaíonn ionaid réadmhaoine atá suite ar shiúl ó bhonneagar OHL ardvoltais.

- 53 Ina theannta sin, is beag fianaise atá ar fáil sa taighde idirnáisiúnta a thugann le tuiscint go rachadh bonneagar OHL ardvoltais i bhfeidhm ar an luach ar ghnáthfheirmeacha in Éirinn toisc é a bheith i láthair. Breithniúcháin thábhachtacha ina leith sin is ea an éagsúlacht leathan idir feirmeacha agus an méid an-íseal talún atá ag teacht ar an margadh gach bliain.
- 54 San iomlán, thángthas ar an gconclúid go bhféadfadh go mbeadh tionchar diúltach beag i roinnt cásanna ar leith ar phraghsanna réadmhaoine le haghaidh ionaid réadmhaoine cónaithe díreach taobh leis an mbonneagar OHL ardvoltais nua. Mar sin féin, is dócha go laghdóidh an tionchar sin go mór nó go rachaidh sé as radharc go hiomlán le himeacht ama tar éis na tréimhse tógála. Níltear ag súil go rachfar i bhfeidhm ar phraghsanna talamh feirme ar chor ar bith.
- 55 Tá an taighde dá dtagraítear thuas liostaithe in **Aguisín 8**.

5.5.3 Tionscnaimh Grid25

- 56 I mí Eanáir 2014, d'fhoilsigh EirGrid roinnt tionscnamh a cuireadh i bhfeidhm chun dul i ngleic le téamaí éagsúla a dtagann chun cinn in aiseolas arna fháil maidir le mórthionscnaimh dá chuid. Tá na tionscnaimh sin le fáil ar www.eirgrid.com agus cuimsítear na nithe seo a leanas leo:

Anailís chuimsitheach faoin talamh a dhéanamh do thionscnaimh Grid Link agus Grid West. Beimid ag obair leis an bPainéal Neamhspleách Saineolaithe atá ceaptha ag an rialtas chun athbhreithniú a dhéanamh ar roghanna faoi thalamh agus lasnairde sula leanfaimid ar aghaidh chuig na chéad chéimeanna eile d'fhorbairt an tionscadail.

- 57 Tá an obair sin ar bun faoi láthair. Mar atá sonraithe i **Rannán 2.1.3** den tuarascáil seo, mheas an Painéal Saineolaithe Neamhspleácha (IEP) an Fhorbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV mar chuid den athbhreithniú agus bhí sé den tuairim go bhfuil an obair atá déanta go dtí seo ar an tionscadal ag luí leis na téarmaí tagartha atá leagtha síos go sonrach aige do thionscadail Grid West agus Grid Link. D'fhoilsigh an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (DCENR) an tuairim sin.

Ciste um Shochar Pobail a chur chun feidhme ina gcuimsítear ciste le haghaidh dúichí agus le haghaidh tithe cónaithe atá lonnaithe cóngarach do phiolóin agus do stáisiúin nua.

- 58 Sa *Government Policy Statement on the Strategic Importance of Transmission and Other Energy Infrastructure (Ráiteas Beartais an Rialtais faoin Tábhacht Straitéiseach a bhaineann le Tarchur agus Bonneagar Eile Fuinnimh)* a foilsíodh i mí Iúil 2012, leagadh béim ar an oiriúnacht a bhaineann le breithniúcháin sochar pobail a chur san áireamh i mórthionscadail bhonneagair. Sonraítear ann go bhféadann tionchar diúltach teacht chun cinn mar gheall ar imní faoin tionchar comhshaoil, amhail taitneamhacht amhairc agus sláinte agus

sábháilteacht, cé go mbeidh buntáistí dearfacha ag gabháil le tionscadail tarchuir faoi Grid25 agus le bonneagar riachtanach eile do phobail áitiúla chun buntacú le forbairt gheilleagrach réigiúnach agus le poist.

59 Tagtar ar an gconclúid sa Ráiteas Beartais:

“Measann an Rialtas nach mór tuilleadh béime a chur ar obair chomhoibíoch le pobail áitiúla agus le húdaráis áitiúla maidir le sochair thírdhreacha, bhithéagsúlachta agus chonláiste chathartha chun buntáistí fadtéarmacha a chur ar fáil do phobail. Dá bhrí sin, leagann an Rialtas béim ar a oiriúnaí atá sé go scrúdaíonn Cuideachtaí Stáit agus forbróirí tionscadail fuinnimh modh iomchuí chun breithniúcháin sochar pobail a chur san áireamh i mbuiséadú agus i bpleanáil tionscadail. Tacaíonn an Rialtas go hiomlán, mar sin de, le cur chuige sochar pobail chun bonneagar fuinnimh a sholáthar”. (lch 5)
[aistriúchán neamhoifigiúil]

60 Tacaíonn EirGrid chomh maith le cur chuige sochar pobail lena mórtionscadail bonneagair tharchuir a sholáthar. D’fhonn aitheantas a thabhairt do thionchar amhairc an bhonneagair tharchuir, tá meicníocht sochar pobail ag a bhfuil dhá ghné á beartú ag EirGrid:

(1) Íocaíocht don Phobal

61 Ciste aonuaire a gcuirfidh EirGrid €40,000 sa chiliméadar ar fáil di i leith pobal atá cóngarach do línte lasnairde 400 kV nua agus d’fhostáisiúin nua. Tá na mionsonraí sonracha le haghaidh riar an chiste seo le cur i gcrích go fóill; mar sin féin, tá sé beartaithe faoi láthair go ndéanfar an ciste a riar le hionchur díreach ó údaráis áitiúla ábhartha den cheantar, de líne nó d’fhostáisiún beartaithe, mar aon le comhlachtaí nó le heagraíochtaí ábhartha eile.

(2) Íocaíocht Gaireachta

62 Déanfar íocaíocht *ex-gratia* aonuaire le húnairí ionad réadmhaoine cónaithe áirithe (nó suíomhanna a bhfuil cead pleanála iomlán acu le haghaidh aonaid chónaithe) laistigh de chonair 200 méadar ó phiolín nua nó ó fhostáisiúin nua. I gcomhair 400 kV, dhéanfaí íocaíocht €30,000 le haghaidh tithe cónaithe ag 50 méadar ó lár na líne agus laghdódh sé sin (ar scála aistritheach) go €5,000 le haghaidh tithe cónaithe ag 200 méadar ó lár na líne. Tá mionsonraí sainiúla na híocaíochta sin, agus a riar ag EirGrid, le cur i gcrích i gcónaí agus an t-iarratas seo á chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála.

63 Mar a thugtar ar aird i **Rannán 5.5.1**, tá EirGrid ag iarraidh línte nua a shuí 50 m ar a laghad ó thithe cónaithe. I gcásanna eisceachtúla nach féidir an méid sin a bhaint amach iontu, rachaidh EirGrid i dteagmháil leis na húnairí réadmhaoine lena mbaineann ar bhonn aonair.

64 Tá sé beartaithe go gcuirfidh an cur chuige réamhghníomhach seo maidir le sochar pobail chun a mhórtionscadail tarchuir a fhorbairt le buntáistí fadtéarmacha a chur ar fáil do na pobail sin a mbeidh forbairt bonneagair straitéisigh náisiúnta den chineál sin lonnaithe iontu.

Leanúint de mhonatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí taighde agus faisnéis a sholáthar maidir le cúrsaí sláinte agus línte cumhachta.

64 Déanann EirGrid an gréasán tarchuir a dhearadh agus a oibriú ar na caighdeáin sábháilteachta is airde agus cloíonn sé leis na treoirlínte náisiúnta agus idirnáisiúnta is nuaí atá ann. Leanfaidh EirGrid de mhonatóireacht a dhéanamh ar an taighde agus ar na forbairtí is déanaí maidir le Réimsí Leictreacha agus Maignéadacha agus leis an tsláinte phoiblí, agus déanfar athbhreithniú leanúnach ar an gcumarsáid sa réimse sin agus cuirfear feabhas ar an gcumarsáid sin. Ina theannta sin, comhoibreoidh EirGrid go hiomlán le moltaí ar bith a thiocfaidh chun cinn ó athbhreithniú neamhspleách ar shábháilteacht EMF atá á dhéanamh faoi láthair ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Aghaidh a thabhairt go cuimsitheach ar na ceisteanna móra a thagann chun cinn a bhaineann, mar shampla, leis an turasóireacht, leis an talmhaíocht agus le cúrsaí eachaí.

- 65 Tá roinnt gealltanais ag deireadh na n-athbhreithnithe sin a bhaineann le céim forbartha de thionscadal agus le tógáil an tionscadail sin araon, lena n-áirítear:
- Cairt d'úinéirí talún a fhorbairt ina dtabharfar breac-chuntas soiléir ar leibhéal na gairmiúlachta agus an t-aga freagartha ina bhféadfadh úinéirí talún bheith ag súil go mbeadh freagra faighte acu ar a gcuid ceisteanna;
 - Oifigigh idirchaidrimh talmhaíochta, atá lonnaithe sa réigiún, a cheapadh chun comhthadhall a dhéanamh le húinéirí talún maidir le gach saincheist talmhaíochta agus eachaí sin i rith chéimeanna ar fad an tionscadail;
 - Lámhleabhar d'úinéirí talún a fhorbairt ina soláthrófar faisnéis agus ina dtabharfar aghaidh ar shaincheisteanna; agus
 - Pacáiste beart a fhorbairt chun dul i ngleic leis na hábhair imní phraiticiúla atá ag úinéirí talún agus ag gnóthais eachaí mar gheall ar thógáil an bhonneagair tarchuir leictreachais ar a dtailte. Ina measc siúd, áirítear bearta chun an tionchar ar an talamh agus ar an ngnóthas a laghdú an oiread is féidir, agus áireofar iontu soiléireacht maidir le cúiteamh.

Athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas comhairliúcháin atá againn le go mbeidh an pobal in ann páirt níos mó a ghlacadh ann amach anseo.

66 Faoi mar a tagraíodh dó freisin i **Rannán 2.1.4** den tuarascáil seo, tá doiciméad foilsithe le déanaí ag EirGrid: *Athbhreithniú agus Feabhas a chur ar ár bPróiseas Comhairliúcháin Phoiblí*. San athbhreithniú sin, féachadh ar chur chuige EirGrid i leith an chomhairliúcháin agus cuireadh an cur chuige sin i gcomparáid leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr i leith an chomhairliúcháin maidir le tionscadail bonneagair straitéisigh. Ina theannta sin, rinneadh achoimre ar an aiseolas a fuarthas ón bpobal, ó ionadaithe tofa agus ó na meáin maidir leis an gcomhairliúchán a rinneadh i ndáil leis na tionscadail ba mhó go príomha. Cuimsíodh leis an athbhreithniú sin athbhreithniú seachtrach ar chur chuige EirGrid i leith an chomhairliúcháin arna dhéanamh ag an Institiúid Chairte Eadránaithe agus ag SLR Consulting Limited araon.

67 Sainithníodh trí phríomhthéama san athbhreithniú, agus leagtar amach thíos iad:

- Téama 1: Cur chuige rannpháirteach a fhorbairt – *“bogfaimid i dtreo cur chuige atá níos dírithe ar an bpobal agus tionscadail leictreachais á bhforbairt – d’fhonn rannpháirtíocht níos mó na bpáirtithe leasmhara a chumasú ón tús”*.
- Téama 2: Ár gcultúr agus ár bpróiseas a athrú – *“athróimid an cultúr atá inár n-eagraíocht – d’fhonn caidrimh níos láidre a fhorbairt le páirtithe leasmhara agus le pobail”*.
- Téama 3: Ceannaireacht agus tacaíocht a spreagadh – *“lorgóimid tacaíocht ón gcóras polaitiúil agus ó chomhlachtaí stáit – d’fhonn saincheistanna a bhaineann le cúrsaí fuinnimh a mhíniú níos fearr agus d’fhonn na leasanna a bhaineann le córas níos láidre a shoiléiriú do chách”*.

68 Tá gach téama mar bhonn agus mar thaca ag roinnt gealltanais, agus tá sé mar aidhm leo sin ar fad cur chuige a áirithiú ionas gur próiseas comhoibríoch seachas próiseas achrannach atá sa phróiseas forbartha tionscadail. Tá sé beartaithe go gcuirfí an cur chuige feabhsaithe seo i bhfeidhm le haghaidh chéim forbartha an tionscadail agus ar bhonn leanúnach araon. Aithnítear san athbhreithniú gur gá am a chaitheamh chun gach gealltanais ar leith a scóipeáil agus a fhorbairt.

6 CONCLUÍDÍ

- 1 Ag féachaint do na cúinsí ábhartha ar bhain an Bord Pleanála leas astu chun teacht ar chinneadh, agus go háirithe:
 - a) ceanglais dhlí fuinnimh an AE agus bheartas fuinnimh an AE, agus go háirithe sainiú an idirnascaire a bheartaítear mar ‘Thionscadal Leasa Choitinn’ de bhun Rialachán Uimh. 347/2013;
 - b) forálacha *na Straitéise Spáis Náisiúnta d’Éirinn 2002-2020*, a fhéachann le gréasáin leictreachais sa réigiún a neartú;
 - c) forálacha “*Government Policy Statement on the Strategic Importance of Transmission and Other Energy Infrastructure*” (*Ráiteas Beartais an Rialtais faoin Tábhacht Straitéiseach a bhaineann le Tarchur agus Bonneagar Eile Fuinnimh*) a d’fhoilsigh an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha;
 - d) forálacha Pháipéar Bán an Rialtais *Delivering a Sustainable Energy Future for Ireland – The Energy Policy Framework 2007-2020* (*Todhchaí Inbhuanaithe Fuinnimh a Thabhairt d’Éirinn – An Creat Beartais Fuinnimh 2007-2020*);
 - e) forálacha Grid25, arb é an beartas um fhorbairt gréasáin tarchuir de chuid EirGrid, mar aon le forálacha *Grid25 Implementation Programme (Clár Forfheidhmithe Grid25)* agus an SEA a ghabhann leis;
 - f) *the Border Regional Authority Planning Guidelines 2010-2022 (Treoirlínte Pleanála Údarás Réigiúnach na Teorann, 2010-2022)*;
 - g) *Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2010-2022*;
 - h) *Plean Forbartha Chontae Mhuineacháin 2013-2019*;
 - i) *Cavan County Development Plan (Plean Forbartha Contae an Chabháin) 2014 – 2020*;
 - j) *Plean Forbartha Chontae na Mí 2013-2019*;
 - k) an gá taispeánta leis an bhforbairt a bheartaítear agus tairbhí na forbartha a bheartaítear, eadhon:
 - i. Iomaíocht a fheabhsú trí na srianta ar fheidhmiú éifeachtúil an mhargaidh aonair leictreachais uile-oileáin a laghdú.
 - ii. Daingneacht an tsoláthair a fheabhsú trí nasc iontaofa ardchumais a chur ar fáil idir an dá chuid den chóras tarchuir uile-oileáin.

- iii. Tacú le forbairt ar ghiniúint cumhachta in-athnuaite trí mhalairt sholúbtha na sreafaí cumhachta thar chuid mhór den oileán a fheabhsú.
 - iv. Ceantar thoir thuaidh na hÉireann a atreisiú.
- l) cineál agus láthair na forbartha a bheartaítear (lena n-áirítear an próiseas um breithniú ar roghanna eile a thug eolas don togra).
- 2 Agus aird á tabhairt ar chineál, ar scála agus ar shuíomh na forbartha a bheartaítear, ar an ngá léirithe atá leis an bhforbairt mar atá leagtha amach i mbeartais Eorpacha, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla agus i ndoiciméid teorach, agus ar bhreithnithe an Bhoird Pleanála ina chinntí a bhaineann le bonneagar tarchuir SID eile, meastar go mbeadh an fhorbairt a bheartaítear i gcomhréir le pleanáil chúí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair a mbeartaítear í a shuí ann.